



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2022
(OR. en)

6533/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0051(COD)**

**DRS 11
SUSTDEV 44
CODEC 207
IA 20
COMPET 118**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Feabhra 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 71 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaítheacht Chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 71 final.

Faoi iamh: COM(2022) 71 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2022
COM(2022) 71 final

2022/0051 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear
Treoir (AE) 2019/1937**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 95 final} - {SWD(2022) 38 final} - {SWD(2022) 39 final} -
{SWD(2022) 42 final} - {SWD(2022) 43 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Tá iompar cuideachtaí i ngach earnáil den gheilleagar rithabhachtach le go n-éireoidh leis an Aontas aistriú chuig geilleagar glas, neodrach ó thaobh na haeráide de¹, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip² agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, lena n-áirítear maidir lena chuspóirí a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhshaol. Chuige sin, is gá próisis maolaithe chuimsitheacha a chur chun feidhme maidir le tionchair dhíobhálacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ina slabhraí luacha, inbhuanaitheacht a chomhtháthú i gcórais rialachais chorparáidigh agus bainistíochta, agus cinntí gnó a chumadh i dtéarmaí chearta an duine, tionchar aeráide agus tionchar ar an gcomhshaol, chomh maith le hathléimneacht na cuideachta san fhadtárma.

Oibríonn cuideachtaí an Aontais i dtimpeallacht chasta agus, go háirithe cuideachtaí móra, bíonn siad ag brath ar shlabhraí luacha domhanda. I bhfianaise líon suntasach a gcuid soláthróirí san Aontas agus i dtríú tíortha agus a chasta atá slabhraí luacha ar an iomlán, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag cuideachtaí AE, lena n-áirítear na cinn mhóra, rioscaí ina slabhraí luacha a bhaineann le hurraim do chearta an duine nó tionchar ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mhaolú. Beidh sé níos éasca na drochthionchair sin ar shlabhraí luacha a shainaithint má fheidhmíonn níos mó cuideachtaí dícheall cuí agus ar an gcaoi sin beidh tuilleadh sonraí ar fáil maidir le tionchair dhíobhálacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol.

An nasc idir geilleagar an Aontais agus na milliúin oibrí ar fud an domhain trí shlabhraí luacha domhanda, tá sé de chúram air aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair ar chearta na n-oibrithe sin. Léirítear iarraidh shoiléir ó shaoránaigh an Aontais, go háirithe faoi chuimsiú na Comhdhála maidir le Todhchaí na hEorpa, go gcuirfeadh geilleagar an AE le dul i ngleic leis na tionchair dhíobhálacha sin agus le hiarmhairtí díobhálacha eile sa reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana nó atá le teacht maidir le cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil³, sna díospóireachtaí atá ar siúl ar an leibhéal náisiúnta agus sa ghlaio ar ghníomhaíocht ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. D'iarr an dá institiúid sin ar an

¹ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun neodracht aeráide a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus Rialachán (AE) 2018/1999 ('an Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid'), lena n-áirítear freisin sprioc cheangailteach chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéal 1990 faoi 2030.

² Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 final.

³ Go dtí seo, thug an Fhrainc (*Loi relative au devoir de vigilance, 2017*) agus an Ghearmáin (*Sorgfaltspflichtengesetz, 2021*) dlí cothrománach maidir le dícheall cuí isteach, tá sé beartaithe ag Ballstáit eile (an Bheilg, an Ísiltír, Lucsamburg agus an tSualainn) é sin a dhéanamh go luath amach anseo, agus thug an Ísiltír dlí níos spriocdhírthe isteach maidir le fostú páistí (*Wet zorgplicht kinderarbeidm 2019*).

gCoimisiún rialacha Aontais a mholadh le haghaidh oibleagáid díchill chuí thrasearnálaigh⁴. Ina nDearbhú Comhpháirteach maidir le Tosaíochtaí Reachtach AE do 2022⁵, tá gealltanais tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach geilleagar a fheidhmíonn do dhaoine a bhaint amach, lena n-áirítear an creat rialála maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a fheabhsú.

Trí úsáid a bhaint as na caighdeáin dheonacha idirnáisiúnta atá ann faoi láthair maidir le hiompar freagrach gnó,⁶ tá méadú ag teacht ar líon na gcuideachtaí san Aontas Eorpach agus tá dícheall cuí sa slabhra luacha á n-úsáid acu mar uirlis chun rioscaí a shainathint ina slabhra luacha agus chun an teacht aniar a chothú in aghaidh athruithe tobanna sna slabhraí luacha, ach d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag cuideachtaí freisin agus iad ag smaoineamh ar dhícheall cuí a dhéanamh sa slabhra luacha le haghaidh a gcuid gníomhaíochtaí. Mar shampla, d'fhéadfadh deacrachtaí den sórt sin a bheith mar thoradh ar easpa soiléireachta dlíthiúla maidir le hoibleagáidí díchill chuí chorparáideacha, castacht slabhraí luacha, brú margaidh, easpa faisnéise, agus costais. Mar thoradh air sin, níl tairbhí an díchill chuí forleathan i measc cuideachtaí Eorpacha ná in earnálacha eacnamaíocha éagsúla.

Tá an chuid is mó de na cuideachtaí móra ag cur próisis díchill chuí in úsáid de réir a chéile toisc gur féidir leo buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh⁷. Is freagairt é sin freisin ar an méadú atá ag teacht ar bhrú an mhargaidh ar chuideachtaí gníomhú go hinbhuanaithe toisc go gcabhraíonn sé leo rioscaí gan iarraidh clú a sheachaint vis-à-vis tomhaltóirí agus infheisteoirí atá ag éirí níos feasaí ar ghnéithe inbhuanaitheachta. Mar sin féin, tá na próisis sin bunaithe ar chaighdeáin dheonacha agus ní bhíonn deimhneacht dhlíthiúil ann do chuideachtaí ná d'íospartaigh i gcásanna ina ndéantar díobháil dá mbarr.

Ní cosúil gur tháinig feabhas mór ar fud na n-earnálacha mar thoradh ar ghníomhaíocht dheonach agus, mar thoradh air sin, tá seachtrachtaí diúltacha ó tháirgeadh agus ó thomhaltas an Aontais á gcomhlíonadh laistigh agus lasmuigh den Aontas araon. Tá baint ag cuideachtaí áirithe de chuid an Aontais le drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, lena n-áirítear ina slabhraí luacha⁸. I measc na n-iarmhairtí díobhálacha, áirítear, go háirithe,

⁴ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021 le moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach (2020/2129(INL)); Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta An Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, an 1 Nollaig 2020 (13512/20).

⁵ Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Tosaíochtaí Reachtach AE do 2022 (IO C 514I, 21.12.2021, lch. 1).

⁶ “Treoirphrionsabail maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme” (2011), ar fáil ag https://www.ohchr.org/Documents/Publications/GuidingPrinciplesBusinessHR_EN.pdf Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta (2011 nuashonrú), ar fáil ag: <https://doi.org/10.1787/9789264115415-en>, le sraith moltaí maidir le hiompar freagrach gnó, chomh maith le sainTreoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach (2018) agus treoir earnála ECFE, atá ar fáil ag: <https://mneguidelines.oecd.org/mneguidelines/>.

⁷ Féach an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo, lch. 15, 23.

⁸ An Staidéar maidir le dícheall cuí, an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Smit, L., Bright, C., et al., Study on due diligence requirements through the supply chain: Léirítear sa tuarascáil deiridh, Oifig na bhFoilseachán, 2020, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/39830>, lch. 221, go bhfuil na próisis mheasúnaithe riosca chorparáidigh ag díriú i gcónaí ar ábharthacht na rioscaí don chuideachta, in ainneoin treoir idirnáisiúnta (UNGPanna, OECD) lena soiléirítear nach mór do na rioscaí ábhartha maidir le dícheall cuí a bheith níos faide ná na rioscaí a bhaineann leis an

saincheisteanna maidir le cearta an duine amhail saothar éigeantais, saothar leanaí, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre neamhleor, dúshaothrú oibrithe, agus tionchair ar an gcomhshaol amhail astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú, nó cailliúint bithéagsúlachta agus díghrádú éiceachórais.

Le blianta beaga anuas, is léiriú iad creataí dlíthiúla atá ag teacht chun cinn maidir le dícheall cuí corparáideach sna Ballstáit⁹ ar an mian atá ag dul i méid tacú le cuideachtaí agus iad ag iarraidh dícheall cuí a dhéanamh ina slabhraí luacha agus iompar gnó a chothú lena n-urramaítear cearta an duine, cearta leanaí agus an comhshaol. Ar an lámh eile, fágann siad ilroinnt agus tá baol ann go mbainfí an bonn den chinnteacht dhlíthiúil agus de chothroime iomaíochta do chuideachtaí sa mhargadh aonair.

Le reachtaíocht an Aontais maidir le dícheall cuí corparáideach, thabharfaí urraim do chearta an duine agus cosaint an chomhshaoil chun cinn, chruthófaí cothrom iomaíochta do chuideachtaí laistigh den Aontas agus sheachnófaí ilroinnt a thiofadh as na Ballstáit ag gníomhú dóibh ina n-aonar. Chuimseofaí leis freisin cuideachtaí tríú tír atá ag feidhmiú i margadh an Aontais, bunaithe ar chritéar láimhdeachais comhchosúil.

I bhfianaise an méid sin, leagfar amach leis an Treoir seo creat cothrománach lena gcothófar an méid a chuireann gnólachtaí atá ag oibriú sa mhargadh aonair le hurraim a thabhairt do chearta an duine agus don chomhshaol ina n-oibriúcháin féin agus trína slabhraí luacha, trí shainaithint, cosc, maolú agus cuntas a thabhairt ar a n-iarmhairtí díobhálacha do chearta an duine, agus tionchair chomhshaoil, agus rialachas leordhóthanach, córais bhainistíochta agus bearta leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm acu chun na críche sin.

Go háirithe, déanfar an méid seo a leanas leis an Treoir seo:

- (1) cleachtais rialachais chorparáidigh a fheabhsú chun próisis bhainistithe riosca agus próisis mhaolaithe maidir le cearta an duine agus rioscaí agus tionchair chomhshaoil a chomhtháthú níos fearr, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as slabhraí luacha, i straitéisí corparáideacha;
- (2) ilroinnt cheanglais an díchill chuí sa mhargadh aonair a sheachaint Agus deimhneacht dhlíthiúil a chruthú do ghnólachtaí agus do gheallsealbhoirí maidir leis an iompraíocht agus leis an dlíteanas a bhfuiltear ag súil leo;
- (3) cuntasacht chorparáideach as drochthionchair a mhéadú, agus comhleanúnachas a áirithiú do chuideachtaí maidir le hoibleagáidí faoi thionscnaimh AE atá ann cheana agus atá beartaithe maidir le hiompar freagrach gnó;

gcuideachta sin a bhfuil tionchar acu orthu (sealbhoirí na gceart). Déantar doiciméadú maith ar thionchair dhiúltacha chorparáideacha mar thoradh ar an domhandú agus ar theip dícheall cuí a dhéanamh, idir thubaistí comhshaoil (féach <https://www.business-humanrights.org/en/blog/brumadinho-dam-collapse-lessons-in-corporate-due-diligence-and-remedy-for-harm-done/>) agus grabáil talún (féach [https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/578007/EXPO_STU\(2016\)578007_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2016/578007/EXPO_STU(2016)578007_EN.pdf)) agus sárúithe tromchúiseacha ar shaothar agus ar chearta an duine (féach [https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2014/538222/EPRS_BRI\(2014\)538222_REV1_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2014/538222/EPRS_BRI(2014)538222_REV1_EN.pdf)).

⁹ Féach fonóta 3.

- (4) feabhas a chur ar rochtain ar leigheasanna dóibh siúd atá thíos le cearta díobhálacha an duine agus leis an tionchar a bhíonn ag iompraíocht chorporáideach ar an gcomhshaol;
- (5) ós rud é gur ionstraim chothrománach í lena ndírítear ar phróisis ghnó, a mbeidh feidhm aici freisin maidir leis an slabhra luacha, comhlánóidh an Treoir seo bearta eile atá i bhfeidhm nó atá beartaithe, lena dtugtar aghaidh go díreach ar roinnt dúshlán sonrach inbhuanaitheachta nó a bhfuil feidhm acu i roinnt earnálacha sonracha, laistigh den Aontas den chuid is mó.

Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Ar leibhéal an Aontais, cothaíodh rialachas corparáideach inbhuanaithe go hindíreach den chuid is mó trí cheanglais tuairiscithe a fhorchur sa [Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais \(NFRD\)](#)¹⁰ ar thart ar 12 000 cuideachta¹¹ a bhaineann le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus cearta daonna, tionchair, bearta (lena n-áirítear dícheall cuí) agus beartais¹². Bhí tionchar dearfach ag NFRD ar fheabhas a chur ar oibriocht ghnó fhreagrach, ach níor leor an méid sin mar thoradh ar fhormhór na gcuideachtaí agus iad ag cur san áireamh a dtionchar díobhálach ina slabhraí luacha¹³.

Leis an [togra ón gCoimisiún le déanaí maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach a Thuairisciú \(CSRD\), lena ndéanfaí athbhreithniú ar NFRD](#),¹⁴ leathnófaí raon feidhme na gcuideachtaí atá cumhdaithe chuig gach cuideachta mhór agus gach cuideachta liostaithe¹⁵, d'éileodh sé iniúchadh (dearbhu) ar fhaisnéis thuairiscithe agus

¹⁰ Treoir 2014/95/AE lena leasaítear Treoir 2013/34/AE maidir le faisnéis neamhairgeadais agus éagsúlachta a bheith á nochtadh ag gnóthais mhóra agus grúpaí áirithe (IO L 330, 15.11.2014, lgh. 1-9). Dá bhrí sin, is leasú é NFRD ar an Treoir Chuntasaíochta, i.e. Treoir 2013/34/AE maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013).

¹¹ Eintitis leasa phoiblí mhóra a bhfuil níos mó ná 500 fostaí acu (agus ar mó ná tairseach na Treorach Cuntasaíochta tairseach na Treorach Cuntasaíochta d'fhiontair mhóra (agus a bhfuil iomlán a gcláir chomhardaithe nó a nglanláimhdeachas thar a gceann), lena n-áirítear cuideachtaí, bainc agus cuideachtaí árachais liostaithe. Féach Staidéar CEPS maidir leis an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, arna ullmhú don Choimisiún Eorpach chun tacú leis an athbhreithniú ar NFRD, Samhain 2020, ar fáil ag <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/1ef8fe0e-98e1-11eb-b85c-01aa75ed71a1/language-en>.

¹² Féach freisin roinnt forálacha de SRD II, i.e. Treoir (AE) 2017/828 lena leasaítear Treoir 2007/36/CE maidir le rannpháirtíocht scairshealbhóirí fadtéarmacha a spreagadh (IO L 132, 20.5.2017, lgh. 1-25).

¹³ Fuarthas amach sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an Treoir maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach a Thuairisciú (SWD/2021/150 final) agus sa Staidéar CEPS maidir leis an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (alt 2) go raibh athrú teoranta ar bheartais chorporáideacha mar thoradh ar NFRD, i gcomhréir leis an dearcadh atá ag na príomhpháirtithe leasmhara nach bhféadfadh patrún soiléir athraithe ar iompraíocht chorporáideach arna spreagadh ag na rialacha tuairiscithe sin a shainithint.

¹⁴ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (COM/2021/189 final).

¹⁵ Bheadh feidhm ag an oibleagáid maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta maidir le gach cuideachta mhór mar a shainmhínítear sa Treoir Chuntasaíochta (lena leasófaí an Treoir maidir le Comhroinnt Díchill)

neartódh sé caighdeánú na faisnéise tuairiscithe trí chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a ghlacadh¹⁶. Leis an Treoir seo, comhlánófar NFRD reatha agus na leasuithe atá beartaithe léi (togra le haghaidh TCSF) trí dhualgas corparáideach substainteach a chur ar roinnt cuideachtaí dícheall cuí a dhéanamh chun díobháil sheachtrach a eascraíonn as drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ar oibríochtaí na cuideachta féin, ar a fochuideachtaí agus sa slabhra luacha a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a chur san áireamh. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis an togra maidir le CSRD go dtugtar sainordú ann pleananna gnóthais a nochtadh chun a áirithiú go bhfuil a shamhail ghnó agus a straitéis ag teacht leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Tá dlúthnasc idir an dá thionscnamh agus beidh sineirgí mar thoradh orthu. Ar an gcéad dul síos, le bailiú ceart faisnéise chun críocha tuairiscithe faoin CSRD atá beartaithe, ní mór próisis a bhunú, a bhfuil dlúthbhaint aige le tionchair dhíobhálacha a shainaithint i gcomhréir leis an dualgas díchill chuí a bhunaítear leis an Treoir seo. Ar an dara dul síos, clúdófar an chéim dheireanach den dualgas díchill chuí, is é sin an chéim tuairiscithe, le haghaidh cuideachtaí a chumhdaítear freisin leis an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc. Ar an tríú dul síos, leis an Treoir seo leagfar oibleagáidí ar chuideachtaí an plean a chur i bhfeidhm lena n-áiríteofar go mbeidh an tsamhail ghnó agus an straitéis i gcomhréir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus go dteorannófar an téamh domhanda go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras a gceanglaítear ar CSRD tuairisciú ina leith. Dá bhrí sin, is é an toradh a bheidh ar an Treoir seo go mbeidh tuairisciú cuideachtaí níos iomláine agus níos éifeachtaí. Dá bhrí sin, cuirfidh comhlántacht le héifeachtacht na mbeart agus spreagfar athrú iompraíochta corparáide do na cuideachtaí sin.

Beidh an Treoir seo mar bhonn taca freisin leis an [Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe](#)¹⁷ (SFDR) a tháinig i bhfeidhm le déanaí agus a bhfuil feidhm aige maidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais (amhail bainisteoirí cistí infheistíochta agus bainisteoirí punainne, gnóthais árachais a dhíolann táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe agus gnóthais a sholáthraíonn táirgí éagsúla pinsin) agus comhairleoirí airgeadais. Faoin SFDR, ceanglaítear ar na gnóthais sin ráiteas a fhoilsiú, i measc nithe eile, maidir lena mbeartais díchill chuí i ndáil le drochthionchair phríomha a gcinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta ar bhonn comhlíonta nó mínigh. Ag an am céanna, i gcás cuideachtaí a bhfuil níos mó ná 500 fostaí acu, tá sé éigeantach ráiteas den sórt sin a fhoilsiú, agus tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh maidir leis na táscairí inbhuanaitheachta i ndáil leis na cineálacha éagsúla drochthionchair¹⁸.

agus, ó 2026 ar aghaidh, maidir le cuideachtaí (lena n-áirítear cuideachtaí neamh-AE ach gan na micrifhiontair uile a áireamh) atá liostaithe ar mhargaí rialáilte an AE.

¹⁶ Cuireadh tús le dréachtchaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a fhorbairt i gcomhthráth leis an bpróiseas reachtach i dtascfhórsa tionscadail a bhunaigh an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG) arna iarraidh sin don Choimisiún.

¹⁷ Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtáí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lgh. 1–16)

¹⁸ D'fhoilsigh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha a d'fhoilsigh a dTuarascáil Deiridh (ar fáil ag <https://www.esma.europa.eu/press-news/esma-news/three-european-supervisory-authorities-publish-final-report-and-draft-rts>) an 4 Feabhra 2021 don Choimisiún, lena n-áirítear na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le nochtadh faoin SFDR.

Ar an gcaoi chéanna, beidh an Treoir seo ina comhlánú ar an [Rialachán maidir le Tacsanomaíocht](#)¹⁹, uirlis trédhearcachta lena n-éascaítear cinntí maidir le hinfheistíocht agus lena gcuidítear le dul i ngleic le ní glas trí chatagóiriú infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha lena gcomhlíontar íoschosaint shóisialta freisin²⁰. Cumhdaítear leis an tuairisciú freisin coimircí íosta arna mbunú in Airteagal 18 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a thagraíonn do nósanna imeachta ba cheart do chuideachtaí a chur chun feidhme chun ailíniú a áirithiú le Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Innáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus iad i mbun gníomhaíochta eacnamaíche a aicmítear mar “inbhuanaithe”. Amhail NFRD agus an togra le haghaidh TTRB, ní fhorchuirtear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht dualgais shubstainteacha ar chuideachtaí seachas ceanglais maidir le tuairisciú poiblí, agus is féidir le hinfheisteoirí faisnéis den sórt sin a úsáid agus caipiteal a leithdháileadh ar chuideachtaí. Trí cheangal a chur ar chuideachtaí a rioscaí díobhálacha a shainaithint ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha ar fad, d'fhéadfadh an Treoir seo cabhrú le faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil do na hinfheisteoirí. Dá bhrí sin, comhlánaíonn sé an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ós rud é go bhféadfadh sé tuilleadh cúnamh a thabhairt d'infheisteoirí caipiteal a leithdháileadh ar chuideachtaí freagracha inbhuanaithe. Thairis sin, is féidir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (trí theanga choiteann a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe chun críocha infheistíochta) fónamh mar uirlis treorach do chuideachtaí chun maoiniú inbhuanaithe a mhealladh dá bpleananna gníomhaíochta ceartaithí agus dá dtreochláir.

Leis an Treoir seo, comhlánófar [Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint](#)²¹, ar creat dlíthiúil cuimsitheach é chun gach cineál dúshaothraithe san Aontas ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chomhrac go héifeachtach, go háirithe saothar éigeantach, teacht i dtír gnéasach, déirceáil, sclábhaíocht nó cleachtais atá cosúil le sclábhaíocht, daoirse nó dúshaothrú gníomhaíochtaí coiriúla, nó baint orgán. Bunaítear leis freisin dlíteanas daoine dlítheanacha i leith na gcionta dá dtagraítear sa Treoir sin arna ndéanamh chun a dtairbhe ag aon duine a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach nó arbh fhéidir leis an gcion a dhéanamh de dheasca easpa maoirseachta nó rialaithe. Déantar foráil freisin i dTreoir 2011/36/AE maidir le smachtbhannaí ar an duine dlítheanach atá faoi dhlíteanas.

¹⁹ 71 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088, IO L 198, 22.6.2020, lch. 13–43.

²⁰ Forbrófar an Tacsanomaíocht de réir a chéile. Tá feidhm ag coimircí sóisialta íosta maidir le gach infheistíocht atá incháilithe ó thaobh Tacsanomaíochta de.

²¹ Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15 Aibreán 2011, lch. 1).

Ina theannta sin, comhlánóidh an Treoir seo an [Treoir maidir le Smachtbhannaí Fostóirí](#)²², lena gcuirtear toirmeasc ar náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhrialta, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, a fhostú. Leis an Treoir maidir le Smachtbhannaí Fostóirí, leagtar síos caighdeáin íosta maidir le smachtbhannaí agus bearta eile atá le cur i bhfeidhm sna Ballstáit i gcoinne fostóirí a sháraíonn an Treoir.

Comhlánóidh an Treoir seo freisin ionstraimí díchill chuí earnála agus táirge-bhainteacha atá ann cheana nó atá beartaithe ar leibhéal an Aontais mar gheall ar a raon feidhme trasearnála agus a raon leathan tionchar inbhuanaitheachta a chumhdaítear:

Tá feidhm ag an [Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta](#)²³, mar a thugtar air, maidir le ceithre mhianraí agus miotail shonracha. Ceanglaítear leis ar chuideachtaí AE sa slabhra soláthair a áirithiú go n-allmhairíonn siad stán, tungstan, tantalam agus ór ó fhoinsí freagracha agus saor ó choinbhleacht amháin agus cuireann sé sásraí níos sonraí i bhfeidhm chun dícheall cuí a dhéanamh, e.g. iniúchadh neamhspleách tríú páirtí ar dhícheall cuí sa slabhra soláthair. Le forálacha na Treorach seo maidir le dícheall cuí, tugtar aghaidh freisin ar dhrochthionchair chomhshaoil agus beidh feidhm acu maidir le slabhraí luacha de mhianraí breise nach gcumhdaítear sa Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta ach a chruthaíonn drochthionchair ar chearta an duine, ar an aeráid agus ar an gcomhshaol.

Sa [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir le slabhraí soláthair saor ó fhoraoisiú](#)²⁴, dírithe ar shlabhraí soláthair tráchtearraí agus táirgí áirithe. Tá cuspóir an-sonrach aige, mar atá laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag tomhaltas agus táirgeadh AE ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoise ar fud an domhain. I réimsí áirithe, beidh a cheanglais níos saintreoraí i gcomparáid leis na dualgais díchill chuí i gcoitinne faoin Treoir seo. Áirítear leis freisin toirmeasc ar thráchtearraí áirithe agus ar tháirgí díorthaithe áirithe a chur ar an margadh mura féidir an ceanglas “dlíthiúil” agus an ceanglas “saor ó fhoraoisiú” a fhionnadh trí dhícheall cuí. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir leis na hoibreoirí uile a chuireann na táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais, lena n-áirítear cuideachtaí ón Aontas agus cuideachtaí nach cuideachtaí ón Aontas iad, gan beann ar a bhfoirm dlí ná a méid. Dá bhrí sin, cé go dtacaíonn cuspóirí foriomlána an dá thionscnamh go frithpháirteach, tá a gcuspóirí sonracha éagsúil. Leis an Treoir seo, comhlánófar an Rialachán maidir le táirgí saor ó fhoraoisiú trí dhícheall cuí sa slabhra luacha a thabhairt isteach a bhaineann le gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear leis an Rialachán maidir le táirgí saor ó fhoraoisiú ach a bhféadfadh dífhoraoisiú a bheith mar thoradh díreach nó indíreach orthu.

²² Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena bhforáiltear do chaighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta i gcoinne fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, (IO L 168, 30. Meitheamh 2009).

²³ Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhairí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de tungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017, lch. 1–20).

²⁴ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (COM(2021) 706 final).

Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an [togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin nua maidir le Cadhnaí](#)²⁵ an tionchar ar an gcomhshaol, ar an aeráid agus ar an tsochaí a laghdú le linn gach céim de shaolré na gcadhnaí, feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú, agus cothroime iomaíochta a áirithiú trí shraith choiteann rialacha. Ceanglaítear leis sin ar oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí tionsclaíocha nó leictreacha feithiclí (lena n-áirítear ceallraí atá ionchorpraithe i bhfeithiclí) atá níos mó ná 2 kWh ar mhargadh an Aontais, beartais díchill chuí sa slabhra soláthair a bhunú. Díríonn sé ar na hamhábhair sin a théann méid suntasach den táirgeadh domhanda isteach i monarú ceallraí agus a d'fhéadfadh drochthionchar sóisialta nó comhshaoil a bheith aige (cóbalt, graifít nádúrtha, litiam, agus nicil). Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha doiciméadacht chomhlíonta a thíolacadh le haghaidh fíorú tríú páirtí ag comhlachtaí dá dtugtar fógra agus beidh siad faoi réir seiceálacha ag na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh. Comhlánóidh an Treoir seo an Rialachán maidir le Cadhnaí trí dhícheall cuí sa slabhra luacha a thabhairt isteach a bhaineann le hamhábhair nach bhfuil cumhdaithe sa Rialachán sin ach gan deimhniú a bheith riachtanach chun na táirgí a chur ar mhargadh AE.

Is é is aidhm don [Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe \(SPI\)](#) atá le teacht athbhreithniú a dhéanamh ar an [Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht](#)²⁶ atá ann faoi láthair agus baineann sé ar bhonn níos leithne le hinbhuanaitheacht na dtáirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus le trédhearcacht na faisnéise a bhaineann leis sin.

Beidh ról ríthábhachtach ag an togra seo chun dul i ngleic le húsáid an tsaothair éigeantaigh sna slabhraí luacha domhanda. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain²⁷, tá togra reachtach nua á ullmhú ag an gCoimisiún lena gcuirfear toirmeasc éifeachtach ar tháirgí a dhéanann saothar éigeantais, saothar éigeantais leanaí san áireamh, a chur ar mhargadh an Aontais. Clúdóidh an tionscnamh nua táirgí intíre agus allmhairithe araon agus beidh toirmeasc ann le creat láidir, riosca-bhunaithe forfheidhmiúcháin. Cuirfidh an ionstraim nua le caighdeáin idirnáisiúnta agus comhlánóidh sí tionscnaimh chothrománacha agus earnálacha, go háirithe na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa togra seo.

Tá an Treoir seo gan dochar do chur i bhfeidhm ceanglas eile i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má bhíonn forálacha na Treorach seo i gcoinbhleacht le foráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghnímh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar mhéid na coinbhleachta agus ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin

²⁵ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 COM (2020) 798 final.

²⁶ Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10).

²⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe, COM(2022) 66 final.

Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá tábhacht ag baint leis an Treoir seo chun cuspóirí bhearta éagsúla an Aontais atá ann cheana agus atá beartaithe a chomhlíonadh i réimse chearta an duine, lena n-áirítear cearta saothair, agus i réimse an chomhshaoil.

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, tá tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe liostaithe ag an gCoimisiún i measc spriocanna insólathartha an [Phlean Gníomhaíochta maidir le Geilleagar Ciorclach](#), an [Straitéis Bithéagsúlachta](#), [Straitéis na Feirme go dtí an Forc](#), an [Straitéis Ceimiceán](#), [Nuashonrú ar Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020: Margadh Aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa](#), agus an [Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú](#).

Le dlí comhshaoil AE tugtar isteach ceanglais chomhshaoil éagsúla do chuideachtaí, do Bhallstáit, nó sainítear spriocanna don Aontas²⁸. Mar sin féin, ní bhíonn feidhm aige go ginearálta maidir le slabhraí luacha lasmuigh den Aontas ina bhféadfadh suas le 80-90 % de tháirgeacht AE tarlú²⁹. Bunaítear leis an [An Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil](#)³⁰ creat do dhlíteanas comhshaoil i ndáil le damáiste don chomhshaoil a chosc agus a leigheas bunaithe ar an bprionsabal “íoc mar a thuaillítear” le haghaidh oibríochtaí cuideachtaí féin. Ní chumhdaítear leis slabhraí luacha cuideachtaí. Comhlánóidh an dlíteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair chomhshaoil na Treorach seo an Treoir maidir le Dlíteanas Comhshaoil.

Leis an Treoir seo, comhlánófar reachtaíocht aeráide an Aontais, lena n-áirítear an Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid, lena leagtar síos uaillmhian aeráide an Aontais, agus sprioc idirmheánach de laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 chun an Eoraip a leagan amach ar bhealach freagrach chun a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Go sonrach, beidh an Treoir seo ina comhlánú ar an [bPacáiste “Fit for 55”](#)³¹ agus ar na príomhghníomhaíochtaí éagsúla a ghabhann leis, amhail spriocanna níos uaillmhianaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a leagan síos do na Ballstáit faoi 2030 nó [Córas Trádála Astaíochtaí an AE](#)³² a uasghrádú, ar

²⁸ Mar shampla, tugtar isteach leis teorainneacha ar scaoileadh truailleán áirithe, sainmhínítear leis spriocanna an AE (amhail Dlí Aeráide na hEorpa) nó leagtar síos spriocanna do Bhallstáit (amhail éifeachtúlacht fuinnimh), sainítear oibleagáidí do Bhallstáit (e.g. maidir le gnáthóga nádúrtha a chosaint), leagtar síos an t-inneachar íosta i nósanna imeachta údaraithe le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha (e.g. Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil), etc.

²⁹ Féach m.sh. Jungmichel, Norbert, Christina Schampel agus Daniel Weiss (2017): Atlas on Environmental Impacts – Slabhraí Soláthair – Tionchair Timpeallachta agus Spots Hot sa tSlabhra Soláthair, Adephi/Systain, ar fáil ag <https://www.adelphi.de/en/system/files/mediathek/bilder/Umweltatlas%20Lieferkette%20-%20adelphi-Systain-englisch.pdf>

³⁰ Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dlíteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lgh. 56-75).

³¹ Is éard atá sa phacáiste “Fit for 55” sraith tograí a ghlac an Coimisiún an 14 Iúil 2021 arb é is aidhm dóibh beartais aeráide, fuinnimh, talamhúsáide, iompair agus chánachais an AE a chur in oiriúint do laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 1990.

³² Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 (COM/2021/551 final).

gá bonn a chur fúthu le claochlú níos leithne ar phróisis táirgthe chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar fud an gheilleagair agus ar fud na slabhraí luacha. Ní bheidh feidhm ag an bPacáiste “Fit for 55” ach go hindíreach maidir le slabhraí luacha cuideachtaí neamh-AE de chuid cuideachtaí AE tríd an [Sásra um Coigeartú Teorann Carbóin \(CBAM\)](#)³³ a bhfuil sé d’aidhm aige cosc a chur ar “sceitheadh carbóin”³⁴ trí phraghas coigeartaithe carbóin a fhorchur ar tháirgí áirithe allmhairithe nach bhfuil faoi réir phraghas an charbóin a eascraíonn as Córas Trádála Astaíochtaí an AE.

Le [reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta an Aontais atá ann cheana, agus le reachtaíocht um chearta bunúsacha](#), díreann ar thionchair dhíobhálacha an-sonracha (amhail sárúithe ar an gceart chun príobháideachta agus chun sonraí a chosaint, idirdhealú, gnéithe sonracha sláinte a bhaineann le substaintí contúirteacha, bagairtí ar shláinte agus sábháilteacht oibrithe, sárúithe ar chearta an linbh, etc.) laistigh den Aontas³⁵ ach níl feidhm aici i ngach cás maidir le slabhraí luacha cuideachtaí lasmuigh den Aontas.

Tá an tionscnamh i gcomhréir le [Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024](#)³⁶, lena n-áirítear tiomantas don Aontas agus do na Ballstáit a rannpháirtíocht a neartú chun cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta maidir le hiompar freagrach gnó a chur chun cinn go gníomhach, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Dícheall Cuí. Tá sé comhsheasmhach le [Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh](#)³⁷, straitéis lena gcuirtear de cheangal ar an Aontas gan aon chaoinfhulaingt a ghlacadh i gcoinne saothar leanaí agus a áirithiú go bhfuil slabhraí soláthair chuideachtaí AE saor ó shaothar leanaí. I [Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025](#)³⁸, gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé togra reachtach ar aghaidh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe chun iompar corparáideach fadtéarmach, inbhuanaithe agus freagrach a chothú. Cuireann an tionscnamh freisin le spriocanna na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain³⁹, a ghlactar in éineacht leis an togra seo.

³³ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (COM(2021) 564 final).

³⁴ D’fhéadfadh méadú ar astaíochtaí domhanda a bheith mar thoradh ar “sceitheadh carbóin” mar thoradh ar uaillmhian mhéadaithe aeráide an AE. Le praghais coigeartaithe carbóin CBAM ar chineálacha áirithe táirgí allmhairithe ó earnáil an chruach iarainn, an alúmanaim, na stroighne, an leictreachais, an leictreachais agus na leasachán, bheadh cothrom na Féinne idir an tAontas agus táirgí allmhairithe.

³⁵ Faoi dhlí an AE, tá cearta íosta áirithe ag gach oibrí san AE a bhaineann le cosaint ar idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, reiligiún, aois, míchumas agus claonadh gnéasach, dlí an tsaothair (obair pháirtaimseartha, conarthaí ar théarma seasta, uaireanta oibre, fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo). Tá achoimre ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/summary/chapter/employment_and_social_policy.html?root_default=SUM_1_CODED%3D17&locale=en.

³⁶ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024 [Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024] (JOIN/2020/5 final).

³⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis an AE maidir le cearta an linbh (COM/2021/142 final).

³⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an AE chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025 (COM(2021) 171 final).

³⁹ (COM(2022)66 final).

Rannchuideoidh an Treoir seo le Colún Eorpach na gCearta Sóisialta toisc go gcuirtear chun cinn leo araon cearta amhail dálaí oibre cothroma⁴⁰. Pléifidh sí – thar a ghné sheachtrach – le sárú ar chaighdeáin saothair idirnáisiúnta nuair a tharlaíonn siad san Aontas (e.g. cásanna saothair éigeantais sa talmhaíocht). Dá bhrí sin, threiseodh sé freisin, go himmheánach, cosaint oibrithe san Aontas in éineacht leis an *acquis* sóisialta atá ann cheana agus rannchuideodh sé le mí-úsáidí a chosc agus a chomhrac laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát.

Dá bhrí sin, comhlánóidh an Treoir seo timpeallacht rialála an Aontais nach n-áirítear ann faoi láthair creat trédhearcach intuatha ar fud an Aontais a chabhraíonn le cuideachtaí AE i ngach earnáil den gheilleagar rioscaí agus tionchair inbhuanaitheachta a mheasúnú agus a bhainistiú i ndáil leis na croírioscaí do chearta an duine agus don chomhshaol, lena n-áirítear thar a slabhraí luacha.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 50 agus Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Foráiltear le hAirteagal 50(1) CFAE agus go háirithe le hAirteagal 50(2)(g) CFAE go ngníomhóidh an AE chun saoirse bhunaíochta a bhaint amach maidir le gníomhaíocht áirithe, go háirithe “*trí chomhordú a dhéanamh, a mhéid is gá, ar na coimircí a éilíonn Ballstáit cuideachtaí nó foirmeacha de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 54 CFAE, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, d’fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Aontais*”. Sampla de sin is ea bearta comhordaithe a bhaineann le leasanna scairshealbhóirí cuideachtaí agus páirtithe leasmhara eile a chosaint d’fhonn cosaint den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Aontais, i gcás ina gcuireann difríochtaí idir rialacha náisiúnta bac ar shaoirse bunaíochta⁴¹. Is féidir leas a bhaint as an bhforáil seo más é is aidhm dó cosc a chur ar theacht chun cinn constaicí atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo ar an tsaoirse bhunaíochta de thoradh na forbartha éagsúla ar dhlíthe náisiúnta. Caithfidh teacht chun cinn na mbacainní sin a bheith dóchúil agus ní mór an beart atá i gceist a dhearadh chun iad a chosc⁴².

Rialaítear leis an togra seo oibleagáidí díchill chuí cuideachtaí inbhuanaitheachta agus ag an am céanna cumhdaítear leis – a mhéid a bhaineann leis an dícheall cuí sin – dualgais stiúrtóirí corparáideacha agus córais bhainistíochta chorparáideacha chun dícheall cuí a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, baineann an togra le próisis agus le bearta chun leasanna chomhaltaí agus gheallsealbhóirí na gcuideachtaí a chosaint. Tá roinnt Ballstát tar éis

⁴⁰ E.g. Colún 10 de Chólún Eorpach na gCearta Sóisialta maidir le timpeallacht oibre shláintiúil, shábháilte agus oiriúnaithe agus Airteagal 7(b) An Cúntant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (féach an iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo) maidir le coinníollacha córa fabhracha ag an obair lena n-áirítear dálaí oibre atá sábháilte agus sláintiúil.

⁴¹ Meabhraítear, maidir le bearta rialachais chorparáidigh, go bhfuil reachtaíocht rite ag an Aontas cheana féin bunaithe ar an mbunús dlí céanna, e.g. Treoir I agus Treoir II maidir le Cearta Scairshealbhóirí.

⁴² Féach, mar shampla, Cás C 380/03 an Ghearmáin v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle [2006] ECR I-11573, mír 38 agus an cásdlí a luaitear.

reachtaíocht maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta a thabhairt isteach le déanaí⁴³, agus tá reachtaíocht nó breithniú á dhéanamh ag roinnt Ballstát eile faoi láthair⁴⁴. Chomh maith leis sin, tá méadú ag teacht ar líon na mBallstát atá ag rialáil an ábhair le déanaí trí cheangal a chur ar stiúrthóirí tionchair sheachtracha na cuideachta a chur san áireamh⁴⁵, mar aon le tús áite a thabhairt do leasanna na bpáirtithe leasmhara ina gcinntí⁴⁶, nó ráiteas beartais a ghlacadh maidir le straitéis na cuideachta um chearta an duine⁴⁷. Tá difríochtaí móra idir na dlíthe nua agus na dlíthe atá ag teacht chun cinn maidir le dícheall cuí san Aontas in ainneoin go bhfuil sé ar intinn ag na Ballstáit go léir tógáil ar na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana (Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine Caighdeáin ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach) agus, ar an gcaoi sin, eascraíonn ceanglais éagsúla astu. Tá reachtaíocht glactha ag Ballstáit áirithe, nó is dócha go nglacfaidh siad reachtaíocht atá teoranta d'ábhair inní ar leith maidir le hinbhuanaitheacht i slabhraí luacha⁴⁸. Tá an raon feidhme pearsanta, ceanglais shubstainteacha an díchill chuí, na córais forfheidhmiúcháin agus na dualgais a bhaineann leo éagsúil óna chéile agus d'fhéadfadh sé sin a dhéanamh níos mó fós amach anseo⁴⁹. Is féidir a bheith ag súil go ndéanfaidh Ballstáit eile cinneadh gan reachtaíocht a rith sa réimse seo. Dá bhrí sin, cruthaítear ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh le ceanglais atá an-éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an ilroinnt sin le himeacht ama.

Tá an baol ann freisin go mbeidh míchothrom iomaíochta ann do chuideachtaí laistigh den mhargadh inmheánach de bharr na hilroinnte sin. Ar an gcéad dul síos, tá cuideachtaí agus a stiúrthóirí – go háirithe iad siúd a bhfuil slabhraí luacha trasteorann acu – faoi réir ceanglas éagsúil cheana féin agus is dócha go mbeidh siad faoi réir ceanglas níos éagsúla ag brath ar an áit a bhfuil a suíomh cláraithe lonnaithe. Cruthaíonn sé sin saobhadh iomaíochta. Thairis sin, ag brath ar an gcaoi a struchtúraíonn siad a n-oibríochtaí sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfadh roinnt cuideachtaí teacht faoi raon feidhme dhá chreat náisiúnta dhlíthiúla éagsúla nó níos mó ag an am céanna a phléann siad le rialachas corparáideach inbhuanaithe⁵⁰. D'fhéadfadh dubailt ceanglas a bheith mar thoradh air sin, deacrachtaí maidir le comhlíonadh, easpa deimhneachta dhlíthiúla do chuideachtaí, agus fiú ceanglais dhlíthiúla chomhthreomhara

⁴³ Féach fonóta 3. Maidir le tíortha LEE, tá reachtaíocht maidir le dícheall cuí glactha ag an Iorua.

⁴⁴ An Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír (maidir le reachtaíocht níos leithne maidir le hiompar freagrach gnó). Tá feachtais sochaí sibhialta i bhfabhar reachtaíocht díchill chuí a thabhairt isteach in Éirinn, sa Spáinn agus sa tSualainn. In Iarscríbhinn 8 den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo tugtar forléargas mionsonraithe ar dhlíthe agus ar thionscnaimh na mBallstát/LEE.

⁴⁵ *Loi Pacte* na Fraince.

⁴⁶ Mar shampla, an Ísiltír.

⁴⁷ Féach *Sorgfaltspflichtengesetz* na Gearmáine).

⁴⁸ Mar shampla, le dlí na hÍsiltíre dá dtagraítear thuas, leagtar síos dícheall cuí cothrománach éigeantach i gcás ábhair inní maidir le saothar leanaí tríd an slabhra luacha iomlán. San Ostair, thar chuir páirtí polaitiúil dréachtbhille maidir le freagracht shóisialta i ndáil le saothar éigeantais agus saothar leanaí in earnáil an éadaigh.

⁴⁹ Tá difríocht mhór idir *Loi relative au devoir de vigilance* na Fraince agus *Sorgfaltspflichtengesetz* na Gearmáine ó thaobh riachtanais ábhair a bhaineann le raon feidhme pearsanta agus córas forfheidhmiúcháin.

⁵⁰ Mar shampla, de bhun *Sorgfaltspflichtengesetz* na Gearmáine, aon chuideachta a bhfuil oifig bhrainse aici agus ar a laghad 3000 fostaí sa Ghearmáin (1000 ó 2024) tagann siad faoi raon feidhme an dlí.

nach bhfuil ag teacht lena chéile. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé nach dtagann roinnt cuideachtaí faoi raon feidhme aon chreata náisiúnta ar an gcúis amháin nach bhfuil naisc ábhartha acu faoin dlí náisiúnta le dlínse Ballstáit a bhfuil rialacha maidir le dícheall cuí i bhfeidhm aige agus a bhfuil buntáiste á fháil ar an gcaoi sin thar a n-iomaitheoirí.

Tá an gníomh atá beartaithe ceaptha chun bacainní den sórt sin ar shaorghluaiseacht agus ar shaobhadh iomaíochta a chosc agus a bhaint trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar na ceanglais ar chuideachtaí dícheall cuí a chur i gcrích ina bhfeidhmiú féin, i bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha agus i ndualgais stiúthóirí gaolmhara. Mar thoradh orthu sin, beidh cothrom iomaíochta ann ina mbeidh cuideachtaí den mhéid chéanna agus a stiúthóirí faoi réir na gceanglas céanna chun rialachas corparáideach inbhuanaithe agus bearta díchill chuí chorporáidigh a chomhtháthú ina gcórais inmheánacha bainistíochta agus ar an gcaoi sin leasanna gheallsealbhóirí na cuideachta a chosaint ar an gcaoi chéanna. Rachadh coinníollacha comhchuibhithe chun tairbhe do bhunaíocht trasteorann lena n-áirítear oibríochtaí cuideachta agus infheistíochtaí freisin, ós rud é go n-éascófaí léi comparáid a dhéanamh idir riachtanais inbhuanaitheachta corparáideach agus go mbeadh rannpháirtíocht níos éasca agus, dá bhrí sin, níos saoire.

Is *lex specialis* é Airteagal 50 CFAE do bhearta arna nglacadh chun saoirse bunaíochta a bhaint amach. I measc na mbeart atá beartaithe, tá na bearta a bhaineann le rialachas corparáideach cuideachtaí faoin mbunús dlí seo, go háirithe dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais cuideachtaí, bearta maidir le plean cuideachtaí chun a áirithiú go bhfuil an tsamhail ghnó agus an straitéis ghnó comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus le téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus bearta luacha saothair gaolmhara, chomh maith le forálacha maidir le dualgas na stiúthóirí cúraim, agus dualgais na stiúthóirí i dtaca le dícheall cuí a bhunú agus a mhaoirsiú.

D'fhoill aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar na bacainní ar an margadh inmheánach a bhfuil tuairisc déanta orthu, tá Airteagal 50 CFAE mar aon leis an bhforáil ghinearálta d'Airteagal 114 CFAE i dteannta leis seo. Foráiltear le hAirteagal 114 CFAE do bhearta a ghlacadh maidir le comhfhogasú na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin atá ceaptha sna Ballstáit chun an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú. Féadfaidh reachtas an Aontais leas a bhaint as Airteagal 114 CFAE, go háirithe i gcás ina bhfuil difríochtaí idir na rialacha náisiúnta de chineál a chuirfeadh isteach ar shaoirsí bunúsacha nó a chruthódh saobhadh ar an iomaíocht agus, dá bhrí sin, a d'imreodh tionchar díreach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Mar a leagtar amach thuas, bíonn tionchar díreach ag na difríochtaí idir na rialacha náisiúnta maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus oibleagáidí díchill chuí ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar an tionchar sin amach anseo. Lasmuigh de na hábhair a rialaítear in Airteagal 50 CFAE, baineann an gníomh seo le réimsí eile a bhaineann le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Go háirithe, in éagmais gníomh reachtóir an Aontais, dhéanfaí táirgeadh agus gluaiseacht earraí agus seirbhísí a scátáil chun tairbhe dlínsí gan córais díchill chuí ar bith nó córais nach bhfuil chomh dian céanna, nó cuideachtaí atá bunaithe i ndlínsí den sórt sin, a mbeadh tionchar suntasach acu ar shreabhadh na n-earraí agus na seirbhísí. Ina theannta sin, beidh ar chuideachtaí a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí, go háirithe FBManna, aghaidh a thabhairt ar rialacha éagsúla agus ar ionchais éagsúla ó chustaiméirí atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla. Mar shampla, cé go bhféadfadh dlí Ballstáit amháin a cheangal ar an soláthróir iniúchtaí tríú páirtí a dhéanamh, féadfaidh Ballstát eile ceangal a chur ar an soláthróir céanna páirt a ghlacadh i scéimeanna aitheanta tionscail agus i dtionscnaimh il-gheallsealbhóirí. Féadfaidh Ballstát amháin a cheangal ar an gcuideachta dícheall cuí a dhéanamh i ndáil le caidreamh gnó seanbhunaithe agus ní fhéadfaidh an Ballstát eile ach na soláthróirí díreacha amháin a chumhdach.

D'fhágfadh sé sin go ndéanfaí ceanglais éagsúla a bheadh neamh-chomhoiriúnach go páirteach a iolrú, rud a dhéanfadh saobhadh ar shaorshreabhadh earraí agus seirbhísí san Aontas.

Tá sé intuartha go n-éireodh an saobhadh agus na tionchair sin níos tromchúisí le himeacht ama de réir mar a ghlacfaidh níos mó agus níos mó Ballstát dlíthe éagsúla náisiúnta nó d'fhéadfadh sé go mbeadh rás go bun i reachtaíocht an díchill chuí atá le teacht.

Tá saobhadh ábhartha freisin maidir le dliteanas sibhialta i gcás ina ndéantar díobháil i slabhra luacha cuideachta. Áirítear i roinnt creataí dlíthiúla náisiúnta maidir le dícheall cuí córas dliteanais shibhialta shainráite atá nasctha leis an mainneachtain dícheall cuí a chur i gcrích, cé go n-eisiatar córas sonrach maidir le dliteanas sibhialta go sainráite i gcuid eile díobh⁵¹. Tugadh roinnt cuideachtaí os comhair na gcúirteanna as drochthionchair a chosc ar leibhéal a bhfochuideachtaí nó a slabhraí luacha, nó as mainneachtain na drochthionchair sin a chosc. Is ar rialacha éagsúla sa lá atá inniu ann a chinntear cásanna den sórt sin. In éagmais rialacha comhchoiteanna, d'fhéadfadh torthaí difriúla a bheith mar thoradh ar chórais náisiúnta dliteanais éagsúla, ag brath ar cibé an bhfuil rialú úinéireachta (maidir le fochuideachtaí) nó rialú fíorasach ann (trí chonarthaí díreacha nó i gcás ina bhféadfadh an chuideachta rialú a fheidhmiú trí chascáid chonarthaigh nó trí ghíaráil eile i gcaidreamh gnó indíreach). Thiofadh saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach as an ilroinnt sin mar go mbeadh cuideachta atá lonnaithe i mBallstát amháin faoi réir éileamh damáistí mar gheall ar dhíobháil a dhéanfaí ina slabhra luacha agus bheadh cuideachta a bhfuil an slabhra luacha céanna aici díolmhaithe ón riosca airgeadais agus clú sin mar gheall ar rialacha náisiúnta éagsúla.

Shoiléireodh an córas dliteanais shibhialta atá beartaithe na rialacha a mbeadh feidhm acu i gcás ina ndéanfaí díobháil d'oibriú cuideachta féin, ar leibhéal a fochuideachtaí agus ar leibhéal an chaidrimh ghnó dhírigh agus indírigh sa slabhra luacha. Ina theannta sin, fónann an fhoráil atá beartaithe maidir leis an dlí is infheidhme don chuspóir chun cur i bhfeidhm na rialacha comhchuibhithe a áirithiú, lena n-áirítear maidir le dliteanas sibhialta, agus freisin i gcásanna nach é an dlí de chuid Ballstáit an dlí is infheidhme maidir leis an éileamh sin. Beidh sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, an chothroime iomaíochta is gá a áirithiú.

Coimhdeacht

Ar an gcéad dul síos, ní dócha go mbeidh reachtaíocht na mBallstát amháin leordhóthanach agus éifeachtúil. Maidir le fadhbanna sonracha trasteorann, amhail truailliú, athrú aeráide, bithéagsúlacht etc. cuirtear isteach ar ghníomhaíocht aonair i gcás easpa gnímh ag Ballstáit eile. Ní dócha go mbainfear amach gealltanais idirnáisiúnta amhail spriocanna Chomhaontú Pháras UNFCCC⁵² maidir leis an athrú aeráide, an Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, chomh maith le comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil eile arna ndéanamh ag na Ballstáit aonair ina n-aonar. Ina theannta sin, is minic a bhíonn éifeachtaí trasteorann (e.g. truailliú, slabhraí soláthair trasnáisiúnta agus slabhraí luacha) ag na rioscaí a eascraíonn as drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil.

⁵¹ Tá foráil maidir le dliteanas sibhialta san áireamh in *Loi relative au devoir de vigilance* na Fraince. Soiléiríonn Sorgfaltspflichtgesetz na Gearmáine nach n-eascróidh aon dliteanas sibhialta as sárú oibleagáide faoin dlí agus nach ndéantar difear do rialacha ginearálta maidir le dliteanas. Thairis sin, níl reachtaíocht náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta comhchuibhithe.

⁵² Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide

Ar an dara dul síos, tá go leor cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain; Leathnaíonn slabhraí luacha go Ballstáit eile an Aontais agus go dtí tríú tíortha de réir a chéile. Tá cuid mhór (38 %⁵³) de chaipitliú margaidh iomlán na gcuideachtaí móra liostaithe Eorpacha ag infheisteoirí institiúideacha a infheistíonn thar theorainneacha, agus dá bhrí sin tá úinéireacht trasteorann ag go leor cuideachtaí agus bíonn tionchar ag rialacháin i dtíortha áirithe nó easpa gníomhaíochta i dtíortha eile ar a gcuid oibríochtaí. Is é sin ceann de na cúiseanna a bhfuil drogall ar chuideachtaí ceannródaíocha céimeanna breise a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta lena n-áirítear iad siúd sna slabhraí luacha atá ann faoi láthair⁵⁴ agus a iarraidh go mbeadh cothrom iomaíochta trasteorann ann.

Ar an tríú dul síos, tá gá ag cuideachtaí a fheidhmíonn ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus níos faide i gcéin le deimhneacht dhlíthiúil agus cothrom iomaíochta le haghaidh a bhfás inbhuanaithe. Tá roinnt Ballstát tar éis reachtaíocht maidir le dícheall cuí⁵⁵ a thabhairt isteach le déanaí, cé go bhfuil cuid eile acu i mbun reachtaíochta nó breithniú ar ghníomh⁵⁶. Tá ceanglais éagsúla ann cheana féin ag rialacha na mBallstát atá ann faoi láthair agus iad siúd atá á n-ullmhú, agus bheadh ceanglais éagsúla ann dá mbarr, ar ceanglais iad a mbeadh na rioscaí neamhéifeachtúil iontu agus a mbeadh míchothrom iomaíochta mar thoradh orthu. Tá éifeachtaí indíreacha suntasacha ag difríochtaí idir dhlíthe díchill chuí ar na soláthraithe a sholáthraíonn do chuideachtaí éagsúla a thagann faoi dhlíthe éagsúla, ós rud é go n-aistrítear na hoibleagáidí go hiarbhrí go clásail chonartha. I gcás ina bhfuil difríocht mhór idir na ceanglais maidir le dícheall cuí i measc na mBallstát, cruthaíonn sé sin éiginnteacht dhlíthiúil, ilroinnt an Mhargaidh Aonair, costais bhreise agus castacht bhreise do chuideachtaí agus dá n-infheisteoirí atá ag feidhmiú thar theorainneacha chomh maith le geallsealbhóirí eile. Is féidir le gníomhaíocht AE an méid sin a sheachaint agus dá bhrí sin tá breislúach ag baint léi.

Ar deireadh, i gcomparáid le gníomhaíocht aonair ag na Ballstáit, is féidir le hidirghabháil AE guth láidir Eorpach a áirithiú maidir le forbairtí beartais ar an leibhéal domhanda⁵⁷.

Comhréireacht

Tá an t-ualach ar chuideachtaí a eascraíonn as costais chomhlíonta, curtha in oiriúint do mhéid na n-acmhainní atá ar fáil agus don phróifíl riosca. Ní bheidh ar chuideachtaí ach bearta iomchuí a dhéanamh atá i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena

⁵³ Tagann an líon sin ón Measúnú Tionchair a rinneadh ar an Treoir maidir le Cearta Scairshealbhóirí II.

⁵⁴ E.g. tá iallach curtha ar Danone le déanaí costais infheisteoirí a laghdú ar fhorais easpa brabúis ghearrthearmaigh, féach an t-alt *Can Anglo-Saxon activist investors whip Danone into shape?* ar fáil ag <https://www.economist.com/business/2021/02/20/can-anglo-saxon-activist-investors-whip-danone-into-shape>.

⁵⁵ Féach fonóta3.

⁵⁶ Féach fonóta44.

⁵⁷ In 2014, chinn Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine meitheal idir-rialtasach oscailte (OEIGWG) a bhunú maidir le corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair ghnó eile i leith chearta an duine, a mbeidh sainordú aici ionstraim cheangailteach dlí idirnáisiúnta (LBI) a fhorbairt chun gníomhaíochtaí corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair ghnó eile a rialú sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. In 2021, d'eisigh OEIGWG an tríú dréacht athbhreithnithe de LBI maidir le gníomhaíochtaí gnó agus cearta an duine, lena n-áirítear bearta díchill chuí agus dlíteanas corparáideach i leith sáruithe ar chearta an duine.

n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh gnó shonraigh agus an tionchar atá ag an gcuideachta air sin, agus an gá atá ann a áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht. Chun na críche sin, rinneadh an t-ábhar agus an raon feidhme pearsanta, agus na forálacha forfheidhmiúcháin, a shrianadh mar a mhínítear a thuilleadh thíos.

Maidir le “raon feidhme pearsanta” na n-oibleagáidí díchill chuí (i.e. na catagóirí gnó a chumhdaítear), fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) lena n-áirítear micreachuideachtaí agus arb ionann iad ar an iomlán agus thart ar 99 % de na cuideachtaí uile san Aontas, déantar iad a eisiamh ón dualgas díchill chuí. Maidir leis an gcatagóir sin cuideachtaí, bheadh an t-ualach airgeadais agus riaracháin a bhaineann le próiseas díchill chuí a chur ar bun agus a chur chun feidhme réasúnta ard. Den chuid is mó, níl sásraí díchill chuí ar bun acu cheana féin, níl aon fhios gnó acu, tá sainphearsanra acu, agus bheadh tionchar díréireach ag an gcostas a bhaineann le dícheall cuí a dhéanamh orthu. Beidh siad, áfach, faoi lé cuid de na costais agus an t-ualach trí chaidreamh gnó le cuideachtaí atá faoi raon feidhme mar táthar ag súil go gcuirfidh cuideachtaí móra éilimh ar aghaidh chuig a gcuid soláthróirí. Dá bhrí sin, beidh gá le bearta tacaíochta chun cabhrú le FBManna acmhainn oibríochtúil agus airgeadais a fhorbairt. Cuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó, ceanglaítear orthu freisin tacú leo na ceanglais díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmhathanacht an FBM i mbaol. Ina theannta sin, ní chumhdaíonn slabhra luacha na hearnála airgeadais FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas. Ag an am céanna, mar riail ghinearálta, beidh neamhchosaint FBM aonair ar dhrochthionchair inbhuanaitheachta níos ísle ná neamhchosaint na gcuideachtaí móra. Dá bhrí sin, beidh cuideachtaí an-mhór⁵⁸ laistigh de raon feidhme na hoibleagáide maidir le dícheall cuí iomlán, agus toisc go bhfuil próisis áirithe i bhfeidhm ag a lán díobh cheana e.g. mar gheall ar oibleagáidí tuairiscithe. Go háirithe, déanfaidh na critéir maidir le láimhdeachas a roghnaíodh scagadh ar na cinn sin a bhfuil an tionchar is mó acu ar gheilleagar an Aontais. Ina theannta sin, leagtar síos leis an Treoir seo bearta chun teorainn a chur leis an ualach a chuirtear ar na cuideachtaí móra sin chuig na soláthraithe beaga sa slabhra luacha agus chun ceanglais chothroma, réasúnacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha a úsáid i leith FBManna.

A mhéid a bhaineann le cuideachtaí a bhfuil láimhdeachas níos ísle agus níos lú fostaithe⁵⁹ acu, tá an oibleagáid maidir le dícheall cuí teoranta do na cuideachtaí sin atá gníomhach in earnálacha ardtionchair go háirithe agus atá cumhdaithe ag an am céanna faoi threoir earnála ECFE atá ann cheana⁶⁰. Ina theannta sin, in ainneoin go gcumhdaíonn treoir ECFE an earnáil airgeadais, níl sí san áireamh sna hearnálacha ardtionchair mar gheall ar a sainiúlachtaí. Is é is aidhm don teorannú seo cothromaíocht a chruthú idir an leas a bhaineann le cuspoirí na Treorach a bhaint amach agus an t-ús san ualach airgeadais agus riaracháin ar chuideachtaí a

⁵⁸ Cuideachtaí móra faoi dhliteanas teoranta ina bhfuil níos mó ná 500 fostaí agus glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún.

⁵⁹ Cuideachtaí móra faoi dhliteanas teoranta a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu agus glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún ach nach sáraíonn ag an am céanna an 500 fostaí agus an glanláimhdeachas EUR 150 milliún de ghlantairseacha láimhdeachais, chomh maith le cuideachtaí tríú tíortha a bhfuil foirm dhlíthiúil inchoimparáide acu a bhfuil glanláimhdeachas EUR 40 go 150 milliún acu san AE.

⁶⁰ D’fhorbair ECFE treoir earnála den sórt sin chun comhlíonadh éifeachtach Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta a chur chun cinn. Féach liosta na ndoiciméad teorach earnála ag: [Http://mneguidelines.oecd.org/sectors/](http://mneguidelines.oecd.org/sectors/).

íoslaghdú. Simpleofar oibleagáid an díchill chuí do na cuideachtaí sin toisc nach ndíreodh siad ach ar dhrochthionchair thromchúiseacha atá ábhartha dá n-earnáil. Thairis sin, ní bheidh feidhm ag an oibleagáid maidir le dícheall cuí maidir leo go dtí 2 bliana tar éis dheireadh na tréimhse trasuímh don Treoir seo lena gceadófar na próisis agus na nósanna imeachta is gá a bhunú agus leas a bhaint as comhar sa tionscal, as forbairtí teicneolaíochta, as caighdeáin, etc., ar dócha go spreagfar iad faoin dáta cur chun feidhme níos luaithe do chuideachtaí móra.

A mhéid a chumhdaítear cuideachtaí tríú tír leis an Treoir seo freisin, ní hionann na critéir a úsáidtear chun raon feidhme na gcuideachtaí AE agus cuideachtaí neamh-AE a chumhdaítear, ach a áirithiú nach mbeidh cuideachtaí tríú tír níos dóchúla go dtiocfaidh siad faoin raon feidhme. Maidir leo, úsáidtear tairseach ghlan láimhdeachais (EUR 150 milliún do ghrúpa 1 agus EUR 40 milliún do ghrúpa 2), ach is gá an láimhdeachas sin ar fad a ghiniúint san Aontas. Ní mór do chuideachtaí AE, ar a uain, glanláimhdeachas EUR 150 milliún a ghintear ar fud an domhain a bheith acu agus ní mór dóibh critéar fostaithe a chomhlíonadh chomh maith (os cionn 500 fostaí i ngrúpa 1 agus os cionn 250 fostaí i ngrúpa 2). Tá údar maith leis an difríocht sin sna critéir a úsáideadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cruthaíonn critéar láimhdeachas an AE do chuideachtaí tríú tíortha nasc leis an AE. Ní bheidh údar le láimhdeachas a ghintear san Aontas ach amháin ós rud é go gcruthaíonn tairseach den sórt sin, calabraithe go hionchuí, nasc críochach idir na cuideachtaí tríú tír agus an tAontas de bharr na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin ar mhargadh inmheánach AE, rud is leor chun go mbeidh feidhm ag dlí an Aontais maidir le cuideachtaí tríú tír.
- Chomh maith leis sin, bunaíodh cheana leis an Treoir maidir le Tuairisciú de réir Tíre – leasú ar an Treoir Chuntasaíochta – na modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh do chuideachtaí neamh-AE, cé nach ann do mhodheolaíocht den sórt sin chun líon fostaithe na gcuideachtaí tríú tír a ríomh. Is léir ón taithí a fuarthas ar dhlí na Fraince lena rialaítear dícheall cuí gur deacair líon na bhfostaithe (ar fud an domhain) a ríomh, mura bhfuil sainmhíniú coiteann ann ar fhostaí⁶¹, rud a chuireann bac ar na cuideachtaí tríú tír atá cumhdaithe ag an raon feidhme a shainaithint, rud a chuireann cosc ar fhorfheidhmiú éifeachtach na rialacha.
- Dá n-úsáidfi critéir d'fhostaithe agus critéir láimhdeachais araon do chuideachtaí an AE, d'áiritheofaí ailíniú níos fearr leis an togra le haghaidh Treoir maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach a thuairisciú ar cheart í a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar bhearta díchill chuí agus ar bheartas do chuideachtaí an AE.
- Cé go gcumhdófar leis an Treoir tuairim is 13 000 cuideachta de chuid an Aontais⁶², bunaithe ar mheastacháin an Choimisiúin, ní chumhdóidh sí ach thart ar 4 000 cuideachta tríú tír⁶³. Ní dócha go n-athróidh cuideachtaí de chuid an Aontais na coinníollacha iomaíochta i margadh inmheánach an AE ach amháin má shroicheadh

⁶¹ Maidir leis an Aontas, féach mar shampla Airteagal 5 den Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le sainmhíniú ar mhicreachuideachtaí, ar chuideachtaí beaga agus ar chuideachtaí meánmhéide (2003/361/CE) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁶² I ngrúpa 1: 9 400 cuideachta, i ngrúpa 2: 3 400 cuideachta.

⁶³ I ngrúpa 1: 2 600 cuideachta, i ngrúpa 2: 1 400 cuideachta. Tá an mhodheolaíocht a úsáidtear chun líon na gcuideachtaí tríú tír a ríomh mínithe sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo.

siad an teorainn íosta maidir le líon na bhfostaithe: Is é an toradh a bheidh ar an dá chritéar mhéide is infheidhme maidir le cuideachtaí AE, fiú dá mbeadh siad carnach, go gcumhdófar cuideachtaí atá réasúnta níos lú i gcomparáid le cuideachtaí neamh-AE toisc go gcuirfear glanláimhdeachas iomlán na cuideachta san áireamh ina gcás féin.

Ar deireadh, tá sé d'acmhainn ag cuideachtaí móra tríú tíortha a bhfuil láimhdeachas ard acu san Aontas dícheall cuí a chur chun feidhme agus bainfidh siad tairbhe as na buntáistí a bhaineann le dícheall cuí ina gcuid oibríochtaí in áiteanna eile. I ngach gné eile, cumhdaítear cuideachtaí tríú tír faoi rialacha an díchill chuí ar an gcaoi chéanna lena gcontrapháirtithe AE (mar shampla maidir leis an gcóras is infheidhme maidir le cuideachtaí a oibríonn in earnálacha ardtionchair agus maidir le céim chomhionann sa tréimhse le haghaidh na gcuideachtaí sin). Tá comhchuibhiú dhualgais stiúrthóirí teoranta do chuideachtaí AE amháin, agus dá bhrí sin beidh oibleagáidí níos srianta ar chuideachtaí tríú tír.

Tá an “raon feidhme ábhartha” dírithe agus struchtúrtha go príomha ar oibleagáid chorparáideach an díchill chuí agus cumhdaíonn sé cearta an duine agus na drochthionchair sin ar an gcomhshaol ar féidir iad a shainmhíniú go soiléir i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta roghnaithe. Le dualgais na stiúrthóirí atá beartaithe, áirithítear dlúthnasc leis na hoibleagáidí díchill chuí agus, dá bhrí sin, tá siad riachtanach le go mbeidh an dícheall cuí éifeachtach. Ar dhualgais na stiúrthóirí tá soiléiriú ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh stiúrthóirí an dualgas cúraim chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta.

Tá forfheidhmiú éifeachtach an dualgais díchill chuí rithabhachtach chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Déanfar foráil leis an Treoir seo do mheascán smachtbhannaí agus dliteanais shibhialta.

Maidir le forfheidhmiú príobháideach trí dhliteanas sibhialta, úsáidtear cur chuige difriúil maidir le hoibríochtaí na cuideachta féin agus a fochuideachtaí ar thaobh amháin agus maidir le caidreamh gnó ar an taobh eile. Go háirithe, ní bhaineann dliteanas sibhialta ach le caidrimh ghnó sheanbhunaithe a bhfuil súil ag cuideachta gaol marthanach a bheith aici leo, i bhfianaise dhéine nó fhad na gaolmhaireachta sin agus nach cuid diomaibhseach de shlabhra luacha na cuideachta iad ná nach bhfuil iontu ach cuid choimhdeach de shlabhra luacha na cuideachta. Níor cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas as mainneachtain díobháil a chosc nó a scor ar leibhéal caidrimh ghnó indíreacha má d'úsáid sí cascáidí agus urrús conarthach agus má chuir sí bearta i bhfeidhm chun comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú, ach amháin má bhí sé míréasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil go mbeadh an ghníomhaíocht a rinneadh iarbhrí, lena n-áirítear i ndáil le comhlíonadh a fhíorú, leordhóthanach chun méid an drochthionchair a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun críche nó a íoslaghdú. Ina theannta sin, le linn measúnú a dhéanamh ar marthain agus ar mhéid an dliteanais, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithe a cuireadh ar fáil, chomh maith le haon chomhoibriú le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dhíobhálacha ina slabhraí luacha.

Cuirfidh an cur chuige seo i leith dliteanais shibhialta teorainn freisin leis an riosca maidir le dlíthíocht iomarcach.

Ní théann na bearta a bhaineann le forfheidhmiú poiblí an dualgais díchill chuí thar a bhfuil riachtanach. Soiléirítear leis an Treoir seo nach mór aon smachtbhanna a fhorchuirtear mar gheall ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí díchill chuí a bheith comhréireach. Má shainaithníonn na húdaráis phoiblí a imscrúdaíonn an bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh ag an gcuideachta mainneachtain comhlíonta, ba cheart tréimhse iomchuí ama a thabhairt don

chuideachta ar dtús chun gníomhaíocht feabhais a dhéanamh. Leagtar amach sa Treoir líon teoranta smachtbhannaí ar cheart feidhm a bheith acu i ngach Ballstát ach fágтар faoi na Ballstáit é próiseas forfheidhmithe comhréireach a áirithiú, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad bunaithe ar láimhdeachas na cuideachta lena áirithiú go mbeidh siad ar leibhéal comhréireach.

Ina theannta sin, ní bhaineann costais neamhriachtanacha don Aontas, do rialtais náisiúnta, d'údaráis réigiúnacha ná d'údaráis áitiúla leis an Treoir seo. Fágfaidh an Treoir sin faoi na Ballstáit conas an forfheidhmiú a eagrú. Is féidir leis na húdaráis atá ann cheana maoirseacht a dhéanamh. Na costais a laghdú (mar shampla agus maoirseacht á déanamh ar chuideachtaí tríú tíortha atá gníomhach i mBallstáit éagsúla) agus feabhas a chur ar mhaoirseacht, comhordú, imscrúdú agus malartú faisnéise, bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta.

Ceadaítear leis an Treoir seo comhar cuideachta, úsáid scéimeanna tionsclaíocha agus tionscnaimh il-gheallsealbhóra chun costas comhlíonta na Treorach seo a laghdú do chuideachtaí.

An rogha ionstraime

Is Treoir an ionstraim atá beartaithe, ós rud é gurb é Airteagal 50 CFAE an bunús dlí do reachtaíocht maidir le dlí na gcuideachtaí maidir le leasanna chomhaltaí cuideachtaí agus daoine eile a chosaint d'fhonn cosaint den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Aontais. Le hAirteagal 50 CFAE, ceaglaítear ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle gníomhú trí bhithin teoracha.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena leagtar síos na critéir maidir le tuairisciú ag cuideachtaí tríú tíortha maidir le dícheall cuí.

D'fhonn tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí agus d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá i gcomhairle le comhlachtaí Eorpacha ábhartha, comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar chur chun feidhme díchill chuí, agus comhlachtaí eile, treoirlínte a eisiúint. Féadfar treoirlínte a úsáid freisin chun achoimre a thabhairt ar chlásail chonartha eiseamláireacha neamhcheangailteacha ar féidir le cuideachtaí iad a úsáid agus an oibleagáid ina slabhra luacha á cascáidiú.

Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún bearta tacaíochta eile a chur i bhfeidhm lena bhforbraítear gníomhaíochtaí agus uirlisí an Aontais atá ann cheana chun tacú le cur chun feidhme díchill chuí laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha geallsealbhóirí a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus tacú le FBManna a ndéanann an Treoir seo difear dóibh ar bhealaí eile. Féadfar é sin a chomhlánú tuilleadh le hionstraimí an Aontais maidir le comhar um fhorbairt chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha a thugann aghaidh ar thionchair dhíobhálacha chearta an duine agus ar an gcomhshaol a n-oibriúcháin agus caidreamh gnó réamhtheachtach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le rialáil níos fearr, réachtáladh roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin.

- An measúnú tionchair tosaigh (treochlár), a fuair 114 aiseolas;
- An comhairliúchán poiblí oscailte⁶⁴, a fuair 473 461 freagra agus 122.785 síniú ó na saoránaigh, ar cuireadh a bhformhór isteach trí fheachtais ag baint úsáide as ceistneoirí réamhlíonta, agus 149 pháipéar seasaimh;
- Comhairliúchán tiomnaithe leis na comhpháirtithe sóisialta;
- Roinnt ceardlann agus cruinnithe le páirtithe leasmhara, e.g. cruinniú den Sainghrúpa Neamhfhoirmiúil um Dhlí na gCuideachtaí, arb iad acadóirí dhlí na gcuideachtaí (ICLEG) den chuid is mó, cruinniú le hionadaithe na mBallstát sa Sainghrúpa maidir le Dlí na gCuideachtaí (CLEG); agus
- Comhdhálacha agus cruinnithe le comhlachais ghnó, le gnólachtaí aonair, lena n-áirítear ionadaithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus neamhbhrabúsacha, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail ECFE.

Ar an iomlán, léirigh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin go n-admhaítear go forleathan i measc na bpáirtithe leasmhara go bhfuil gá le creat dlíthiúil AE le haghaidh dícheall cuí⁶⁵. Go háirithe, d'iarr cuideachtaí móra ar fud an bhoird go ndéanfaí comhchuibhiú níos fearr i réimse an díchill chuí chun deimhneacht dlíthiúil a fheabhsú agus cothroime iomaíochta a chruthú. Mheas comhlachais na saoránach agus na sochaí sibhialta go raibh an creat rialála atá ann faoi láthair neamhéifeachtach chun cuntasacht chorpáraídeach a áirithiú as tionchair dhiúltacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol.

Bhí formhór mór na bhfreagróirí sa chomhairliúchán poiblí oscailte, an chuid is mó de na Ballstáit rannpháirteacha san áireamh, i bhfabhar cur chuige cothrománach maidir le dícheall cuí thar chur chuige earnáilsonrach nó téamach⁶⁶. Chuir cuideachtaí in iúl go raibh eagla orthu go mbeadh míbhuntáistí iomaíochta ann i leith cuideachtaí tríú tír nach bhfuil na dualgais chéanna orthu. Dá réir sin, d'aontaigh formhór na bhfreagróirí gur cheart go mbeadh feidhm ag rialacha an díchill chuí freisin maidir le cuideachtaí tríú tír nach bhfuil bunaithe san AE ach a dhéanann gníomhaíochtaí ar scála áirithe san AE⁶⁷.

Maidir le sásra forfheidhmiúcháin a ghabhann le dualgas díchill chuí éigeantaigh, chuir gach grúpa geallsealbhóirí a thug freagra ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte in iúl gurb é an

⁶⁴ Achoimre ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte don tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12548-Sustainable-corporate-governance/public-consultation_en.

⁶⁵ Mar shampla, mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí oscailte, thacaigh eagraíochtaí neamhrialtasacha leis an ngá le beart a dhéanamh le 95.9 %, cuideachtaí le 68.4 % (cuideachtaí móra le 75.5 %, FBManna le 58.7 %) agus comhlachais ghnó le 59.6 %.

⁶⁶ Cé gurbh fhearr le 97.2 % de na heagraíochtaí neamhrialtasacha cur chuige cothrománach, rinne na cuideachtaí ar an iomlán 86.8 %, FBManna san áireamh (81.8 %), chomh maith le comhlachais gnó (85.3 %). Is fíor sin freisin do fhreagróirí na mBallstát.

⁶⁷ D'aontaigh 97 % de na freagróirí leis an ráiteas sin (eagraíochtaí neamhrialtasacha 96.1 %, comhlachais ghnó 96.5 %, cuideachtaí 93.8 %, FBManna san áireamh 86.4 %). Aontaíonn freagróirí uile na mBallstát leis an ráiteas seo freisin.

chuid is mó den mhaoirseacht a dhéanann údaráis inniúla náisiúnta sásra comhair/comhordaithe AE an rogha is oiriúnaí⁶⁸.

Mheas formhór na bhfreagróirí i ngach grúpa páirtithe leasmhara gurb iad rialacha ceangailteacha a bhfuil spriocanna acu an rogha is mó costais, ach chomh maith leis sin ba iad na buntáistí is mó ar an iomlán. Cé go raibh tionchar dearfach ag an gcuid is mó de na freagróirí ar thríú tíortha, tá eagla ar fhoghrúpa freagróirí go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag rialacha an díchill chuí ar thríú tíortha dá mbeadh ar chuideachtaí atá ag infheistiú i dtríú tíortha a bhfuil cearta an duine lag acu, lena n-áirítear cosaint shóisialta agus saothair, agus cosaint an chomhshaoil, tarraingt siar ó na tíortha sin.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir leis an straitéis chomhairliúcháin agus conclúidí na gcomhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar fáil in Iarscríbhinn 2 den tuarascáil ar an measúnú tionchair.

Bailiú agus úsáid saineolais

Chun tacú leis an anailís ar na roghanna éagsúla, bhronn an Coimisiún conarthaí tacaíochta ar shaineolaithe seachtracha chun staidéar a dhéanamh ar cheanglais an díchill chuí tríd an slabhra soláthair⁶⁹ agus chun staidéar a dhéanamh ar dhualgais stiúthóirí agus ar rialachas corparáideach inbhuanaithe⁷⁰. D'oibrigh na saineolaithe sin i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún i rith chéimeanna difriúla an staidéir.

Chomh maith leis na staidéir thacaíochta sin, aithníodh go raibh saineolas breise ar fáil trí thaighde litríochta agus trí na freagraí a fuarthas sna comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

Chomh maith leis na staidéir tacaíochta thuasluaite, cruinnithe grúpa saineolaithe agus comhairliúcháin le geallsealbhóirí, thug an Coimisiún aird ar leith ar an rún ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus ar na Conclúidí ón gComhairle. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021, cuireadh moltaí ar fáil don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach, lena n-iarrtar ar an gCoimisiún rialacha AE a mholadh le haghaidh oibleagáid chuimsitheach maidir le dícheall cuí corparáideach. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda an 1 Nollaig 2020, iarradh ar an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh creat dlíthiúil de chuid an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí díchill chuí thrasearnálaigh feadh slabhraí luacha domhanda.

Measúnú tionchair

San anailís sa mheasúnú tionchair tugadh aghaidh, sa chiall is leithne, ar an bhfadhb a eascraíonn as an ngá le hinbhuanaitheacht a threisiú i gcórais rialachais corparáidigh agus i

⁶⁸ Ina dhiaidh sin bhí an rogha maidir le forfheidhmiú breithiúnach le dliteanas (49 %) agus maoirseacht ag údaráis náisiúnta inniúla bunaithe ar ghearáin faoi neamhchomhlíonadh smachtbhannaí éifeachtacha (44 %).

⁶⁹ Féach an tagairt i bhfonóta 8.

⁷⁰ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúthóireacht an Cheartais agus na dTomhaltóirí, Staidéar ar dhualgais na stiúthóirí agus rialachas corparáideach inbhuanaithe: final report, [an tuarascáil deiridh] Oifig na bhFoilseachán, 2020, <https://data.europa.eu/doi/10.2838/472901>.

gcórais bhainistíochta, lena mbaineann dhá ghné: (1) nach ndéantar leasanna na ngeallsealbhóirí ná rioscaí (inbhuanaitheacht) a bhaineann le geallsealbhóirí do chuideachtaí a chur san áireamh go leordhóthanach i gcórais agus i gcinntí bainistíochta riosca corparáideacha; (2) nach maolaíonn cuideachtaí a dtionchar díobhálach ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol go leordhóthanach, nach bhfuil rialachas, córais bhainistíochta ná bearta leordhóthanacha acu chun a dtionchar díobhálach a mhaolú.

Tar éis roghanna beartais éagsúla a chur san áireamh go príomha i réimsí dhualgais díchill chuí chorparáidigh agus dualgais stiúrthóirí, moladh sa mheasúnú tionchair pacáiste tosaíochta de roghanna beartais thar thrí ghné: Dícheall cuí corparáideach, dualgais na stiúrthóirí agus luach saothair, a chomhlánaíonn a chéile.

Cuireadh an dreachtmheasúnú tionchair faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála sa Choimisiún an 9 Aibreán 2021. Tar éis don Bhord tuairim dhiúltach a thabhairt, cuireadh measúnú tionchair athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird chun an dara tuairim a fháil an 8 Samhain 2021. Cé go dtugann an Bord dá aire an t-athbhreithniú suntasach a rinneadh ar an tuarascáil mar fhreagairt ar an gcéad tuairim ón mBord, d'eisigh an Bord an dara tuairim dhiúltach an 26 Samhain 2021⁷¹, inar leagadh béim ar an ngá atá le treoir pholaitiúil i dtaobh an bhféadfadh an tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe leanúint tuilleadh, agus na coinníollacha faoina bhféadfaí. Choinnigh an Bord a thuairim dhiúltach toisc gur mheas sé nár tugadh aghaidh go leordhóthanach sa tuarascáil ar an measúnú tionchair (1) ar an tuairisc ar an bhfadhb agus go bhfuil fianaise dhiongbháilte ann nach léiríonn gnólachtaí AE, go háirithe FBManna, gnéithe inbhuanaitheachta go leordhóthanach cheana féin nó nach bhfuil dóthain dreasachtaí acu chun é sin a dhéanamh; (2) raon feidhme roghanna beartais a chur i láthair agus príomhroghanna beartais a shainathint nó a mheasúnú go hiomlán; (3) measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar bhealach iomlán, cothrom agus neodrach agus neamhchinnteacht maidir le réadú sochar a léiriú, agus (4) comhréireacht rogha na tosaíochta a léiriú.

Dá bhrí sin, d'fhonead aghaidh a thabhairt ar na barúlacha faoi dhara tuairim dhiúltach an Bhoird, tá an measúnú tionchair á chomhlánú le doiciméad inmheánach oibre maidir leis an obair leantach ar thuairim an Bhoird ina dtugtar soiléirithe breise agus fianaise bhreise ar na réimsí inar chuir an Bord moltaí sonracha maidir le feabhsuithe ar fáil.

De réir rialacha an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr, tá gá le tuairim dhearfach ón mbord um Ghrinnscrúdú Rialála chun comhad a chur ar aghaidh chuig céim an ghlactha. Mar sin féin, is féidir leis an Leas-Uachtarán um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus Foresight leanúint ar aghaidh leis na hullmhúcháin do thionscnamh a bhí faoi réir an dara tuairim dhiúltach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála. Is tábhachtach a aibhsiú freisin gurb é atá i dtuairimí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála measúnú ar cháilíocht an mheasúnaithe tionchair seachas measúnú ar na tograí reachtacha gaolmhara.

Ina theannta sin, i bhfianaise chomhaontú an Leas-Uachtaráin um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus Foresight, mheas an Coimisiún go bhfuil sé tráthúil leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh ar na cúiseanna seo a leanas:

⁷¹ SEC(2022)95

- *tábhacht pholaitiúil* an tionscnaimh seo do thosaíocht pholaitiúil an Choimisiúin maidir le “Geilleagar a oibríonn do dhaoine”, lena n-áirítear i gcomhthéacs an phacáiste maidir le maoiniú inbhuanaithe agus an Comhaontú Glas don Eoraip agus
- *práinn na gníomhaíochta* i réimse an díchill chuí sa slabhra luacha mar rannchuidiú leis an aistriú inbhuanaitheachta, agus chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeidh ilroinnt an Mhargaidh Aonair ag dul i méid, chomh maith leis an tuairim
- leis an *soiléiriú breise agus an fhianaise bhreise* a tugadh, tugadh aghaidh go sásúil ar easnaimh an mheasúnaithe tionchair a shainaithin an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála agus breithníodh iad sa togra dlí oiriúnaithe.

Maidir lena thábhachtaí agus a phráinní atá sé, thug an Coimisiún dá aire freisin gur áiríodh an tionscnamh sna Comhthosaíochtaí Polaitiúla do 2022 ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún.

Tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar thorthaí an Bhoird agus tar éis machnamh a dhéanamh ar na soiléirithe breise agus ar an bhfianaise bhreise a cuireadh ar fáil, measann an Coimisiún go gceadaítear leis an togra, a ndearnadh athbhreithniú suntasach air i gcomparáid leis an bpacáiste de roghanna beartais a cuireadh chun cinn sa mheasúnú tionchair, dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh i dtreo an chuspóra fhoriomláin chun leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun cur leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus chun iompar corparáideach fadtéarmach, inbhuanaithe agus freagrach a chothú. Tá an Treoir níos dírithe agus níos spriocdhírithe i gcomparáid leis an rogha thosaíochta a leagtar amach sa dréachtmheasúnú tionchair. Tá an oibleagáid maidir le dícheall cuí mar chroílár leis an oibleagáid díchill chuí, agus ag an am céanna dualgaís na stiúrthóirí a laghdú go suntasach trí iad a nascadh go dlúth leis an oibleagáid maidir le dícheall cuí. Ina theannta sin, déantar raon feidhme an díchill chuí a oiriúnú. Tá tuairisc mhionsonraithe ar na hoiriúnuithe a rinneadh ar phacáiste rogha tosaíochta an mheasúnaithe tionchair ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an togra seo ina gcuirtear i láthair an obair leantach ar thuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála agus faisnéis bhreise.

I mbeagán focal, laghdaíodh go suntasach an “raon feidhme pearsanta”, i.e. cé na catagóirí gnó a chumhdaítear, tar éis machnamh a dhéanamh ar thuairimí an Bhoird maidir le cur síos ar an bhfadhb, go háirithe maidir le FBManna, agus maidir le comhréireacht rogha na tosaíochta. Go nithiúil, tá FBManna eisiata go hiomlán ón raon feidhme agus tá cumhdach na n-earnálacha ardtionchair aistrithe chuig cuideachtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu agus níos mó ná EUR 40 milliún de ghlanláimhdeachas domhanda (cé go gcumhdaítear leis an raon feidhme cuideachtaí móra a sháraíonn an 500 fostaí agus na teorainneacha glanláimhdeachais EUR 150 milliún ar fud an domhain ag an am céanna, beag beann ar a n-earnálacha gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Sainítear na hearnálacha ardtionchair go díreach sa téacs, agus ar an gcaoi sin déantar machnamh freisin ar thuairimí an Bhoird maidir le teicníc reachtach. Tá an sainmhíniú ar earnálacha ardtionchair teoranta d’earnálacha a bhfuil baol mór drochthionchair ag baint leo agus a bhfuil treoir ECFE ann ina leith. I gcás cuideachtaí lárchaipitlithe in earnálacha ardtionchair, tiocfaidh na rialacha i bhfeidhm tar éis idirthréimhse dhá bhliain chun tréimhse oiriúnaithe níos faide a cheadú. Ina theannta sin, níl oibleagáidí díchill chuí na gcuideachtaí sin teoranta ach amháin d’iarmhairtí tromchúiseacha atá ábhartha dá n-earnáil.

Chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach go héifeachtach, cuimsíonn raon feidhme an togra seo cuideachtaí ó thríú tíortha. Ní chumhdaítear ach na cuideachtaí neamh-AE sin a bhfuil nasc díreach acu le margadh an Aontais, agus a chomhlíonann an tairseach chéanna láimhdeachais atá ag cuideachtaí AE ach laistigh de mhargadh an Aontais. Thairis sin, beidh

na hoibleagáidí céanna orthu maidir le dícheall cuí agus a bheidh ar na cuideachtaí AE faoi seach.

Léirítear sa Treoir freisin go bhfuil gá le tacaíocht inrochtana phraiticiúil do chuideachtaí, go háirithe do FBManna sa slabhra luacha, chun ullmhú do na hoibleagáidí (nó na héilimh a d'fhéadfaí a chur ar aghaidh chucu go hindíreach). D'fhéadfaí a áireamh leis sin treoir phraiticiúil agus uirlisí tacaíochta amhail beolinte, bunachair sonraí nó oiliúint, mar aon le faireachlann a bhunú chun cabhrú le cuideachtaí an Treoir a chur chun feidhme. Thairis sin, déantar tagairt shainráite sa chlásal athbhreithnithe do raon feidhme pearsanta na Treorach (i.e. cumhdach na gcatagóirí gnó), ar cheart athbhreithniú a dhéanamh uirthi i bhfianaise na taithí praiticiúla a fuarthas agus an reachtaíocht á cur i bhfeidhm. Tá bearta maolaithe eile chun an tionchar indíreach ar FBManna a laghdú mar chuid d'oibleagáidí cuideachtaí faoi raon feidhme na Treorach seo.

Maidir leis an raon feidhme ábhartha (i.e. cad atá cumhdaithe), coinníodh ionstraim thrasearnálach a chumhdaíonn cearta an duine agus tionchair ar an gcomhshaol. Léirítear leis sin an comhaontú láidir i measc grúpaí páirtithe leasmhara go bhfuil gá le creat cothrománach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sainaitheanta.

Ina theannta sin, dúirt an Bord nach bhfuil an measúnú tionchair soiléir go leor faoin ngá atá le dualgais stiúirthóirí a rialáil sa bhreis ar cheanglais an díchill chuí. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí imeacht ó phacáiste na roghanna tosaíochta sa mheasúnú tionchair agus trí dhírú ar ghné dhualgais na stiúirthóirí, i bhfianaise na gcaighdeán idirnáisiúnta atá ann cheana⁷², maidir le dícheall cuí agus dualgas cúraim. Cuimsíonn sé sin dualgais stiúirthóirí a bhaineann le cur chun feidhme na bpróiseas agus na mbeart díchill chuí chorpáraideach a chur ar bun agus maoirseacht a dhéanamh orthu, cód iompair a bhunú chun na críche sin chomh maith le dícheall cuí a chomhtháthú sa straitéis chorpáraideach. D'fhoneann ról na stiúirthóirí a léiriú go hiomlán i bhfianaise na n-oibleagáidí maidir le dícheall cuí corparáideach, tá soiléiriú á dhéanamh freisin ar dhualgas ginearálta cúraim na stiúirthóirí don chuideachta, atá i láthair i ndlí cuideachtaí na mBallstát uile, ar choinníoll, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta, gur cheart do na stiúirthóirí aird a thabhairt ar chúrsaí inbhuanaitheachta an togra le haghaidh Treoir maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, cearta an duine, athrú aeráide agus iarmhairtí comhshaoil, lena n-áirítear i dtréimhsí gearra, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Níor cloíodh le dualgais shonracha stiúirthóirí a cuireadh chun cinn sa mheasúnú tionchair. Áiríteofar leis sin go mbainfear amach cuspóir an togra ach go bhfanfaidh sé comhréireach.

Maidir le barúlacha an Bhoird, tá mínithe cuimsitheacha ar na roghanna beartais a rinneadh sa Mheabhrán Míniúcháin seo agus in aithrisí an togra reachtaigh. Cé gur athraíodh an measúnú tionchair a cuireadh faoi bhráid an Bhoird agus tuairim an Bhoird, ullmhaíodh Doiciméad Inmheánach Oibre ar leith a ghabhann leis chun fianaise bhreise agus soiléirithe breise a sholáthar a leanann as barúlacha an Bhoird, lena n-áirítear maidir le fianaise. Tugtar aghaidh sa doiciméad seo ar an méid seo a leanas go háirithe:

1. Tuairisc ar an bhfadhb:

⁷² Féach fonóta6.

- scála agus éabhlóid na bhfadhbanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta a bhfuil baint dhíreach acu le neamhláithreacht nó úsáid neamhleor cleachtas bainistíochta inbhuanaitheachta corparáideach ag cuideachtaí AE a rachaidh an Treoir seo i ngleic leo agus an breisluach a ghabhann leis an Treoir i ndáil leis an bpacáiste cuimsitheach beart chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn faoin Margadh Glas;
 - an fáth a meastar nach leor an dinimic mhargaidh agus an dinimic iomaíoch mar aon le tuilleadh forbartha ar straitéisí corparáideacha agus ar chórais bainistíochta riosca na gcuideachtaí agus maidir leis an nasc cúisíoch a thiomhdítear a bheith idir uirlisí inbhuanaitheachta corparáideacha a úsáid agus an éifeacht phraiticiúil atá acu chun dul i ngleic leis na fadhbanna;
2. Tionchar na rogha tosaíochta:
- saincheisteanna a bhaineann le tríú tíortha, barúlacha (i) maidir le forbairtí a bhfuiltear ag súil leo i dtríú tíortha a chomhtháthú (lena n-áirítear bearta trádála agus forbartha idirnáisiúnta agus AE a chur san áireamh), (ii) ar an tionchar ar thríú tíortha agus ar sholáthraithe i dtríú tíortha;
 - an sásra forfheidhmithe, lena gcuirtear tuilleadh leis an mbreisluach a bhaineann le córas forfheidhmithe décholúnach a chuireann le forfheidhmiú riaracháin agus le dlíteanas sibhialta;
 - tionchair ar iomaíocht agus ar iomaíochas.

Oiriúnacht rialála agus simpliú

Níl fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear micrifhiontair, san áireamh sa raon feidhme agus maolófar éifeachtaí indíreacha orthu trí bhearta tacaíochta agus treoirlínte ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát agus sa chaidreamh gnó go gnó le húsáid clásail chonarthacha eiseamláireacha agus le ceanglais chomhréireachta don chomhpháirtí gnó is mó.

Ceartha bunúsacha

Mar a mhínítear sa mheasúnú tionchair agus bunaithe ar fhianaise atá ann cheana, d'fhéadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag ceanglais éigeantacha díchill chuí chun ceartha bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí díreacha do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta chun cuidiú le cur chun feidhme na Treorach seo. Beidh an Líonra sin comhdhéanta d'ionadaithe na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus i gcomhar, i gcás inar gá, le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na cuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí, chun comhordú agus cóineasú cleachtas rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus maoirseachta, agus comhroinnt faisnéise i measc na n-údarás maoirseachta sin a éascú agus a áirithiú.

Seacht mbliana tar éis dheireadh na tréimhse trasuímh, tuairisceoidh an Coimisiún ar chur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear, i measc gnéithe eile, a héifeachtacht. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí.

D'fhonn soiléireacht agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na treorach, eiseoidh an Coimisiún treoir, i gcás inar gá.

Doiciméid mhíniúcháin

Chun go bhféadfaí cur chun feidhme cuí na Treorach seo a áirithiú, bheadh gá leis an doiciméad míniúcháin, e.g. i bhfoirm táblaí comhghaoil.

Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Leagtar amach in Airteagal 1 ábhar na Treorach, i.e. leagtar síos rialacha maidir le hoibleagáidí díchill chuí ag cuideachtaí i ndáil le drochthionchair iarbhir agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, le hoibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus le hoibríochtaí an tslabhra luacha a dhéanann caidrimh ghnó bhunaithe; Sonraítear san fhoráil freisin go mbunaítear leis an Treoir seo rialacha maidir le dliteanas i leith sárúithe ar oibleagáid an díchill chuí.

Bunaítear le hAirteagal 2 raon feidhme pearsanta chur i bhfeidhm na Treorach agus leagtar amach ann na critéir ar a bhfuil Ballstát inniúil chun rialáil a dhéanamh ar ábhair a chumhdaítear sa Treoir seo.

Tá sainmhínithe in Airteagal 3 chun críche na Treorach seo.

In Airteagal 4 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go seolfaidh cuideachtaí cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil trí na ceanglais shonracha a liostaítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir a chomhlíonadh.

Le hAirteagal 5 ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí a chomhtháthú i ngach beartas corparáideach agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu a nuashonraítear go bliantúil. Sonraítear san fhoráil gur chóir go n-áireofaí sa bheartas seo cur síos ar chur chuige na cuideachta maidir le dícheall cuí, ar chód iompair a bheidh le leanúint ag fostaithe agus fochuideachtaí na cuideachta, ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme.

Le hAirteagal 6 bunaítear an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun tionchar diúltach iarbhir nó féideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a aithint ina n-oibríochtaí féin, ina bhfochuideachtaí agus ar leibhéal a gcaidreamh gnó bunaithe, díreach nó indíreach ina slabhra luacha.

Leagtar amach in Airteagal 7 an ceanglas ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ann arna sainaitheant de bhun Airteagal 6 a chosc, nó chun na hiarmhairtí sin a mhaolú ar bhealach leordhóthanach, i gcás nach féidir iad a chosc nó ina n-éilítear iad a chur chun feidhme de réir a chéile.

Le hAirteagal 8 bunaítear an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun deireadh a chur le tionchair dhíobhálacha iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a bhí sainaitheanta acu nó a d'fhéadfadh a bheith sainaitheanta acu de bhun Airteagal 6. I gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchar a bhí ann ar leibhéal an chaidrimh ghnó bhunaithe, bíodh sé díreach nó indíreach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí méid an tionchair a íoslaghdú.

Leagtar amach in Airteagal 9 an oibleagáid maidir le Na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí foráil maidir leis an bhféidearthacht gearáin a chur faoi bhráid na cuideachta i gcás imní dlísteanaigh maidir leis na drochthionchair sin a d'fhéadfadh a bheith

ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear i slabhra luacha na cuideachta. Ceanglaítear ar chuideachtaí an deis sin a thabhairt do dhaoine a ndéantar difear dóibh nó a bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu orthu, do cheardchumainn agus d'ionadaithe oibrithe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair atá ag obair sa slabhra luacha lena mbaineann, agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse lena mbaineann.

Tugtar isteach le hAirteagal 10 an oibleagáid ar na Ballstáit a cheangal ar chuideachtaí measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar chur chun feidhme a mbeart díchill chuí d'fhonn a fhíorú go bhfuil drochthionchair sainaitheanta go cuí agus go bhfuil bearta coisctheacha nó ceartaitheacha á gcur chun feidhme, agus chun a chinneadh cé chomh mór is a coisceadh na drochthionchair nó ar tugadh chun críche iad nó a ndearnadh íoslaghdú orthu.

Bunaítear le hAirteagal 11 an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi Threoir 2013/34/AE tuarascáil maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo agus ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.

In Airteagal 12 leagtar amach an oibleagáid atá ar an gCoimisiún treoir a ghlacadh faoi chlásail conartha eiseamláireacha neamhcheangailteacha chun cabhrú le cuideachtaí cloí le hAirteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 8(3) pointe (c).

Leagtar amach in Airteagal 13 an fhéidearthacht don Choimisiún, chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí maidir le dícheall cuí a chomhlíonadh, treoirlínte a eisiúint le haghaidh earnálacha sonracha nó drochthionchair shonracha, i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar dhícheall cuí.

Ceanglaítear le hAirteagal 14 ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta tionlacain a chur ar fáil do chuideachtaí i raon feidhme na Treorach seo agus do ghníomhaithe ar fud slabhraí luacha domhanda a mbíonn tionchar indíreach ag oibleagáidí na Treorach orthu. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar thacaíocht den sórt sin, idir shuíomhanna gréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a oibriú, tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna, agus tionscnaimh chomhpháirteacha na ngeallsealbhóirí a éascú. Soiléirítear leis an bhforáil seo freisin gur féidir le cuideachtaí brath ar scéimeanna tionscail agus ar thionscnaimh il-gheallsealbhóra chun tacú le cur chun feidhme an díchill chuí agus go bhféadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoir a eisiúint chun oiriúnacht na scéimeanna sin a mheasúnú.

Ceanglaítear le hAirteagal 15 Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh cuideachtaí áirithe plean chun a áirithiú go mbeidh samhail ghnó agus straitéis ghnó na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus go mbeidh teorainn 1.5 °C leis an téamh domhanda i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

Tugtar isteach le hAirteagal 16 an ceanglas ar chuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír agus a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo de bhun Airteagal 2(2), ionadaí údaraithe atá sainordaithe go leordhóthanach a ainmniú san Aontas, ar ionadaí é a dtabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát aghaidh air, maidir leis na saincheisteanna uile is gá chun gníomhartha dlíthiúla arna n-eisiúint i ndáil leis an Treoir seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú.

Leagtar amach in Airteagal 17 an ceanglas ar na Ballstáit údarás maoirseachta náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh cuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí agus a n-oibleagáidí faoi Airteagal 15(1) agus (2) agus go gcomhlíonfaidh siad na cumhachtaí forfheidhmiúcháin i leith na n-oibleagáidí sin i gcomhréir le hAirteagal 18.

Leagtar amach in Airteagal 18 cumhachtaí agus acmhainní iomchuí na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmithe a dhéanamh.

Bunaítear le hAirteagal 19 an ceanglas maidir le Ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cúiseanna aige nó aici lena chreidiúint, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach gcomhlíonann cuideachta forálacha na Treorach seo go hiomchuí, i dteideal ábhair inní réasúnaithe a chur faoi bhráid na n-údarás maoirseachta, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, an oifig chláraithe, an áit oibre nó áit an tsáraithe líomhnaithe.

Leagtar amach in Airteagal 20 go ndéanfaidh na Ballstáit rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Áiritheoidh na Ballstáit gur cheart go bhfoilseofar cinneadh na n-údarás maoirseachta ina bhfuil smachtbhannaí a bhaineann le forálacha na Treorach seo a sháru.

Tugtar isteach le hAirteagal 21 Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe na n-údarás náisiúnta maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 16, agus é mar aidhm leis comhordú agus ailíniú cleachtas rialála, imscrúdaitheach, smachtbhannaí agus maoirseachta, agus comhroinnt faisnéise i measc na n-údarás maoirseachta sin a éascú agus a áirithiú.

Leagtar amach in Airteagal 22 an ceanglas ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta na cuideachta i leith damáistí a thagann chun cinn toisc nár chomhlíon sí na hoibleagáidí díchill chuí faoi choinníollacha sonracha. Tugtar isteach leis freisin an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú nach ndíoltaítear an dliteanas dá bhforáiltear i mír 1 go mír 3 den Airteagal seo ar an aon fhoras amháin nach é an dlí is infheidhme maidir le héilimh den sórt sin dlí Ballstáit.

Le hAirteagal 23 bunaítear cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, maidir le tuairisciú gach sárú ar an Treoir seo agus cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin.

Soiléirítear in Airteagal 23 na coinníollacha maidir le tacaíocht phoiblí do chuideachtaí.

In Airteagal 25 soiléirítear dualgas cúraim stiúrthóirí.

Leagtar síos in Airteagal 26 an dualgas atá ar stiúrthóirí chuideachtaí an Aontais cur chun feidhme na bpróiseas agus na mbeart inbhuanaitheachta corparáide a chur ar bun agus a mhaoirsiú agus an straitéis chorparáideach a chur in oiriúint do dhícheall cuí.

Leasaítear le hAirteagal 27 an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/1937.

Leagtar amach in Airteagal 28 na rialacha maidir le gníomhartha tarmligthe.

Tá foráil in Airteagal 29 maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir seo.

Tá forálacha in Airteagal 30 maidir le trasuí na Treorach.

Leagtar síos in Airteagal 31 an dáta a dtiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm.

Leagtar amach in Airteagal 32 seolaithe na Treorach seo.

Sonraítear sna liostaí atá san Iarscríbhinn drochthionchair chomhshaoil agus drochthionchair ábhartha ar chearta an duine a bhaineann leis an Treoir seo, chun sárú ar chearta agus toirmisc a chumhdach, lena n-áirítear na comhaontuithe idirnáisiúnta um chearta an duine (Cuid I

Roinn 1), na coinbhinsiúin um chearta an duine agus saoirsí bunúsacha (Cuid I Roinn 2), agus an sárú ar chuspóirí agus toirmisc a aithnítear go hidirnáisiúnta agus atá ar áireamh sna coinbhinsiúin chomhshaoil (Cuid II).

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear
Treoir (AE) 2019/1937**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) agus (2)(g) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁷³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas fothaithe ar an meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Na bunluachanna sin a spreag cruthú an Aontais féin, chomh maith le huilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine, agus meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta, ba cheart dóibh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta a threorú. Áirítear ar ghníomhaíocht den sórt sin forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na dtíortha i mbéal forbartha a chothú.
- (2) Ar thosaíochtaí an Aontais tá ardleibhéal cosanta agus feabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil agus bunluachanna na hEorpa a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Comhaontú Glas don Eoraip⁷⁴. Chun na cuspóirí

⁷³ IO C , , lch. .

⁷⁴ *Communication from the Commission to the European Parliament the European Council, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Region “The European Green Deal”* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an

sin a bhaint amach, tá gá ní hamháin le rannpháirtíocht na n-údarás poiblí ach le rannpháirtíocht gníomhaithe príobháideacha freisin, go háirithe cuideachtaí.

- (3) Ina Theachtaireacht maidir le hEoraip Láidir Shóisialta don Aistriú Cóir⁷⁵, gheall an Coimisiún geilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a uasghrádú chun aistriú cóir i dtreo na hinbhuanaitheachta a bhaint amach. Rannchuideoidh an Treoir seo freisin le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena gcuirtear chun cinn cearta lena n-áirítear dálaí oibre cothroma. Is cuid í de bheartais agus de straitéisí an Aontais a bhaineann le hobair chuibhiúil a chur chun cinn ar fud an domhain, lena n-áirítear i slabhraí luacha domhanda, dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain⁷⁶.
- (4) Tá iompraíocht chuideachtaí i ngach earnáil den gheilleagar rithabhachtach chun go n-éireofar cuspóirí inbhuanaitheachta an Aontais a bhaint amach toisc go mbraitheann cuideachtaí de chuid an Aontais, go háirithe cuideachtaí móra, ar shlabhraí luacha domhanda. Is chun leasa cuideachtaí freisin é cearta an duine agus an comhshaol a chosaint, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar inní tomhaltóirí agus infheisteoirí maidir leis na hábhair sin. Is ann do roinnt tionscnamh cheana féin ar leibhéal an Aontais⁷⁷ agus ar an leibhéal náisiúnta⁷⁸, tionscnaimh lena gcothaítear fiontair a thacaíonn le claochlú atá dírithe ar luach.
- (5) Sonraítear leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le hiompar freagrach gnó gur cheart do chuideachtaí cearta an duine a chosaint agus leagtar amach iontu an chaoi ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chosaint an chomhshaoil ina gcuid oibríochtaí agus slabhraí luacha. Aithnítear le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine⁷⁹ freagracht cuideachtaí dícheall cuí a fheidhmiú maidir le

gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’] (COM/2019/640 final).

⁷⁵ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions – A Strong Social Europe for Just Transitions* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Eoraip Láidir Shóisialta d’Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).

⁷⁶ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee on decent work worldwide for a global just transition and a sustainable recovery* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le hobair chuibhiúil ar fud an domhain le haghaidh aistriú cóir domhanda agus téarnamh inbhuanaithe], COM(2022) 66 final.

⁷⁷ ‘Enterprise Models and the EU agenda’ [Fiontraíocht agus clár oibre an Aontais], CEPS Policy Insights, Uimh. PI2021-02/ Eanáir 2021.

⁷⁸ E.g. <https://www.economie.gouv.fr/entreprises/societe-mission>

⁷⁹ ‘Guiding Principles on Business and Human Rights: Implementing the United Nations “Protect, Respect and Remedy” Framework’, [Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine: Creat ‘Cosaint, Meas agus Leigheas’ na Náisiún Aontaithe á Chur Chun Feidhme], na Náisiúin

cearta an duine trí dhrochthionchair a n-oibríochtaí ar chearta an duine a shainithint, a chosc agus a mhaolú agus tríd an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar na tionchair sin a chur san áireamh. Luaitear sna Prionsabail Threoracha sin gur cheart do ghnólachtaí gan cearta an duine a shárú agus gur cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar chearta an duine arbh iadsan ba chúis leo, ar chuir siad leo nó a bhfuil baint acu leo trína gcuid oibríochtaí féin, trína bhfochuideachtaí agus trína gcaidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha.

- (6) Rinneadh coincheap an díchill chuí maidir le cearta an duine a shonrú agus a fhorbairt tuilleadh sna Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta⁸⁰ lenar leathnaíodh cur i bhfeidhm an díchill chuí chun ábhair chomhshaoil agus rialachais a chumhdach. Is creataí a aithnítear go hidirnáisiúnta iad Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó agus treoir earnála⁸¹, creataí ina leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le dícheall cuí chun cuidiú le cuideachtaí tionchair iarbhir agus fhéideartha ina n-oibríochtaí, ina slabhraí luacha agus ina gcaidrimh ghnó eile a shainithint, a chosc agus a mhaolú agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu a chur san áireamh. Tá coincheap an díchill chuí leabaithe freisin i moltaí Dhearbhuí Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta⁸².
- (7) Áirítear ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe⁸³, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, na cuspóirí go gcuirfí chun cinn fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá an cuspóir leagtha amach ag an Aontas dó féin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Rannchuidíonn an earnáil phríobháideach leis na haidhmeanna sin.
- (8) Sna comhaontuithe idirnáisiúnta faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe iontu, amhail Comhaontú Pháras⁸⁴ agus an Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid⁸⁵ a comhaontaíodh le déanaí, leagtar amach bealaí beachta chun aghaidh a thabhairt ar an

Aontaithe, 2011, ar fáil ag https://www.ohchr.org/documents/publications/guidingprinciplesbusinesshr_en.pdf.

⁸⁰ Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, eagrán nuashonraithe 2011, ar fáil ag <http://mneguidelines.oecd.org/guidelines/>.

⁸¹ Treoir ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, 2018, agus treoir earnáil-shonrach, atá ar fáil ag <https://www.oecd.org/investment/due-diligence-guidance-for-responsible-business-conduct.htm>.

⁸² Dearbhú Trípháirteach Prionsabal na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta, an Cúigiú hEagrán, 2017, atá ar fáil ag: https://www.ilo.org/empent/Publications/WCMS_094386/lang--en/index.htm.

⁸³ https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E.

⁸⁴ https://unfccc.int/files/essential_background/convention/application/pdf/english_paris_agreement.pdf.

⁸⁵ Comhaontú Glaschú maidir leis an Aeráid, arna ghlacadh an 13 Samhain 2021 ag COP26 i nGlaschú, https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf, https://unfccc.int/sites/default/files/resource/cma2021_L16_adv.pdf.

athrú aeráide agus an téamh domhanda a choinneáil laistigh de 1.5°C. Chomh maith le gníomhaíochtaí sonracha a bhfuiltear ag súil leo ó na Páirtithe sínitheacha go léir, meastar go bhfuil ról lárnach ag an earnáil phríobháideach, go háirithe a straitéisí infheistíochta, chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- (9) Sa Dlí Aeráide Eorpach⁸⁶, thug an tAontas gealltanas dlíthiúil freisin go mbeadh sé aeráidneodrach faoi 2050 agus go laghdódh sé astaíochtaí 55 % ar a laghad faoi 2030. Chun an dá ghealltanas sin a chomhlíonadh, beidh gá an chaoi a dtáirgeann agus a sholáthraíonn cuideachtaí a athrú. I bPlean um Sprioc Aeráide 2030 an Choimisiúin⁸⁷, leagtar amach céimeanna éagsúla laghduithe ar astaíochtaí a éilítear ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cé go gcaithfear laghduithe suntasacha a dhéanamh i ngach earnáil i ngach cás chun go bhféadfadh an tAontas a chuspóirí aeráide a bhaint amach. Cuirtear i dtábhacht sa Phlean freisin ‘go mbeidh ar úinéirí agus bainisteoirí cuideachtaí tosaíocht a thabhairt do chuspóirí inbhuanaitheachta ina ngníomhaíochtaí agus ina straitéisí, de thoradh athruithe ar rialacha agus cleachtais rialachais, lena n-áirítear maidir le maoiniú inbhuanaithe.’ I dTeachtaireacht 2019 ar an gComhaontú Glas don Eoraip⁸⁸ leagtar amach gur ceart gníomhaíochtaí agus beartais uile an Aontais a bheith ar aon dul le chéile chun cuidiú leis an Aontas aistriú rathúil cóir chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin gur cheart an inbhuanaitheacht a neadú tuilleadh sa chreat rialachais chorparáidigh.
- (10) De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le hEoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú⁸⁹, teachtaireacht ina gcuirtear i láthair Straitéis an Aontais maidir le hOiriúnú don athrú aeráide, ba cheart infheistíocht nua agus cinntí beartais an aeráid a chur san áireamh agus a bheith slán i bhfad na haimsire, lena n-áirítear le haghaidh gnólachtaí móra a bhainistíonn slabhraí luacha. Ba cheart an Treoir seo a bheith comhsheasmhach leis an Straitéis sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart comhsheasmhacht a bheith ann leis an Treoir ón gCoimisiún [...] lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus priacail

⁸⁶ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) PE/27/2021/REV/1 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

⁸⁷ SWD/2020/176 final.

⁸⁸ COM/2019/640 final.

⁸⁹ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hEoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – Straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final), atá ar fáil ag <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2021:82:FIN>.

comhshaoil, shóisialta, agus rialachais (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil)⁹⁰, lena leagtar amach ceanglais shoiléire maidir le rialacha rialachais na mbanc lena n-áirítear eolas faoi phriacail comhshaoil, shóisialta, agus rialachais ar leibhéal an bhoird stiúrthóirí.

- (11) Sa Phlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Ciorclach⁹¹, sa Straitéis Bhithéagsúlachta⁹², sa Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc⁹³ agus sa Straitéis Ceimiceán⁹⁴ agus in *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa]⁹⁵, in *Industry 5.0* [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]⁹⁶ agus i bPlean Gníomhaíochta

⁹⁰ IO C [...], [...], lch. [...].

⁹¹ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM/2020/98 final).

⁹² *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], (COM/2020/380 final).

⁹³ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhiobhálach don chomhshaoil] (COM/2020/381 final).

⁹⁴ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on the Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] (COM/2020/667 final).

⁹⁵ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a stronger Single Market for Europe's recovery* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a Thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] (COM/2021/350 final).

⁹⁶ *Industry 5.0* [Earnáil na Tionsclaíochta 5.0]; https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/industrial-research-and-innovation/industry-50_en

Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta⁹⁷ agus in Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála 2021⁹⁸, liostaítear tionscnamh maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe i measc a ngnéithe.

- (12) Tá an Treoir seo comhleanúnach le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024⁹⁹. Sainmhínítear sa Phlean Gníomhaíochta sin gur tosaíocht é rannpháirtíocht an Aontais a neartú chun cur chun feidhme domhanda Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha eile amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chaighdeán ábhartha an díchill chuí a chur chun cinn.
- (13) Sa rún uaithi an 10 Márta 2021, iarrann Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún rialacha an Aontais a mholadh le haghaidh oibleagáid chuimsitheach maidir le dícheall cuí corparáideach¹⁰⁰. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, conclúidí a eisíodh an 1 Nollaig 2020, iarradh ar an gCoimisiún togra a chur síos le haghaidh creat dlíthiúil de chuid an Aontais maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí trasearnálacha maidir le dícheall cuí corparáideach feadh na slabhraí soláthair domhanda¹⁰¹. Ina tuarascáil féintionscnaimh a glacadh an 2 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, iarrann Parlaimint na hEorpa freisin go ndéanfaí dualgais stiúthóirí a shoiléiriú. Sa Dearbhú Comhpháirteach uathu maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022¹⁰², tá gealltanús tugtha ag Parlaimint na hEorpa, ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún geilleagar a fhóireann do dhaoine a bhaint amach, agus an creat rialála maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a fheabhsú.

⁹⁷ <https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

⁹⁸ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM/2021/66/final).

⁹⁹ *Joint Communication to the European Parliament and the Council on the EU Action Plan on Human Rights and Democracy 2020-2024* [Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024] (JOIN/2020/5 final).

¹⁰⁰ *European Parliament resolution of 10 March 2021 with recommendations to the Commission on corporate due diligence and corporate accountability* [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2021 lena ngabhann moltaí don Choimisiún maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach] (2020/2129(INL)), P9_TA(2021)0073, atá ar fáil ag [https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129\(INL\)](https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/popups/ficheprocedure.do?lang=en&reference=2020/2129(INL)).

¹⁰¹ Conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine agus Obair Chuibhiúil i Slabhraí Soláthair Domhanda, 1 Nollaig 2020 (13512/20).

¹⁰² Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2022, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/joint_declaration_2022.pdf.

- (14) Is é is aidhm don Treoir seo a áirithiú go rannchuideoidh cuideachtaí atá gníomhach sa mhargadh inmheánach le forbairt inbhuanaithe agus le haistriú inbhuanaitheachta na ngeilleagar agus na sochaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó iarbhír ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú, ar drochthionchair iad a bhfuil baint acu le hoibríochtaí na gcuideachtaí féin, lena bhfochuideachtaí agus lena slabhraí luacha.
- (15) Ba cheart do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh chun bearta díchill chuí a chur ar bun agus a dhéanamh, maidir lena n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí, chomh maith lena gcaidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe ar fud a slabhraí luacha i gcomhréir le forálacha na Treorach seo. Níor cheart don Treoir seo a cheangal ar chuideachtaí a ráthú, i ngach uile chás, nach dtarlódh drochthionchair riamh nó go gcuirfear stop leo. Mar shampla, maidir le caidrimh ghnó i gcás ina n-eascaíonn an drochthionchar as idirghabháil Stáit, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an chuideachta in ann na torthaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart 'oibleagáidí díchill' a bheith sna príomhoibleagáidí sa Treoir seo. Ba cheart don chuideachta na bearta iomchuí a dhéanamh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go ndéanfaí de thoradh orthu an drochthionchar a chosc nó a íoslaghdú faoi chúinsí an cháis shonraigh. Ba cheart aird a thabhairt ar shainiúlachtaí shlabhra luacha na cuideachta, na hearnála nó an limistéir gheografaigh ina n-oibríonn a comhpháirtithe sa slabhra luacha, ar chumhacht na cuideachta tionchar a imirt ina caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, agus ar an bhféadfadh an chuideachta a cumhacht tionchair a mhéadú.
- (16) Ba cheart a chumhdach leis an bpróiseas díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo na sé chéim arna sainiú ag Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Freagrach Gnó, lena n-áirítear bearta díchill chuí le haghaidh cuideachtaí chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Cumhdaítear leis sin na céimeanna seo a leanas: (1) dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais agus i gcórais bhainistíochta, (2) drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mheasúnú, (3) drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc, a thabhairt chun deiridh nó a íoslaghdú, (4) éifeachtacht na mbeart a mheasúnú, (5) cumarsáid a dhéanamh, (6) agus feabhsúchán a sholáthar.
- (17) Bíonn drochthionchar ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ann in oibríochtaí na gcuideachtaí féin, ina bhfochuideachtaí, ina gcuid táirgí, agus ina slabhraí luacha, go háirithe ar leibhéal an fhoinsithe amhábhhar, na monaraíochta, nó ar leibhéal diúscairthe na dtáirgí nó na dramhaíola. Chun go mbeidh tionchar fóinteach ag an dícheall cuí, ba cheart a chumhdach leis drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol arna nginiúint le linn shaolré tháirgeadh, úsáid agus diúscairt an táirge nó soláthair seirbhísí, ar leibhéal a n-oibríochtaí féin agus a bhfochuideachtaí agus i slabhraí luacha.
- (18) Ba cheart a chumhdach leis an slabhra luacha gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earra nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó sheanbhunaithe na cuideachta. Ba cheart a chumhdach leis caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe réamhtheachtacha lena ndéantar amhábhhar, táirgí nó codanna de tháirgí a dhearadh, a eastóscadh, a mhonarú, a iompar, a stóráil agus

a sholáthar, nó a dhéanann seirbhísí a sholáthar don chuideachta, seirbhísí a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí na cuideachta a chur i gcrích, agus ba cheart a chumhdach freisin caidrimh iarteachtacha, lena n-áirítear caidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha sheanbhunaithe, caidrimh a úsáideann nó a fhaigheann táirgí, codanna de tháirgí nó seirbhísí ón gcuideachta suas le deireadh ré an táirge, lena n-áirítear inter alia dáileadh an táirge ar mhiondíoltóirí, iompar agus stóráil an táirge, díchoimeáil an táirge, a athchúrsáil, a mhúiríniú nó a chur i líonadh talún.

- (19) A mhéid a bhaineann le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí iasachtaí, seirbhísí creidmheasa nó seirbhísí airgeadais eile, ba cheart ‘slabhra luacha’ maidir le soláthar seirbhísí den sórt sin a bheith teoranta do ghníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann na seirbhísí sin, agus dá bhfochuideachtaí a bhfuil a ngníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh atá i gceist. Cliant ar teaghlaigh agus daoine nádúrtha iad nach bhfuil ag gníomhú i gcáil ghairmiúil nó i gcáil gnó, mar aon le gnóthais bheaga agus mheánmhéide, níor cheart iad a mheas mar chuid den slabhra luacha. Níor cheart gníomhaíochtaí na gcuideachtaí nó na n-eintiteas dlíthiúil eile atá san áireamh i slabhra luacha an chliant sin a chumhdach.
- (20) Chun go mbeidh cuideachtaí in ann na drochthionchair ina slabhra luacha a shainaitheint mar is ceart agus chun gur féidir leo gearáil iomchuí a fheidhmiú, ba cheart na hoibleagáidí dícheall a theorannú sa Treoir seo do chaidrimh gnó sheanbhunaithe. Chun críoch na Treorach seo, ba cheart a bheith i gceist le caidrimh gnó sheanbhunaithe na caidrimh gnó dhíreacha agus indíreacha atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine agus fhad an chaidrimh sin agus nach cuid diomaibhseach nó choimhdeach den slabhra luacha iad. Ba cheart athmheasúnú tráthrialta a dhéanamh ar chineál na gcuidreamh gnó mar ‘chaidrimh sheanbhunaithe, agus sin a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad. Más seanbhunaithe atá caidreamh gnó díreach cuideachta, ba cheart gach caidreamh gnó indíreach nasctha a mheas mar chaidreamh seanbhunaithe maidir leis an gcuideachta sin freisin.
- (21) Faoin Treoir seo, maidir le cuideachtaí de chuid an Aontais a bhfuil níos mó ná 500 fostaí acu ar an meán agus a bhfuil glanláimhdeachas domhanda os cionn EUR 150 milliún acu sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí a chomhlíonadh. A mhéid a bhaineann le cuideachtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, ach a raibh níos mó ná 250 fostaí acu ar an meán agus níos mó ná EUR 40 milliún acu i nglanláimhdeachas domhanda sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach agus a oibríonn in earnáil ardtionchair amháin nó níos mó, ba cheart go gcuirfí dícheall cuí i bhfeidhm 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo, chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse oiriúnúcháin níos faide. Chun ualach comhréireach a áirithiú, ba cheart a cheangal ar chuideachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha ardtionchair den sórt sin dícheall cuí níos spriocdhírithe a chomhlíonadh

lena ndíreofaí ar dhrochthionchair thromchúiseacha. Maidir le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha, lena n-áirítear iad siúd ar postú faoi Airteagal 1(3), pointe (c), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰³, ba cheart iad a chur san áireamh i ríomh líon na bhfostaithe sa chuideachta úsáideora. Oibrithe ar postú faoi Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), de Threoir 96/71/CE, arna leasú le Treoir 2018/957/AE, níor cheart iad a áireamh ach amháin i ríomh líon fostaithe na cuideachta seolta.

- (22) Chun na réimsí tosaíochta de ghníomhaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhshaoil a léiriú, ba cheart roghnú na n-earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo a bheith bunaithe ar threoir earnála reatha ECFE maidir le dícheall cuí. Ba cheart féachaint ar na hearnálacha seo a leanas mar earnálacha ardtionchair chun críocha na Treorach seo: monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt; talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhíola amhábhhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna; eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhíola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile). Maidir leis an earnáil airgeadais, mar gheall ar na sainiúlachtaí a bhaineann léi, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an slabhra luacha agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil, fiú má chumhdaítear le treoir earnáil-shonrach ó ECFE í, níor cheart í a bheith mar chuid de na hearnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo. An tráth céanna, san earnáil seo, ba cheart cumhdach níos leithne na ndrochthionchar iarbhir agus féideartha a áirithiú trí chuideachtaí an-mhór ar gnóthais airgeadais rialáilte iad a áireamh sa raon feidhme, fiú mura bhfuil foirm dhlíthiúil acu lena ngabhann dliteanas teoranta.
- (23) Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach ina n-iomláine, ar cuspóirí iad lena dtugtar aghaidh ar dhrochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil i ndáil le hoibríochtaí, fochuideachtaí agus slabhraí luacha cuideachtaí, ba cheart cuideachtaí tríú tír a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu san Aontas a chumhdach freisin. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le cuideachtaí tríú tír a ghin glanláimhdeachas EUR 150 milliún ar a laghad san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach nó glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún ach níos lú ná

¹⁰³ Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

EUR 150 milliún sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha ardtionchair, amhail ó 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse trasuí na Treorach seo.

- (24) Chun raon feidhme an chur i bhfeidhm a shainiú i ndáil le cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, ba cheart an critéar láimhdeachais a bhfuil tuairisc air a roghnú toisc go gcruthaíonn sé nasc críochach idir na cuideachtaí tríú tír agus críoch an Aontais. Is athróg ionadach é an láimhdeachas le haghaidh na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin ar an margadh inmheánach. I gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, tugann na héifeachtaí sin bonn cirt le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir le cuideachtaí tríú tír. Chun a áirithiú go sainaithneofaí láimhdeachas ábhartha na gcuideachtaí lena mbaineann, ba cheart úsáid a bhaint as na modhanna a leagtar síos i dTreoir (AE) 2013/34 arna leasú le Treoir (AE) 2021/2101, modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad. Chun forfheidhmiú éifeachtach na Treorach seo a áirithiú, níor cheart tairseach fostaithe a chur i bhfeidhm chun a chinneadh cé na cuideachtaí tríú tír a thagann faoin Treoir seo, ós rud é go bhfuil an coincheap a bhaineann le 'fostaithe' a choinnítear chun críocha na Treorach seo bunaithe ar dhlí an Aontais agus nach bhféadfaí é a thrasuí go héasca lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, in éagmais modheolaíocht shoiléir agus chomhsheasmhach, lena n-áirítear i gcreataí cuntasáochta, chun fostaithe cuideachtaí tríú tír a chinneadh, chruthódh an tairseach fostaithe sin éiginnteacht dhlíthiúil agus bheadh sé deacair í a chur i bhfeidhm le haghaidh údarais mhaoirseachta. Ba cheart an sainmhíniú ar láimhdeachas a bheith bunaithe ar Threoir 2013/34/AE lenar bunaíodh cheana na modhanna chun glanláimhdeachas a ríomh le haghaidh cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, toisc go bhfuil na sainmhínithe ar láimhdeachas agus ar ioncam cosúil le chéile i gcreataí idirnáisiúnta cuntasáochta freisin. D'fhonn a áirithiú go mbeidh a fhios ag an údarás maoirseachta cé na cuideachtaí tríú tír a ghineann an láimhdeachas is gá san Aontas chun teacht faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart a cheangal leis an Treoir seo go gcuirfí in iúl d'údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar ionadaí údaraithe na cuideachtaí tríú tír nó ina bhfuil sé bunaithe agus, i gcás nach ionann é, d'údarás maoirseachta an Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach gur cuideachta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo í an chuideachta.
- (25) Chun rannchuidiú fóinteach leis an aistriú inbhuanaitheachta a bhaint amach, ba cheart dícheall cuí faoin Treoir seo a dhéanamh i ndáil le drochthionchair ar chearta an duine ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a chumhdaítear sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo. Chun cumhdach cuimsitheach ar chearta an duine a áirithiú, ba cheart sárú ar thoirmeasc nó ar cheart nach liostaítear go sonrach san Iarscríbhinn sin agus a chuireann isteach go díreach ar leas dlíthiúil a chosnaítear sna coinbhinsiúin sin a bheith mar chuid den drochthionchar ar chearta an duine a chumhdaítear leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhféadfadh an chuideachta lena mbaineann an riosca go ndéanfaí cur isteach den sórt sin agus aon bheart iomchuí a bheadh le déanamh chun na hoibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh a shuíomh go réasúnta, agus aird á tabhairt ar imthosca ábhartha uile a gcuid oibríochtaí, amhail an earnáil agus an chomhthéacs oibríochtúil. Ba cheart a chumhdach le dícheall cuí freisin drochthionchair ar an

gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

- (26) Tá treoraíocht ar fáil do chuideachtaí a léiríonn an chaoi a bhféadfadh a gcuid gníomhaíochtaí tionchar a imirt ar chearta an duine agus a léiríonn an iompraíocht chorparáideach a thoirmiscítear i gcomhréir le cearta an duine atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Áirítear an treoraíocht sin, mar shampla, i gCreat Tuairiscithe Phrionsabail Theoracha na Náisiún Aontaithe¹⁰⁴ agus i dTreoirleabhar Léirmhínithe Phrionsabail Theoracha na Náisiún Aontaithe¹⁰⁵. Agus treoirlínte agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á n-úsáid mar thagairt, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann treoraíocht bhreise a eisiúint a bheidh mar uirlis phraiticiúil le haghaidh cuideachtaí.
- (27) Chun dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol a dhéanamh i leith a gcuid oibríochtaí, fochuideachtaí, agus slabhraí luacha, ba cheart do chuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha, ba cheart dóibh drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc agus a mhaolú, deireadh a chur leo agus a méid a íoslaghdú, ba cheart dóibh nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun, ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear sa Treoir seo agus ba cheart dóibh a ndícheall cuí a chur in iúl go poiblí. Na céimeanna, go háirithe, chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú agus chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhír nó, nuair nach féidir sin, a méid a íoslaghdú, ba cheart iad a aithint go soiléir sa Treoir seo chun an tsoiléireacht a áirithiú le haghaidh cuideachtaí.
- (28) Chun a áirithiú gur cuid de bheartais chorparáideacha na gcuideachtaí an dícheall cuí, agus i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta ábhartha, ba cheart do chuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha uile agus ba cheart dóibh beartas díchill chuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na rudaí seo a leanas a bheith sa bheartas díchill chuí: tuairisc ar chur chuige na cuideachta maidir leis an dícheall cuí, an fadtéarma san áireamh, cód iompair ina mbeidh tuairisc ar na rialacha agus ar na prionsabail a bheidh le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta; tuairisc ar na próisis atá curtha ar bun chun an dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a dhéantar chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó sheanbhunaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcód iompair maidir leis na feidhmeanna agus na hoibríochtaí corparáideacha ábhartha

¹⁰⁴

https://www.ungpreporting.org/wp-content/uploads/UNGPREportingFramework_withguidance2017.pdf.

¹⁰⁵

<https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>, <https://www.ohchr.org/Documents/Issues/Business/RtRInterpretativeGuide.pdf>.

uile, lena n-áirítear cinntí soláthair agus cinntí ceannaigh. Ba cheart do chuideachtaí, freisin, a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

- (29) Chun a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ní mór do chuideachtaí bearta iomchuí a dhéanamh i leith shainaithint agus chosc na ndrochthionchar agus i leith deireadh a chur leo. Ba cheart go gciallódh ‘beart iomchuí’ beart a bhíonn in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus a bhíonn ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go sannfar tosaíochtaí ar an ngníomhaíocht. Sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta, ba cheart go n-áireofaí le tionchar na cuideachta ar chaidreamh gnó, ar thaobh amháin, a cumas a chur ina luí ar an gcaidreamh gnó gníomhaíocht a dhéanamh chun drochthionchair a chosc nó chun deireadh a chur leo (mar shampla trí úinéireacht nó smacht fíorasach, cumhacht mhargaidh, ceanglais réamhchálíúcháin, dreasachtaí gnó a nascadh leis an bhfeidhmíocht i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhshaoil, etc.) agus, ar an taobh eile, an méid tionchair nó gearála a d’fhéadfadh an chuideachta a fheidhmiú go réasúnta, mar shampla trí chomhar leis an gcomhpháirtí gnó ábhartha nó trí idirghabháil le cuideachta eile is í comhpháirtí gnó díreach an chaidrimh ghnó a bhfuil baint aige leis an drochthionchar.
- (30) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do chuideachta drochthionchair iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaoil a shainaithint. Chun go bhféadfar na drochthionchair a shainaithint go cuimsitheach, ba cheart an tsainaithint sin a bhunú ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil. Mar shampla, maidir le drochthionchair ar an gcomhshaoil, ba cheart don chuideachta faisnéis a fháil faoi dhálaí bonnlíne ag láithreáin saoráidí ardriosca sna slabhraí luacha. Ba cheart go gcuimseodh sainaithint na ndrochthionchar measúnú ar chearta an duine agus ar chomhthéacs an chomhshaoil ar bhealach dinimiciúil agus go tráthrialta: roimh ghníomhaíocht nó caidreamh nua, roimh chinntí móra nó athruithe ar an oibriocht; mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht oibriúcháin nó chun teacht rompu; agus go tréimhsiúil, gach 12 mhí ar a laghad, i rith aon ghníomhaíochta nó aon chaidrimh. Maidir le gnóthais airgeadais rialáilte a sholáthraíonn iasacht, creidmheas nó seirbhísí airgeadais eile, is ag tús an chonartha amháin ar cheart dóibh na drochthionchair a shainaithint. Agus drochthionchair á sainaithint acu, ba cheart do chuideachtaí tionchar na samhla gnó agus na straitéisí atá ag caidreamh gnó, lena n-áirítear a chleachtais trádála, soláthair agus phraghsála, a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu freisin. I gcás nach féidir leis an gcuideachta a cuid drochthionchar uile a chosc nó a íoslaghdú nó deireadh a chur leo an tráth céanna, ba cheart di a bheith in ann tosaíochtaí a shannadh ar a cuid gníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh sí na bearta atá ar fáil go réasúnach di agus na himthosca sonracha á gcur san áireamh.
- (31) Chun ualach míchuí a sheachaint ar na cuideachtaí beaga a fheidhmíonn in earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, níor cheart oibleagáid a chur ar na cuideachtaí sin ach amháin na drochthionchair dhiana iarbhir nó fhéideartha is ábhartha don earnáil lena mbaineann siad a shainaithint.
- (32) I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart leasanna na ndaoine a n-imrítear drochthionchair orthu a chur san áireamh agus na drochthionchair sin á gcosc, á maolú

agus á n-íoslaghdú nó deireadh á chur leo. Chun go bhféadfar idirghabháil leanúnach a dhéanamh leis an gcomhpháirtí gnó sa slabhra luacha seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó (díscor), rud a d'fhéadfadh na drochthionchair a chur chun an donais, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur gníomhaíocht rogha dheiridh é an díscor, i gcomhréir le beartas neamhfhulaingthe an Aontais maidir le saothar na leanaí. Dá gcuirfí deireadh le caidreamh gnó ina n-aimseofaí saothar leanaí, d'fhéadfaí an leanbh a chur i mbaol drochthionchair níos déine fós ó thaobh chearta an duine de. Ba cheart é sin a chur san áireamh, dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an ngníomhaíocht iomchuí a bheidh le déanamh.

- (33) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, i gcás ina sainaitníonn cuideachta drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun iad a chosc agus chun iad a mhaolú go leordhóthanach. Chun deimhneacht agus soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart go leagfaí amach sa Treoir seo na gníomhaíochtaí ar cheart a bheith ag súil leis go ndéanfaid cuideachtaí iad chun drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú i gcás inarbh ábhartha, ag brath ar na himthosca.
- (34) Chun an oibleagáid maidir le cosc agus maolú faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart a chur de cheangal ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarbh ábhartha. I gcás inar gá sin i ngeall ar chastacht na mbeart coiscithe, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta coisc a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis go n-áiritheoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar an cód iompair nó an plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dearbhuithe conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin a mhéid is cuid de shlabhra luacha na gcuideachtaí iad a gcuid gníomhaíochtaí siúd. Ba cheart bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Chun cosc cuimsitheach ar dhrochthionchair iarbhír agus fhéideartha a áirithiú, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh freisin a mbeidh sé d'aidhm acu drochthionchair a chosc, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithe chomhréireach a thabhairt do FBM a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis, amhail maoiniú, mar shampla, trí mhaoiniú díreach, iasachtaí ar ús íseal, ráthaíochtaí maidir le foinsiú leanúnach, agus cúnamh chun maoiniú a áirithiú, chun cabhrú leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta coisc a chur chun feidhme, nó trí threoraíocht theicniúil amhail an oiliúint, uasghrádú na gcóras bainistíochta, agus ba cheart dul i gcomhar le cuideachtaí eile.
- (35) D'fhonn raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair fhéideartha leis na bearta coiscitheacha nó íoslaghdaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le Conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta coisc a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an caidreamh gnó indíreach ag comhlíonadh an chonartha.
- (36) Chun a áirithiú gurb éifeachtach cosc agus maolú na ndrochthionchar fhéideartha, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra

luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha dheiridh tar éis iarracht in aisce drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú. Mar sin féin, i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair fhéideartha leis na bearta coisctheacha nó maolaithe a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir freisin don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí coiscthe agus íoslaghdaithe á saothrú acu, má bhíonn súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma; nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más dian an drochthionchar féideartha. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad. D'fhéadfadh sé gur gá comhar le cuideachta eile chun drochthionchair ar leibhéal na gcaidreamh ghnó indíreach a chosc, mar shampla comhar le cuideachta a bhfuil caidreamh conarthach díreach aici leis an soláthróir. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gurbh é an comhar den sórt sin an t-aon bhealach réalaíoch chun drochthionchair a chosc, go háirithe i gcás nach bhfuil an caidreamh gnó indíreach ullamh chun conradh a dhéanamh leis an gcuideachta. Sna cásanna sin, ba cheart don chuideachta dul i mbun comhair leis an eintiteas is éifeachtaí is féidir leis drochthionchair a chosc nó a mhaolú ar leibhéal an chaidrimh gnó indíreach agus dlí na hiomaíochta á urramú an tráth céanna.

- (37) Maidir le caidrimh ghnó dhíreacha agus indíreacha, is féidir leis an gcomhar tionsclaíochta, le scéimeanna tionscail agus le tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara cabhrú le giaráil bhreise a chruthú chun drochthionchair a shainaithint, a mhaolú agus a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh cuideachtaí brath ar thionscnaimh den sórt sin chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. D'fhéadfadh cuideachtaí measúnú a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin, ar ailíniú na scéimeanna agus na dtionscnamh sin leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo. Chun faisnéis iomlán faoi thionscnaimh den sórt sin a áirithiú, ba cheart freisin tagairt a dhéanamh sa Treoir don rogha atá ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit scaipeadh faisnéise faoi na scéimeanna nó faoi na tionscnaimh sin agus faoina dtorthaí a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnamh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara.
- (38) Faoi na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar amach sa Treoir seo, má shainaithníonn cuideachta drochthionchair iarbhir ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol, ba cheart di bearta iomchuí a dhéanamh chun deireadh a chur leo sin. Is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh cuideachta in ann deireadh a chur le drochthionchair iarbhir ina cuid oibríochtaí féin agus in oibríochta a cuid fochuideachtaí. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú, a mhéid a bhaineann le caidrimh ghnó sheanbhunaithe, i gcás nach féidir deireadh a chur le drochthionchair, gur cheart do chuideachtaí méid na dtionchar sin a íoslaghdú. Ba cheart ceangal a bheith ann gurb é an toradh a bheidh ar íoslaghdú mhéid na ndrochthionchar an toradh is gaire is féidir do dheireadh a chur leis an drochthionchar. Chun an deimhneacht

agus an tsoiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do chuideachtaí, ba cheart a shainiú leis an Treoir seo na gníomhaíochtaí a bheidh ina gceangal ar chuideachtaí chun deireadh a chur le drochthionchair iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol agus chun méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, i gcás inarb iomchuí de réir na n-imthosca.

- (39) Chun an oibleagáid atá orthu faoin Treoir seo a chomhlíonadh maidir le deireadh a chur leis na ndrochthionchar iarbhir agus méid na ndrochthionchar sin a íoslaghdú, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart dóibh an drochthionchar a neodrú nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, le gníomhaíocht a bheidh ar chomhréir le tromchúis agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuireann iompar na cuideachta leis an drochthionchar. I gcás inar gá sin toisc nach féidir deireadh a chur láithreach leis an drochthionchar, ba cheart do chuideachtaí plean gníomhaíochta ceartaithí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta, agus iad sainithe go soiléir, maidir leis an ngníomhaíocht chomh maith le táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun an feabhas a thomhas. Ba cheart do chuideachtaí féachaint le dearbhuithe conarthacha a fháil ó chomhpháirtí gnó díreach a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leis go n-áiríteoidh an comhpháirtí sin go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta coisc, lena n-áirítear trí dhearbhuithé conarthacha comhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe féin, a mhéid is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na bearta iomchuí chun an comhlíonadh a fhíorú a bheith ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha. Ar deireadh, ba cheart do chuideachtaí infheistíochtaí a dhéanamh arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an drochthionchar nó méid an drochthionchair a íoslaghdú, ba cheart dóibh tacaíocht spriocdhírithé chomhréireach a thabhairt do FBManna a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo agus ba cheart dóibh dul i mbun comhair le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhar chun feabhas a chur ar chumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar.
- (40) Chun raon iomlán na roghanna don chuideachta a léiriú i gcásanna nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na tionchair iarbhir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, ba cheart tagairt a dhéanamh sa Treoir seo freisin don rogha atá ag an gcuideachta féachaint le conradh a thabhairt i gcrích leis an gcomhpháirtí gnó indíreach, d'fhonn comhlíonadh chód iompair na cuideachta nó comhlíonadh plean gníomhaíochta ceartaithí a bhaint amach, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun comhlíontacht an chaidrimh gnó indíreach leis an gconradh a fhíorú.
- (41) Chun a áirithiú gur deireadh éifeachtach a chuirtear le drochthionchair iarbhir nó gurb éifeachtach an t-íoslaghdú a dhéantar orthu, ba cheart do chuideachtaí tosaíocht a thabhairt don idirghabháil le caidrimh ghnó sa slabhra luacha, seachas deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó, mar ghníomhaíocht rogha deiridh tar éis iarracht in aisce deireadh a chur le drochthionchair iarbhir nó iad a íoslaghdú. Mar sin féin, ba cheart sa Treoir seo freisin, i gcásanna nach bhféadfaí deireadh a chur le drochthionchair iarbhir nó iad a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu, tagairt a dhéanamh don oibleagáid atá ar chuideachtaí gan caidrimh nua a bhunú leis an gcomhpháirtí atá i gceist ná na caidrimh atá acu leis cheana a leathnú agus, i gcás ina gceadaítear sin leis an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a

chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar. Chun a chur ar a gcumas do chuideachtaí an oibleagáid sin a chomhlíonadh, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rogha a bheith ar fáil deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaíonn a ndlíthe iad.

- (42) Ba cheart do chuideachtaí an deis a thabhairt do dhaoine agus d'eagraíochtaí gearáin a chur go díreach faoina mbráid i gcás ábhair imní dhlísteanacha maidir le drochthionchair iarbhir nó fhéideartha ar chearta an duine nó ar an gcomhshaol. Ba cheart go n-áireofaí ar na heagraíochtaí a d'fhéadfadh gearáin den sórt sin a chur isteach ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe eile a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann i gcás ina bhfuil eolas acu ar dhrochthionchar féideartha nó iarbhir. Ba cheart do chuideachtaí nós imeachta a bhunú chun déileáil leis na gearáin sin agus ba cheart dóibh na hoibrithe, na ceardchumainn agus ionadaithe eile na n-oibrithe a chur ar an eolas, i gcás inarb ábhartha, faoi na próisis sin. Má théann gearánach i muinín an tsásra leighis agus gearáin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc air dul i muinín leigheasanna breithiúnacha. I gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, ba cheart go mbeadh gearáin i dteideal obair leantach iomchuí ar an ngearán a iarraidh ar an gcuideachta agus bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal iomchuí chun drochthionchair dhiana fhéideartha nó iarbhir is ábhar don ghearán a phlé. Níor cheart go mbeadh sirtheoireachtaí míréasúnta ar chuideachtaí ina dtoradh ar an rochtain sin.
- (43) Ba cheart do chuideachtaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar éifeachtacht a mbeart díchill chuí. Ba cheart dóibh measúnuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar a n-oibríochtaí féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a íoslaghdú agus a mhaolú agus chun deireadh a chur leo. Ba cheart leis na measúnuithe sin a fhíorú go sainaithnítear na drochthionchair go cuí, go gcuirtear bearta díchill chuí chun feidhme, agus gur coisceadh na drochthionchair nó gur cuireadh deireadh leo le fírinne. Chun a áirithiú go mbeidh na measúnuithe sin cothrom le dáta, ba cheart iad a dhéanamh gach 12 mhí ar a laghad agus ba cheart iad a athbhreithniú idir an dá linn má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint gurbh fhéidir go mbeadh rioscaí móra nua drochthionchair tagtha chun cinn.
- (44) Dála na gcaighdeán idirnáisiúnta a leagtar síos cheana i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus i gcreat ECFE, is cuid dílis den cheanglas díchill chuí í faisnéis a fhoilsiú atá ábhartha go seachtrach maidir leis na beartais, próisis agus gníomhaíochtaí díchill chuí a rinneadh chun drochthionchair iarbhir nó féideartha a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear cinntí agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin. Sa togra chun Treoir 2013/34/AE a leasú a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, leagtar amach oibleagáidí tuairiscithe ábhartha le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Chun dúbláil na n-oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, go dtabharfaí

aon oibleagáidí tuairiscithe nua isteach leis an Treoir seo sa bhreis ar na hoibleagáidí faoi Threoir 2013/34/AE le haghaidh na gcuideachtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin agus leis na caighdeáin tuairiscithe ba cheart a fhorbairt fúithi. Maidir le cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo, ach nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2013/34/AE, chun a n-oibleagáid maidir le cumarsáid a dhéanamh mar chuid den dícheall cuí faoin Treoir seo a chomhlíonadh, ba cheart dóibh ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a húsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta.

- (45) Chun comhlíontacht na gcuideachtaí lena gceanglais díchill chuí trína slabhra luacha a éascú agus chun teorainn a chur le bogadh ualach an chomhlíonta ar chomhpháirtithe gnó FBM, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar maidir le clásail chonartha eiseamláireacha.
- (46) Chun tacaíocht agus uirlisí praiticiúla a sholáthar do chuideachtaí nó d'údarais na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, ba cheart an rogha a bheith ag an gCoimisiún, agus leas á bhaint aige as treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar thagairt, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.
- (47) Cé nach n-áirítear FBManna faoi raon feidhme na Treorach seo, d'fhéadfadh forálacha na Treorach seo tionchar a imirt orthu nuair a fheidhmíonn siad mar chonraitheoirí nó mar fhochonraitheoirí do na cuideachtaí atá faoi raon feidhme na Treorach seo. Mar sin féin, is é an aidhm atá ann an t-ualach airgeadais nó riaracháin ar FBManna a mhaolú, nó tá cuid mhór díobh ag streachailt cheana féin i gcomhthéacs na géarchéime domhanda eacnamaíche agus sláintíochta. Chun tacú le FBManna, ba cheart do na Ballstáit suímh ghréasáin, tairseacha nó ardáin thiomnaithe a chur ar bun agus a oibriú, ina n-aonair nó i gcomhpháirt, agus d'fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna freisin agus cuidiú leo cur lena gcumas. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil freisin d'oibreacha eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha agus í a chur in oiriúint agus a leathnú dóibh i gcás inar gá. Moltar freisin do chuideachtaí ar FBM é a gcomhpháirtí gnó tacú leis bearta díchill chuí a chomhlíonadh, i gcás ina gcuirfeadh na ceanglais sin inmharthanacht an FBM i mbaol, agus ceanglais chothroma réasúnacha neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha a úsáid i leith na FBManna.
- (48) D'fhonn an tacaíocht a thugann na Ballstáit do FBManna a chomhlánú, féadfaidh an Coimisiún cur le huirlisí, tionscadail agus gníomhaíochtaí eile ata ag an Aontas cheana agus a chabhraíonn le cur chun feidhme an díchill chuí san Aontas agus i dtríú tíortha. Féadfaidh sé bearta tacaíochta nua a chur ar bun a chuideoidh le cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, maidir le ceanglais díchill chuí, lena n-áirítear faireachlann le haghaidh trédhearcacht an tslabhra luacha agus éascú na dtionscnamh comhpháirteach ó pháirtithe leasmhara.
- (49) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tríú tíortha chun tacú le hoibreacha eacnamaíocha réamhtheachtacha cur lena gcumas drochthionchair a n-oibriúcháin agus a gcaidrimh ghnó ar chearta an

duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú go héifeachtach, agus aird ar leith á tabhairt ar na dúshláin atá os comhair feirmeoirí beaga. Ba cheart dóibh a n-ionstraimí comharsanachta, forbartha agus comhair idirnáisiúnta a úsáid chun tacú le rialtais tríú tíortha agus le hoibreoirí eacnamaíocha réamhtheachtacha i dtríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair a gcuid oibríochtaí agus a gcaidrimh ghnó réamhtheachtacha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an comhar le rialtais tíortha comhpháirtíochta, leis an earnáil phríobháideach áitiúil agus le páirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol.

- (50) Chun a áirithiú go rannchuidíonn an Treoir seo go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ba cheart do chuideachtaí plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. I gcás ina sainaitheann, nó inar cheart go sainaitheann, an aeráid mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, ba cheart don chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.
- (51) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an plean sin maidir le laghdú astaíochtaí a chur chun feidhme go cuí agus a leabú i ndreasachtaí airgeadais na stiúrthóirí, ba cheart an plean a chur san áireamh go cuí agus luach saothair inathraithe na stiúrthóirí á shocrú, má bhíonn an luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú an stiúrthóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.
- (52) Chun go bhféadfar formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an Treoir seo agus, i gcás inar gá, í a fhorfheidhmiú go héifeachtach i ndáil leis na cuideachtaí sin nach rialaítear le dlí Ballstáit, ba cheart do na cuideachtaí sin ionadaí údaraithe san Aontas a ainmniú a mbeidh sainordú leordhóthanach aige agus ba cheart dóibh faisnéis a sholáthar maidir lena n-ionadaithe údaraithe. Ba cheart go bhféadfadh an t-ionadaí údaraithe feidhmiú mar phointe teagmhála freisin, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais ábhartha na Treorach seo.
- (53) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar chur chun feidhme ceart oibleagáidí díchill chuí na gcuideachtaí agus chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údarás nó údaráis maoirseachta náisiúnta a ainmniú. Ba cheart na húdaráis mhaoirseachta sin a bheith de chineál poiblí, neamhspleách ar na cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus ar leasanna margaidh eile, agus iad a bheith saor ó choinbhleachtaí leasa. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit maoiniú iomchuí an údaráis inniúil a áirithiú. Ba cheart dóibh a bheith i dteideal imscrúduithe a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin nó ar bhonn gearán nó ábhar inní a bhfuil bunús leo a agraítear faoin Treoir seo. I gcás inarb ann d'údaráis inniúla faoi reachtaíocht earnála, d'fhéadfadh na Ballstáit iad siúd a shainaitheint mar údaráis atá freagrach as cur i bhfeidhm na Treorach seo ina réimsí inniúlachta. D'fhéadfaidís údaráis mhaoirseachta ar ghnóthais airgeadais rialáilte a ainmniú freisin mar údaráis mhaoirseachta chun críocha na Treorach seo.
- (54) Chun forfheidhmiú éifeachtach na mbeart náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí

athchomhairleacha comhréireacha éifeachtacha i gcás sáruithe ar na bearta sin. Chun go mbeidh an córas smachtbhannaí sin éifeachtach, ba cheart smachtbhannaí airgid a bheith ar áireamh sna smachtbhannaí riaracháin a bheidh le forchur ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. I gcás nach ndéantar foráil i gcóras dlí Ballstáit maidir le smachtbhannaí riaracháin mar a fhoráiltear sa Treoir seo, ba cheart na rialacha maidir le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtionscnóidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna agus go bhforchuirfidh an t-údarás breithiúnach é. Dá bhrí sin, is gá go n-áiritheoidh na Ballstáit sin go mbeidh éifeacht chur i bhfeidhm na rialacha agus na smachtbhannaí coibhéiseach le héifeacht na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuireann na húdaráis mhaoirseachta inniúla.

- (55) Chun a áirithiú go ndéanfar forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach, ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta oibriú i gcomhar le chéile agus a ngníomhaíocht a chomhordú. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún Líonra Eorpach na nÚdaráis Maoirseachta a bhunú agus ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta cúnamh a thabhairt dá chéile i dtaca lena gcúraimí a fheidhmiú agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile.
- (56) D'fhonn cúiteamh éifeachtach d'íospartaigh na ndrochthionchar a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena rialaítear dliteanas sibhialta na gcuideachtaí as damáistí a thagann chun cinn toisc nár chomhlíon cuideachta an próiseas díchill chuí. Ba cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas i leith damáistí más rud é nár chomhlíon sí na hoibleagáidí drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú nó deireadh a chur le tionchair iarbhir nó méid na dtionchar iarbhir sin a íoslaghdú, agus más rud é, toisc nár chomhlíon, gur tharla drochthionchar ar cheart é a shainaithint, a chosc, nó a mhaolú, nó deireadh a chur leis nó a mhéid a íoslaghdú trí na bearta iomchuí agus gur tharla damáiste dá dheasca sin.
- (57) Maidir le damáistí a tharlaíonn ar leibhéal caidrimh ghnó seanbhunaithe indíreacha, ba cheart dliteanas na cuideachta a bheith faoi réir coinníollacha sonracha. Níor cheart go mbeadh an chuideachta faoi dhliteanas más rud é gur chuir sí bearta díchill chuí sonracha i gcrích. Níor cheart, áfach, go saorfaí ó dhliteanas í trí bhearta den sórt sin a chur chun feidhme i gcás ina raibh sé míréasúnta a bheith ag súil leis gur leordhóthanach an beart iarbhir a rinneadh, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhlíonadh a fhíorú, chun an drochthionchar a chosc nó a mhaolú nó chun deireadh a chur leis nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh ar dhliteanas a bheith ann agus ar mhéid an dliteanais sin, tá aird chuí le tabhairt ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a d'éiligh údarás maoirseachta uirthi a chomhlíonadh, ar aon infheistíochtaí a rinneadh agus ar aon tacaíocht spriocdhírithé a soláthraíodh, agus ar aon chomhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha.
- (58) Ní rialaítear leis an gcóras dliteanais cé air a bhfuil sé a chruthú gur leordhóthanach gníomhaíocht na cuideachta go réasúnta in imthosca an cháis, agus dá bhrí sin fágfar an cheist sin faoin dlí náisiúnta.
- (59) Maidir le rialacha dliteanais shibhialta, ba cheart dliteanas sibhialta cuideachta as damáistí a eascraíonn as gan dícheall cuí leordhóthanach a bheith déanta aici a bheith gan dochar do dhliteanas sibhialta a cuid fochuideachtaí ná do dhliteanas sibhialta faoi seach

comhpháirtithe gnó díreacha agus indíreacha sa slabhra luacha. Chomh maith leis sin, ba cheart na rialacha dliteanais shibhialta faoin Treoir seo a bheith gan dochar do rialacha Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchar ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear leis an Treoir seo nó lena bhforáiltear do dhliteanas níos déine ná mar a fhoráiltear leis an Treoir seo.

- (60) A mhéid a bhaineann le dliteanas sibhialta a eascraíonn ó dhrochthionchair ar an gcomhshaol, is féidir le daoine a ndéantar damáiste dóibh cúiteamh a éileamh faoin Treoir seo fiú i gcás ina bhfuil forluí idir na tionchair sin agus na héilimh maidir le cearta an duine.
- (61) Chun a áirithiú gur féidir le híospartaigh sáruithe ar chearta an duine agus dochar don chomhshaol caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh agus cúiteamh a éileamh as damáistí a thagann chun cinn de bharr nár chomhlíon cuideachta na hoibleagáidí díchill chuí a eascraíonn as an Treoir seo, fiú i gcás nach dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh den sórt sin, rud a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh mar shampla i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta an dlí phríobháidigh nuair a dhéantar an damáiste i dtríú tír, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit leis an Treoir seo a áirithiú go bhfuil an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm go héigeantach i gcásanna nach dlí Ballstáit é an dlí is infheidhme maidir le héilimh ina leith sin.
- (62) Ba cheart an córas dliteanais shibhialta faoin Treoir a bheith gan dochar do Threoir 2004/35/CE maidir le Dliteanas Comhshaoil. Níor cheart don Treoir seo cosc a chur ar na Ballstáit oibleagáidí breise, oibleagáidí níos déine a fhorchur ar chuideachtaí nó bearta breise a ghlacadh ar shlí eile a bhfuil na cuspóirí céanna acu agus atá ag an Treoir sin.
- (63) I ndlíthe náisiúnta uile na mBallstát, tá dualgas cúraim ar na stiúrthóirí i leith na cuideachta. Chun a áirithiú go dtuigfear an dualgas ginearálta sin agus go gcuirfear i bhfeidhm é ar bhealach atá comhleanúnach agus comhsheasmhach leis na hoibleagáidí díchill chuí a thugtar isteach leis an Treoir seo agus go gcuirfidh stiúrthóirí gnéithe inbhuanaitheachta san áireamh go córasach ina gcinntí, ba cheart soiléiriú a dhéanamh leis an Treoir seo ar bhealach comhchuibhithe, maidir le dualgas ginearálta chúram na stiúrthóirí gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta, trína leagan síos go gcuirfidh na stiúrthóirí san áireamh na gnéithe inbhuanaitheachta dá dtagraítear i dTreoir 2013/34/AE, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, cearta an duine, an t-athrú aeráide agus tionchair ar an gcomhshaol, an gearrthearma, an meántearma agus an fadtearma san áireamh. Le soiléiriú den sórt sin ní gá struchtúir chorparáideacha náisiúnta atá ann cheana a athrú.
- (64) Ba cheart freagracht as dícheall cuí a shannadh do stiúrthóirí na cuideachta, i gcomhréir leis na creataí díchill chuí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart do stiúrthóirí a bheith freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht a dhéanamh orthu agus as beartas díchill chuí na cuideachta a ghlacadh, agus ionchur na bpáirtithe leasmhara agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta á chur san áireamh agus an dícheall cuí á chomhtháthú i gcórais bhainistíochta chorparáideacha. Ba cheart do stiúrthóirí an straitéis chorparáideach a oiriúnú freisin do thionchair iarbhir agus do thionchair fhéideartha a shainaithnítear agus aon bheart díchill chuí a dhéanamh.

- (65) Maidir le daoine a oibríonn i gcuideachtaí atá faoi réir oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo nó atá i dteagmháil leis na cuideachtaí sin i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre, féadfaidh ról lárnach a bheith acu maidir le sáruithe ar rialacha na Treorach seo a nochtadh. Dá bhrí sin, is féidir leo rannchuidiú le sáruithe den sórt sin a chosc agus a dhíspreagadh agus forfheidhmiú na Treorach seo a neartú. Ba cheart feidhm a bheith ag Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰⁶, dá bhrí sin, maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin.
- (66) Chun sonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis gur cheart do chuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe faoi na forálacha maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE a bheith ag déanamh cumarsáide maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le rialacha breise a chinneadh maidir le hinneachar agus critéir tuairiscithe den sórt sin, lena sonraítear faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, tionchair fhéideartha agus iarbhir agus bearta arna ndéanamh ina leith sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁰⁷. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmlichthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmlichthe.
- (67) Ba cheart an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais um chosaint sonraí agus an ceart ar chosaint príobháideachais agus sonraí pearsanta mar a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéantar de bhun na Treorach seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰⁸, lena n-áirítear na ceanglais maidir le teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí agus teorannú stórála.

¹⁰⁶ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

¹⁰⁷ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

¹⁰⁸ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

- (68) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰⁹ agus thug sé tuairim uaidh an ... 2022.
- (69) Tá an Treoir seo gan dochar d'oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghníomh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.
- (70) Ba cheart don Choimisiún measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart earnálacha nua a chur le liosta na n-earnálacha ardtionchair a chumhdaítear leis an Treoir seo, chun í a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, nó de bharr fianaise shoiléir a bheith ann maidir le dúshaothrú saothair, sáruithe ar chearta an duine nó bagairtí comhshaoil atá ag teacht chun cinn, ar cheart an liosta de choinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha dá dtagraítear sa Treoir seo a leasú, go háirithe i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta, nó ar cheart na forálacha maidir le dícheall cuí faoin Treoir seo a leathnú chun drochthionchair aeráide a chumhdach.
- (71) Ní féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó ar bhealach neamh-chomhordaithe, cuspóir na Treorach seo, eadhon leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair chun rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí dhrochthionchair fhéideartha nó drochthionchair iarbhir ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a chosc agus a mhaolú i slabhraí soláthair cuideachtaí, a ghnóthú go leordhóthanach ach de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na ngníomhaíochtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Go háirithe, tá gné thrasnáisiúnta ag roinnt le fadhbanna agus cúiseanna na bhfadhbanna sin, toisc go bhfuil cuid mhór cuideachtaí ag feidhmiú ar fud an Aontais nó ar fud an domhain agus go bhfuil slabhraí luacha leathnaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha. Ina theannta sin, tá an baol ann go mbeidh bearta na mBallstát aonair neamhéifeachtach agus go mbeidh ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

¹⁰⁹ Rialachán (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 295, 21.11.2001, lch. 39).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha
 - (a) i dtaca le hoibleagáidí ar chuideachtaí maidir le drochthionchair iarbhrí agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí, agus oibríochtaí an tslabhra luacha arna ndéanamh ag eintitis a bhfuil caidreamh gnó bunaithe ag an gcuideachta leo agus
 - (b) maidir le dliteanas i leith sáruithe ar na hoibleagáidí thuasluaite.

Déanfar athmheasúnú ar chineál na gcuidreamh gnó mar ‘chaidreamh bunaithe’ go tréimhsiúil, agus gach 12 mhí ar a laghad.
2. Ní bheidh an Treoir seo ina foras chun leibhéal cosanta chearta an duine nó chun cosaint an chomhshaoil a laghdú nó chun an aeráid a chosaint dá bhforáiltear le dlí na mBallstát tráth a nglacfar an Treoir seo.
3. Beidh an Treoir seo gan dochar d’oibleagáidí i réimsí chearta an duine, chosaint an chomhshaoil agus an athraithe aeráide faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais. Má thagann forálacha na Treorach seo salach ar fhoráil de ghníomh reachtach eile de chuid an Aontais a bhfuil na cuspóirí céanna á saothrú aige agus ina ndéantar foráil maidir le hoibleagáidí níos fairsinge nó níos sonraí, ba cheart forlámhas a bheith ag forálacha an ghníomh reachtaigh eile de chuid an Aontais ar feadh na coinbhleachta agus beidh feidhm acu maidir leis na hoibleagáidí sonracha sin.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht Ballstáit agus a chomhlíonann ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) bhí níos mó ná 500 fostaí ag an gcuideachta ar an meán agus bhí glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;
 - (b) níor shroich an cuideachta na tairseacha faoi phointe (a), ach bhí níos mó ná 250 fostaí aici ar an meán agus bhí glanláimhdeachas de níos mó ná EUR 40 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % den ghlánláimhdeachas sin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas:
 - (i) monarú teicstílí, leathair agus táirgí gaolmhara (lena n-áirítear coisbheart), agus trádáil mhórdhíola teicstílí, éadaí agus coisbhirt;

- (ii) talmhaíocht, foraoiseacht, iascach (lena n-áirítear dobharshaothrú), monarú táirgí bia, agus trádáil mhórdhiola amháibhar talmhaíochta, ainmhithe beo, adhmaid, bia agus deochanna;
 - (iii) eastóscadh acmhainní mianraí gan beann ar an áit as a n-eastósctar iad (lena n-áirítear peitríliam amh, gás nádúrtha, gual, lignít, miotail agus mianta miotail, chomh maith le gach mianra neamh-mhiotalach agus táirgí cairéil eile), monarú buntáirgí miotail, táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile agus táirgí miotail monaraithe (seachas innealra agus trealamh), agus trádáil mhórdhiola acmhainní mianraí, táirgí mianraí bunúsacha agus idirmheánacha (lena n-áirítear miotail agus mianta miotail, ábhair thógála, breoslaí, ceimiceáin agus táirgí idirmheánacha eile).
2. Beidh feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le cuideachtaí a fhoirmítear i gcomhréir le reachtaíocht tríú tír agus a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach;
 - (b) gineadh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 40 milliún ach nach mó ná EUR 150 milliún san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach, ar choinníoll gur gineadh ar a laghad 50 % dá ghlanláimhdeachas domhanda i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a liostaítear i mír 1, pointe (b).
 3. Chun críocha mhír 1, déanfar líon na bhfostaithe páirtaimseartha a ríomh ar bhonn coibhéis lánaimseartha. Déanfar oibrithe gníomhaireachta sealadacha a áireamh nuair a bheidh líon na bhfostaithe á ríomh amhail is dá mba oibrithe iad atá fostaithe go díreach ar feadh tréimhse chomhionann ama ag an gcuideachta.
 4. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1, is é an Ballstát ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta a bheidh inniúil ar ábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo a rialáil.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘cuideachta’ aon cheann díobh seo a leanas:

- (i) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁰;
- (ii) duine dlítheanach atá bunaithe i gcomhréir le dlí náisiúnta tríú tír i bhfoirm atá inchomparáide leis na foirmeacha a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II den Treoir sin;
- (iii) duine dlítheanach atá bunaithe mar cheann de na foirmeacha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2013/34/AE atá comhdhéanta go hiomlán de ghnóthais a eagraítear i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a thagann faoi phointí (i) agus (ii);
- (iv) gnóthas airgeadais rialáilte, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, ar
 - institiúid creidmheasa é mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹¹;
 - gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹²;
 - bainisteoir cistí infheistíochta malartacha (BCIM) mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (2), lena n-áirítear bainisteoir Euveca faoi Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹³, bainisteoir EuSEF faoi Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁴ agus bainisteoir ELTIF faoi Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁵;

¹¹⁰ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

¹¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

¹¹² Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margai in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

¹¹³ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 1).

¹¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 18).

¹¹⁵ Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98).

- gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (cuideachta bainistíochta (UCITS)) mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁶;
- gnóthas árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (1), de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁷;
- gnóthas atharachais mar a shainmhínítear in Airteagal 13, pointe (4), de Threoir 2009/138/CE;
- institiúid um chóir ar scor ceirde mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (6), de Threoir 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁸;
- institiúidí pinsin a oibríonn scéimeanna pinsin a mheastar a bheith ina scéimeanna slándála sóisialta a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹⁹ agus le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁰ mar aon le haon eintiteas dlítheanach a bhunaítear chun infheistíocht a dhéanamh i scéimeanna den sórt sin;
- ciste infheistíochta malartach (CIM) arna bhainistiú ag BCIM mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (b), de Threoir 2011/61/AE nó CIM arna mhaoirsiú faoin dlí náisiúnta is infheidhme;
- tá GCUI de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE;
- contrapháirtí lárnach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²¹;

¹¹⁶ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais i gcomhair comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

¹¹⁷ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

¹¹⁸ Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

¹¹⁹ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

¹²⁰ Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

¹²¹ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

- taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²²;
- meán sainchuspóireach árachais nó athárachais a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 211 de Threoir 2009/138/CE;
- ‘eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²³;
- cuideachta sealbhaíochta árachais mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (f), de Threoir 2009/138/CE nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (h), de Threoir 2009/138/CE, atá ina chuid de ghrúpa árachais atá faoi réir maoirseachta ar leibhéal an ghrúpa de bhun Airteagal 213 den Treoir sin agus nach bhfuil díolmhaithe ó mhaoirseacht ghrúpa de bhun Airteagal 214(2) de Threoir 2009/138/CE;
- institiúid íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (d), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁴;
- institiúid ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁵;
- soláthróir seirbhísí sluachistiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁶;

¹²² Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

¹²³ Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

¹²⁴ Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

¹²⁵ Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

- soláthróir seirbhísí cripteá-shócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (8), den [togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí i gcripteá-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937¹²⁷] i gcás ina soláthraíonn sé seirbhís cripteá-shócmhainní amháin nó níos mó mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (9), den [togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí i gcripteá-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937];
- (b) ciallaíonn ‘drochthionchar ar an gcomhshaol’ drochthionchar ar an gcomhshaol de thoradh sárú ar cheann de na toirmisc agus na hoibleagáidí de bhun na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid II;
- (c) ciallaíonn ‘drochthionchar ar chearta an duine’ drochthionchar ar dhaoine faoi chosaint de thoradh sárú ar cheann de na cearta nó na toirmisc a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 1, mar atá cumhdaithe sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta a liostaítear san Iarscríbhinn, Cuid I Roinn 2;
- (d) ciallaíonn ‘fochuideachta’ duine dlítheanach trína bhfeidhmítear gníomhaíocht ‘gnóthas rialaithe’ mar a shainmhínítear i bpointe (f) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁸;
- (e) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh le conraitheoir, le fochonraitheoir nó le haon eintiteas dlíthiúil eile (‘comhpháirtí’)
 - (i) a bhfuil comhaontú tráchtála ag an gcuideachta leis nó lena soláthraíonn an cuideachta maoiniú, árachas nó athárachas, nó
 - (ii) a dhéanann oibríochtaí gnó a bhaineann le táirgí nó seirbhísí na cuideachta don cuideachta nó thar a ceann;
- (f) ciallaíonn ‘caidreamh gnó bunaithe’ caidreamh gnó, bíodh sé díreach nó indíreach, atá marthanach, nó a mheastar a bheidh marthanach, i bhfianaise dhéine nó fhad an chaidrimh sin agus nach ach cuid dhiomaibhseach nó cuid choimhdeach den slabhra luacha é.

¹²⁶ Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).
COM/2020/593 final.

¹²⁷

¹²⁸ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuíbhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eistitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

- (g) ciallaíonn ‘slabhra luacha’ gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh earraí nó le soláthar seirbhísí ag cuideachta, lena n-áirítear forbairt an táirge nó na seirbhíse agus úsáid agus diúscairt an táirge mar aon leis na gníomhaíochtaí gaolmhara de chaidrimh ghnó bhunaithe na cuideachta atá réamhtheachtach agus iarteachtach. Maidir le cuideachtaí de réir bhrí phointe (a)(iv), ní áireofar le ‘slabhra luacha’ i ndáil le soláthar na seirbhísí sonracha sin ach gníomhaíochtaí na gcliant a fhaigheann iasacht, creidmheas agus seirbhísí airgeadais eile den sórt sin agus gníomhaíochtaí cuideachtaí eile de chuid an ghrúpa chéanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí nasctha leis an gconradh i dtrácht. Ní chumhdaíonn slabhra luacha na ngnóthas airgeadais rialáilte sin FBManna a fhaigheann iasacht, creidmheas, maoiniú, árachas nó athárachas na n-eintiteas sin;
- (h) ciallaíonn ‘fíorú neamhspleách tríú páirtí’ fíorú go gcomhlíonann cuideachta, nó codanna dá slabhra luacha, ceanglais maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol a eascraíonn as forálacha na Treorach seo, ar fíorú é a dhéanann iniúchóir atá neamhspleách ar an gcuideachta, atá saor ó aon choinbhleacht leasa, a bhfuil taithí agus inniúlacht aige in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cearta an duine agus atá cuntasach as cáilíocht agus iontaofacht an iniúchta;
- (i) ciallaíonn ‘FBM’ micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, nach cuid de mhórghrúpa é, mar a shainmhínítear na téarmaí sin in Airteagal 3(1), (2), (3) agus (7) de Threoir 2013/34/AE;
- (j) ciallaíonn ‘tionscnamh tionscail’ meascán de nósanna imeachta díchill chuí sa slabhra luacha deonacha, uirlisí agus sásraí, lena n-áirítear fíoruithe neamhspleácha tríú páirtí, arna bhforbairt agus arna maoirsiú ag rialtais, comhlachais tionscail nó grúpálacha d’eagraíochtaí leasmhara;
- (k) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air nó atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú aige ó chuideachta de réir bhrí phointe (a)(ii) gníomhú thar a ceann i ndáil le comhlíonadh oibleagáidí na cuideachta sin de bhun na Treorach seo;
- (l) ciallaíonn ‘drochthionchar tromchúiseach’ drochthionchar ar an gcomhshaol nó drochthionchar ar chearta an duine a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis de bharr a chineáil, nó a dhéanann difear do líon mór daoine nó do limistéar mór den chomhshaol, nó atá dochúlaithe, nó atá thar a bheith deacair a leigheas mar thoradh ar na bearta is gá chun an staid a bhí ann roimh an tionchar a athbhunú;
- (m) ciallaíonn ‘glanláimhdeachas’
 - (i) an ‘glanláimhdeachas’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Threoir 2013/34/AE; nó,

- (ii) i gcás ina gcuireann an chuideachta caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta i bhfeidhm arna nglacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁹ nó gur cuideachta í de réir bhrí phointe (a)(ii), an t-ioncam arna shainiú leis an gcreat tuairiscithe airgeadais, nó de réir bhrí an chreata tuairiscithe airgeadais ar ar a bhonn a ullmhaítear ráitis airgeadais na cuideachta;
- (n) ciallaíonn ‘páirtithe leasmhara’ fostaithe na cuideachta, fostaithe a fochuideachtaí, agus daoine aonair, grúpaí, pobail nó eintitis eile a ndéanann táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí na cuideachta sin, a fochuideachtaí agus a gcuidreamh gnó difear dá gcearta nó dá leasanna, nó a bhféadfadh difear a dhéanamh dóibh.
- (o) ciallaíonn ‘stiúrthóir’:
 - (i) aon chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cuideachta;
 - (ii) i gcás nach comhaltaí de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta cuideachta iad, an príomhoifigeach feidhmiúcháin agus, más ann dá leithéid d’fheidhm i gcuideachta, an leas-phríomhoifigeach feidhmiúcháin;
 - (iii) daoine eile a chomhlíonann feidhmeanna atá comhchosúil leis na feidhmeanna a chomhlíontar faoi phointe (i) nó faoi phointe (ii);
- (p) ciallaíonn ‘bord stiúrthóirí’ an comhlacht riaracháin nó maoirseachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú feidhmiúcháin na cuideachta, nó, mura bhfuil comhlacht den sórt sin ann, an duine nó na daoine a bhfuil feidhmeanna coibhéiseacha á gcomhlíonadh acu;
- (q) ciallaíonn ‘beart iomchuí’ beart atá in ann cuspóirí an díchill chuí a bhaint amach, i gcomhréir le déine agus dóchúlacht an drochthionchair, agus atá ar fáil go réasúnta don chuideachta, agus imthosca an cháis shonraigh á gcur san áireamh, lena n-áirítear saintréithe na hearnála eacnamaíche agus an chaidrimh ghnó ar leith agus tionchar na cuideachta air sin, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar tosaíocht don ghníomhaíocht.

Airteagal 4

Dícheall cuí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí dícheall cuí maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol mar a leagtar síos in Airteagal 5 go hAirteagal 11 (‘dícheall cuí’) trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

¹²⁹ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1).

- (a) dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais i gcomhréir le hAirteagal 5;
 - (b) drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 6;
 - (c) drochthionchair fhéideartha a chosc agus a mhaolú, agus deireadh a chur le drochthionchair iarbhír agus a méid a mhaolú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8;
 - (d) nós imeachta gearán a bhunú agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le hAirteagal 9;
 - (e) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeartais díchill chuí agus a mbeart díchill chuí i gcomhréir le hAirteagal 10;
 - (f) an dícheall cuí a chur in iúl go poiblí i gcomhréir le hAirteagal 11.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críocha díchill chuí, go bhfuil cuideachtaí i dteideal acmhainní agus faisnéis a chomhroinnt laistigh dá ngrúpaí cuideachtaí faoi seach agus le heintitis dhlíthiúla eile i gcomhréir leis an dlí iomaíochta is infheidhme.

Airteagal 5

An dícheall cuí a chomhtháthú i mbeartais cuideachtaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí an dícheall cuí a chomhtháthú ina mbeartais chorparáideacha go léir agus go mbeidh beartas díchill chuí i bhfeidhm acu. Beidh gach ceann de na nithe seo a leanas sa bheartas díchill chuí:
- (a) tuairisc ar chur chuige na cuideachta, lena n-áirítear a beartas san fhadtéarma, maidir le dícheall cuí;
 - (b) cód iompair ina dtugtar tuairisc ar rialacha agus ar phrionsabail atá le leanúint ag fostaithe agus ag fochuideachtaí na cuideachta;
 - (c) tuairisc ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun dícheall cuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a glacadh chun comhlíonadh an chóid iompair a fhíorú agus chun cur i bhfeidhm an chóid sin a leathnú chuig caidrimh ghnó sheanbhunaithe.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí a mbeartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta gach bliain.

Airteagal 6

Drochthionchair iarbhír agus fhéideartha a shainaithint

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a shainaithint, ar drochthionchair iad a eascraíonn as a n-oibríochtaí féin mar chuideachtaí nó as oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí luacha, as a gcuidrimh ghnó sheanbhunaithe, i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4.
2. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b), ach drochthionchair thromchúiseacha iarbhír

agus fhéideartha a bhaineann leis an earnáil faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) a shainaithint.

3. Nuair a dhéanann cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, ní dhéanfar drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a shainaithint ach amháin sula soláthrófar an tseirbhís sin.
4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun na drochthionchair dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cuideachtaí i dteideal úsáid a bhaint as acmhainní iomchuí, lena n-áirítear tuarascálacha neamhspleácha agus faisnéis a bhailítear tríd an nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 9. I gcás inarb ábhartha, rachaidh cuideachtaí i mbun comhairliúcháin le grúpaí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibrithe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun faisnéis a bhailiú maidir leis na drochthionchair iarbhír nó fhéideartha.

Airteagal 7

Drochthionchair fhéideartha a chosc

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol a shainaithnítear de bhun Airteagal 6 a chosc nó, i gcás nach féidir iad a chosc láithreach, a mhaolú go leordhóthanach i gcomhréir le mír 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo.
2. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:
 - (a) i gcás inar gá, i ngeall ar chineál nó ar chastacht na mbeart is gá maidir le cosc, plean gníomhaíochta coisctheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. Déanfar an plean gníomhaíochta um chosc a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;
 - (b) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó a bhfuil gaol díreach gnó aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 4;
 - (c) na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis agus sna bonneagair bhainistíochta nó táirgthe, chun mír 1 a chomhlíonadh;
 - (d) tacaíocht dhírithe chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta um chosc inmhathanacht an FBM i mbaol;

- (e) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach.
3. Maidir le drochthionchair fhéideartha nach bhféadfaí a chosc ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 2, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis, d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta um chosc a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 4.
4. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.
- Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.
5. Maidir le drochthionchair fhéideartha de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a chosc nó a mhaolú go leordhóthanach leis na bearta i míreanna 2, 3 agus 4, beidh sé de cheangal ar an gcuideachta staonadh ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí na gníomhaíochtaí seo a leanas:
- (a) caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a fhionraí go sealadach, agus iarrachtaí coisctheacha agus íoslaghdúcháin á saothrú ag an am céanna, má tá súil réasúnta ann go n-éireoidh leis na hiarrachtaí sin sa ghearrthéarma;
 - (b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann más mór an drochthionchar féideartha.
- Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.
6. De mhaolú ar mhír 5, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfaidh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

Airteagal 8

Drochthionchair iarbhír a thabhairt chun deiridh

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí bearta iomchuí chun drochthionchair iarbhír a sainaithníodh, nó ba cheart a bheith sainaitheanta, de bhun Airteagal 6 a thabhairt chun deiridh, i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo.
2. I gcás nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí méid an tionchair sin a íoslaghdú.
3. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na bearta seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha:
 - (a) an drochthionchar a neodrú nó a mhéid a íoslaghdú, lena n-áirítear trí dhamáistí a íoc leis na daoine lena mbaineann agus trí chúiteamh airgeadais a íoc leis na pobail lena mbaineann. Beidh an ghníomhaíocht comhréireach le suntasacht agus scála an drochthionchair agus leis an méid a chuir iompar na cuideachta leis an drochthionchar;
 - (b) i gcás inar gá, toisc nach féidir an drochthionchar a thabhairt chun deiridh láithreach, plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina mbeidh amlínte réasúnta atá sainithe go soiléir le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun feabhsú a thomhas. I gcás inarb ábhartha, déanfar an plean gníomhaíochta ceartaitheach a fhorbairt i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear;
 - (c) dearbhuithe conarthacha a lorg ó chomhpháirtí gnó a bhfuil caidreamh gnó díreach aige leis go n-áiritheoidh sé go gcomhlíonfar cód iompair na cuideachta agus, de réir mar is gá, plean gníomhaíochta um chosc, lena n-áirítear trí urrúis chonarthacha chomhfhreagracha a lorg óna chomhpháirtithe, a mhéid agus is cuid de shlabhra luacha na cuideachta iad a gcuid gníomhaíochtaí (cascáidiú conarthach). Nuair a fhaightear na dearbhuithe conarthacha sin, beidh feidhm ag mír 5.
 - (d) na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, amhail infheistíochtaí sna próisis agus sna bonneagair bhainistíochta nó táirgthe, chun míreanna 1, 2 agus 3 a chomhlíonadh;
 - (e) tacaíocht dhírithe chomhréireach a chur ar fáil do FBM a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe ag an gcuideachta leis, i gcás ina gcuirfeadh an chomhlíontacht leis an gcód iompair nó leis an bplean gníomhaíochta ceartaitheach inmharthanacht an FBM i mbaol;
 - (f) i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí na hiomaíochta, comhoibriú le heintitis eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cur le cumas na cuideachta deireadh a chur leis an drochthionchar, go háirithe i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile oiriúnach ná éifeachtach.
4. Maidir le drochthionchair iarbhír nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh ná a íoslaghdú go leordhóthanach leis na bearta i mír 3, féadfaidh an chuideachta iarracht a dhéanamh conradh a thabhairt i gcrích le comhpháirtí a bhfuil caidreamh indíreach aici leis,

d'fhonn an chomhlíontacht le cód iompair na cuideachta nó le plean gníomhaíochta ceartaitheach a bhaint amach. Nuair a thugtar conradh den sórt sin i gcrích, beidh feidhm ag mír 5.

5. Beidh na bearta iomchuí chun an chomhlíontacht a fhíorú ag gabháil leis na dearbhuithe conarthacha nó leis an gconradh. Chun comhlíontacht a fhíorú, féadfaidh an chuideachta tagairt a dhéanamh do thionscnaimh oiriúnacha de chuid an tionscail nó d'fhíorú neamhspleách tríú páirtí.

Nuair a fhaightear dearbhuithe conarthacha ó FBM, nó nuair a dhéantar conradh le FBM, beidh na téarmaí a úsáidfear cothrom, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. I gcás ina ndéantar bearta chun comhlíontacht a fhíorú i ndáil le FBManna, is í an chuideachta a íocfaidh as costas an fhíoraithe neamhspleách tríú páirtí.

6. Maidir le drochthionchair iarbhrí de réir bhrí mhír 1 nach bhféadfaí a thabhairt chun deiridh nó nach bhféadfaí a méid a íoslaghdú leis na bearta i míreanna 3, 4 agus 5, staonfaidh an chuideachta ó chaidreamh nua a dhéanamh leis an gcomhpháirtí nó ón gcaidreamh sin a leathnú leis an gcomhpháirtí ar eascair an tionchar sin ina leith nó sa slabhra luacha, i gcás ina bhfuil siad ina theideal de réir an dlí lena rialaítear a gcaidreamh, agus déanfaidh sí ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) an caidreamh tráchtála leis an gcomhpháirtí atá i gceist a chur ar fionraí go sealadach, agus iarrachtaí á saothrú chun deireadh a chur leis an drochthionchair nó chun méid an drochthionchair a íoslaghdú, nó
- (b) deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, má mheastar gur tionchar dian é an drochthionchar.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rogha a bheith ar fáil chun deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó i gconarthaí a rialaítear lena ndlíthe.

7. De mhaolú ar mhír 6, pointe (b), i gcás ina gcuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (a)(iv), creidmheas, iasacht nó seirbhísí airgeadais eile ar fáil, ní bheidh sé de cheangal orthu deireadh a chur leis an gconradh creidmheasa, iasachta nó conradh seirbhíse airgeadais eile nuair is féidir a bheith ag súil leis le réasún go ndéanfaidh sé sin dochar substaintiúil don eintiteas a bhfuil an tseirbhís sin á soláthar dó.

Airteagal 9

Nósanna imeachta gearán

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí an deis ar fáil do dhaoine agus d'eagraíochtaí atá liostaithe i mír 2 gearáin a chur faoina mbráid i gcás ina bhfuil inní dhlisteanach orthu maidir le drochthionchair iarbhrí nó fhéideartha ar chearta an duine agus drochthionchair ar an gcomhshaol i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus a slabhraí luacha.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh siad seo a leanas na gearáin a chur isteach:
 - (a) daoine dá ndéantar difear nó a bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu orthu,

- (b) ceardchumainn agus ionadaithe eile oibrithe a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine aonair a oibríonn sa slabhra luacha lena mbaineann,
 - (c) eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a bhaineann leis an slabhra luacha lena mbaineann.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na cuideachtaí nós imeachta chun déileáil leis na gearáin dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear nós imeachta nuair a mheasann an chuideachta go bhfuil an gearán gan bhunús, agus na hoibrithe agus na ceardchumainn ábhartha a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sin. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfuil bunús maith leis an ngearán, go measfar an drochthionchar is ábhar don ghearán a bheith sainaitheanta de réir bhrí Airteagal 6.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na gearánaithe i dteideal an mhéid a leanas:
- (a) obair leantach iomchuí a iarraidh ar an ngearán ón gcuideachta a bhfuil gearán curtha isteach aici léi de bhun mhír 1, agus
 - (b) bualadh le hionadaithe na cuideachta ar leibhéal cuí chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha atá ina n-ábhar don ghearán a phlé.

Airteagal 10

Faireachán

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí measúnuithe tréimhsiúla ar a n-oibríochtaí agus ar a mbearta féin, ar oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu le slabhraí luacha na cuideachta, ar oibríochtaí a gcaidrimh ghnó sheanbhunaithe, chun faireachán a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na bearta chun drochthionchair ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol a shainaithint, a chosc, a mhaolú agus a thabhairt chun deiridh agus a íoslaghdú. Beidh na measúnuithe sin bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar tháscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar iad gach 12 mhí ar a laghad agus aon uair a bheidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh rioscaí suntasacha nua teacht chun cinn maidir leis na drochthionchair sin a tharlú. Déanfar an beartas díchill chuí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le toradh na measúnuithe sin.

Airteagal 11

Cumarsáid a dhéanamh

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cuideachtaí nach bhfuil faoi réir ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 19a agus Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE tuarascáil ar na hábhair a chumhdaítear leis an Treoir seo trí ráiteas bliantúil a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin i dteanga is gnách a úsáid i réimse an ghnó idirnáisiúnta. Foilseofar an ráiteas faoin 30 Aibreán gach bliain, agus cumhdóidh sé an bhliain féilire roimhe sin.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 28 maidir le hinneachar agus critéir an tuairiscithe sin faoi mhír 1, lena sonrófar faisnéis maidir leis an tuairisc ar dhícheall cuí, drochthionchair fhéideartha agus iarbhír agus gníomhaíochtaí arna ndéanamh ina leith sin.

Airteagal 12

Clásail chonarthacha shamplacha

Chun tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun comhlíonadh Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 8(3), pointe (c) a éascú, glacfaidh an Coimisiún treoir maidir le clásail chonarthacha shamplacha dheonacha.

Airteagal 13

Treoirlínte

Chun tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí nó d'údaráis na mBallstát maidir leis an gcaoi ar cheart do chuideachtaí a n-oibleagáidí díchill chuí a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus i gcás inarb iomchuí le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil saineolas acu ar an dícheall cuí, treoirlínte a eisiúint, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh earnálacha sonracha nó maidir le drochthionchair shonracha.

Airteagal 14

Bearta tionlacain

1. Chun faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus do na comhpháirtithe a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe acu leo ina slabhraí luacha, déanfaidh na Ballstáit, ina n-iarrachtaí na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chomhlíonadh, suíomhanna gréasáin, ardáin nó tairseacha atá tiomnaithe go leithleach nó i gcomhpháirt a chur ar bun agus a oibriú. Tabharfar aird ar leith, i ndáil leis sin, ar na FBManna atá i láthair i slabhraí luacha cuideachtaí.
2. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna.
3. Féadfaidh an Coimisiún bearta tacaíochta na mBallstát a chomhlánú lena gcuirfear le gníomhaíocht an Aontais atá ann cheana chun tacú le dícheall cuí san Aontas agus i dtírú tíortha agus chun bearta nua a cheapadh, lena n-áirítear tionscnaimh chomhpháirteacha páirtithe leasmhara a éascú chun cabhrú le cuideachtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.
4. Féadfaidh cuideachtaí dul i muinín scéimeanna tionscail agus tionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara chun tacú le cur chun feidhme a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 den Treoir seo a mhéid is iomchuí na scéimeanna agus na tionscnaimh sin chun tacú le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit scaipeadh faisnéise maidir leis na scéimeanna nó na tionscnaimh sin, agus torthaí na scéimeanna nó na dtionscnaimh sin, a éascú. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoraíocht a eisiúint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na scéimeanna tionscail agus na dtionscnaimh lena mbaineann raon páirtithe leasmhara.

Airteagal 15

Dul i ngleic leis an athrú aeráide

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a) agus in Airteagal 2(2), pointe (a), plean a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil samhail ghnó agus straitéis na cuideachta comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Sainaithneofar leis an bplean sin, go háirithe, ar bhonn faisnéise atá ar fáil go réasúnach don chuideachta, a mhéid atá an t-athrú aeráide ina riosca nó ina thionchar ar oibríochtaí na cuideachta.
2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina sainaithnítear, nó inar cheart gur sainaithníodh, an t-athrú aeráide mar phríomh-riosca d'oibríochtaí na cuideachta nó mar phríomhthionchar ó na hoibríochtaí sin, go ndéanfaidh an chuideachta cuspóirí laghdaithe astaíochtaí a chur ina plean.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachtaí san áireamh go cuí comhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus luach saothair inathraithe á shocrú acu, má tá luach saothair inathraithe nasctha le rannchuidiú stiúrtóra le straitéis ghnó na cuideachta agus le leasanna fadtéarmacha agus inbhuanaitheacht na cuideachta.

Airteagal 16

Ionadaí údaraithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ainmneoidh gach cuideachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) duine dlítheanach nó nádúrtha mar a hionadaí údaraithe, atá bunaithe nó a bhfuil sainchónaí air i gceann de na Ballstáit ina n-oibríonn an chuideachta. Beidh an t-ainmniú bailí nuair a dheimhneofar gur ghlac an t-ionadaí údaraithe leis.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an ionadaí údaraithe in iúl d'údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar an ionadaí údaraithe nó ina bhfuil sé bunaithe. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé d'oibleagáid ar an ionadaí údaraithe cóip den ainmniú a sholáthar i dteanga oifigiúil Ballstáit, arna iarraidh sin, d'aon cheann de na húdaráis mhaoirseachta.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear in iúl d'údarás maoirseachta sa Bhallstát ina bhfuil sainchónaí ar an ionadaí údaraithe nó ina bhfuil sé bunaithe agus, i gcás nach ionann é, d'údarás maoirseachta sa Bhallstát inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais dheireanach gur cuideachta í an chuideachta de réir bhrí Airteagal 2(2).
4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh gach cuideachta de chumhacht dá ionadaí údaraithe cumarsáid a fháil ó údaráis mhaoirseachta maidir leis na hábhair uile is gá chun na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Beidh sé de cheangal ar chuideachtaí na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá a thabhairt dá n-ionadaí údaraithe chun dul i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta.

Airteagal 17

Údaráis Mhaoirseachta

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás maoirseachta amháin nó níos mó chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos i bhforálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagail 6 go 11 agus Airteagal 15(1) agus (2) ('údarás maoirseachta').
2. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), is é a bheidh san údarás maoirseachta inniúil údarás maoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil a hoifig chláraithe ag an gcuideachta.
3. Maidir leis na cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), is é a bheidh san údarás maoirseachta inniúil údarás maoirseachta an Bhallstáit ina bhfuil brainse ag an gcuideachta. Mura bhfuil brainse ag an gcuideachta in aon Bhallstát, nó mura bhfuil brainsí aici i mBallstáit éagsúla, is é údarás maoirseachta an Bhallstáit inar ghin an chuideachta an chuid is mó dá glanláimhdeachas san Aontas sa bhliain airgeadais roimh an dáta a luaitear in Airteagal 30 nó an dáta a chomhlíonann an chuideachta na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(2) den chéad uair a bheidh an t-údarás maoirseachta inniúil, cibé acu is déanaí.

Féadfaidh cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), ar bhonn athrú ar imthosca as a n-eascraíonn an chuid is mó dá láimhdeachas san Aontas i mBallstát eile, iarraidh chuí-réasúnaithe a dhéanamh chun an t-údarás maoirseachta atá inniúil ar ábhair a chumhdaítear sa Treoir seo a athrú i ndáil leis an gcuideachta sin.
4. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás maoirseachta amháin, áiritheoidh sé go saineofar inniúlachtaí faoi seach na n-údarás sin go soiléir agus go gcomhoibreoidh siad go dlúth agus go héifeachtach lena chéile.
5. Féadfaidh na Ballstáit na húdaráis a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnóthais airgeadais rialáilte mar údaráis mhaoirseachta freisin chun críocha na Treorach seo.
6. Faoi dáta a léirítear in Airteagal 30(1), pointe (a) cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi ainmneacha agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta arna n-ainmniú de bhun an Airteagail seo, mar aon lena n-inniúlachtaí faoi seach i gcás ina bhfuil roinnt údarás maoirseachta ainmnithe ann. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe a dhéanfar air.
7. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás maoirseachta ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin. Tabharfaidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta go rialta ar bhonn na faisnéise a gheofar ó na Ballstáit.
8. Ráthóidh na Ballstáit neamhspleáchas na n-údarás maoirseachta agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh siad féin agus gach duine a oibríonn dóibh nó a d'oibrigh dóibh agus iniúchóirí nó saineolaithe a bheidh ag gníomhú thar a gceann, a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus le hurraim chuí ar oibleagáidí na rúndachta gairmiúla. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-údarás neamhspleách go dlíthiúil agus go feidhmiúil ar na cuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo nó ar leasanna margaidh eile, go mbeidh a fhoireann agus na

daoine atá freagrach as a bhainistiú saor ó choinbhleachtaí leasa, faoi réir ceanglais rúndachta, agus go staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena ndualgais.

Airteagal 18

Cumhachtaí na n-údarás maoirseachta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis mhaoirseachta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Treoir seo a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht faisnéis a iarraidh agus imscrúduithe a dhéanamh maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo.
2. Féadfaidh údarás maoirseachta imscrúdú a thionscnamh uaidh féin nó mar thoradh ar ábhair imní chuí-réasúnaithe a cuireadh in iúl dó de bhun Airteagal 19, má mheasann sé go bhfuil faisnéis leordhóthanach aige lena léirítear gur sháraigh cuideachta na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo.
3. Déanfar cigireachtaí i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit ina ndéantar an chigireacht agus i gcomhréir le réamhrabhadh don chuideachta, ach amháin i gcás ina gcuirfidh an réamhfhógra sin bac ar éifeachtacht na cigireachta. I gcás inar mian le húdarás maoirseachta, mar chuid dá imscrúdú, cigireacht a dhéanamh ar chríoch Bhallstáit nach é a Bhallstát féin é, iarraidh sé cúnamh ar an údarás maoirseachta sa Bhallstát sin de bhun Airteagal 21(2).
4. Más rud é, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun mhír 1 agus mhír 2, go sainaithníonn údarás maoirseachta mainneachtain na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tréimhse iomchuí ama don chuideachta lena mbaineann chun gníomhaíocht feabhais a dhéanamh, má tá gníomhaíocht den sórt sin indéanta.

Le gníomh feabhais a dhéanamh, ní chuirtear bac ar smachtbhannaí riaracháin a fhorchur ná ar dhliteanas sibhialta a ghníomhachtú i gcás damáistí, i gcomhréir le hAirteagal 20 agus le hAirteagal 22, faoi seach.
5. Agus a gcúraimí á ndéanamh acu, beidh na cumhachtaí seo a leanas ar a laghad ag na húdaráis mhaoirseachta:
 - (a) a ordú go scoirfí de sháruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, go staonfaí ó aon athdhéanamh ar an iompar ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhaíocht feabhais atá comhréireach leis an sárú agus atá riachtanach chun an sárú a thabhairt chun deiridh;
 - (b) smachtbhannaí airgid a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 20;
 - (c) bearta eatramhacha a ghlacadh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach dholeasaithe a sheachaint.
6. I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit maidir smachtbhannaí riaracháin, féadfar an tAirteagal seo agus Airteagal 20 a chur chun feidhme sa chaoi is go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an smachtbhanna a thionscnamh agus go bhforchuirfidh cúirteanna náisiúnta inniúla é, agus é á áirithiú acu go mbeidh na

leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu ar na smachtbhannaí riaracháin a fhorchuirfidh na húdaráis mhaoirseachta.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach leigheas éifeachtach breithiúnach a fháil in aghaidh cinneadh ó údarás maoirseachta a bhaineann leis an duine sin agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

Airteagal 19

Ábhair inní chuí-réasúnaithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha i dteideal ábhair inní chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid aon údaráis mhaoirseachta i gcás ina bhfuil cúiseanna acu lena chreidiúint, ar bhonn imthosca oibiachtúla, nach bhfuil cuideachta i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo ('ábhair inní shuntasacha').
2. I gcás ina dtagann ábhar inní cuí-réasúnaithe faoi inniúlacht údaráis mhaoirseachta eile, déanfaidh an t-údarás a fhaigheann an t-ábhar inní é a tharchur chuig an údarás sin.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis mhaoirseachta measúnú ar na hábhair inní chuí-réasúnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfeidhmeoidh siad a gcumhachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 18.
4. Déanfaidh an t-údarás maoirseachta, a luaithe is féidir agus i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais, an duine dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an eolas faoi thoradh an mheasúnaithe ar a ábhar inní cuí-réasúnaithe agus soláthróidh sé an réasúnú chuige sin.
5. Na daoine a chuireann isteach ábhar inní cuí-réasúnaithe de réir an Airteagail seo agus a bhfuil, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, leas dlisteanach acu san ábhar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain acu ar chúirt nó ar chomhlacht poiblí neamhchlaonta eile atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht nós imeachta agus shubstainteach chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomh an údaráis mhaoirseachta.

Airteagal 20

Smachtbhannaí

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
2. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur agus, má tá, nuair atá cineál agus leibhéal iomchuí na smachtbhannaí á gcinneadh, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírithe

arna soláthar de bhun Airteagail 7 agus 8, chomh maith le comhar le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ina slabhraí luacha, de réir mar a bheidh.

3. Nuair a fhorchuirfear smachtbhannaí airgid, beidh siad bunaithe ar láimhdeachas na cuideachta.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar aon chinneadh de chuid na n-údarás maoirseachta ina bhfuil smachtbhannaí a bhaineann le sárú fhorálacha na Treorach seo.

Airteagal 21

Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta

1. Bunóidh an Coimisiún Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, ina mbeidh ionadaithe ó na húdaráis mhaoirseachta. Éascóidh an Líonra comhar na n-údarás maoirseachta agus comhordú agus ailíniú cleachtas rialála, imscrúdaitheacha, smachtbhannaí agus maoirseachta na n-údarás maoirseachta agus, de réir mar is iomchuí, comhroinnt faisnéise eatarthu.

Féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt do ghníomhaireachtaí an Aontais a bhfuil saineolas ábhartha acu sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo dul isteach i Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta.

2. Tabharfaidh údaráis mhaoirseachta faisnéis ábhartha agus cúnamh frithpháirteach dá chéile agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus cuirfidh siad bearta i bhfeidhm ar mhaithe le comhar éifeachtach a bhaint amach lena chéile. Áireofar le cúnamh frithpháirteach comhoibriú d'fhonn na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18 a fheidhmiú, lena n-áirítear maidir le cigireachtaí agus iarrataí ar fhaisnéis.
3. Déanfaidh na húdaráis mhaoirseachta na bearta iomchuí uile is gá chun iarraidh ar chúnamh ó údarás maoirseachta eile a fhreagairt agus déanfar é sin gan aon mhoill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná aon mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Féadfar a áireamh sna bearta sin, go háirithe, faisnéis ábhartha a tharchur maidir le himscrúdú a dhéanamh.
4. Cuimseofar san iarraidh ar chúnamh gach faisnéis is gá, lena n-áirítear cuspóir na hiarrata agus na cúiseanna atá léi. Ní bhainfidh údaráis mhaoirseachta úsáid as an bhfaisnéis a fhaightear trí iarraidh ar chúnamh ach amháin chun na críche ar iarradh í.
5. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta iarrtha an t-údarás maoirseachta iarrthach ar an eolas faoi thorthaí na mbeart nó, de réir mar a bheidh, faoin dul chun cinn maidir leis na bearta atá le déanamh chun freagairt don iarraidh.
6. Ní ghearrfaidh údaráis mhaoirseachta táillí ar a chéile as gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanfar de bhun iarraidh ar chúnamh.

Féadfaidh údaráis mhaoirseachta rialacha a chomhaontú le chéile, áfach, le go slánóidh údaráis mhaoirseachta eile iad maidir le caiteachas sonrach a éiríonn as cúnamh a sholáthar i gcásanna eisceachtúla.

7. Cuirfidh an t-údarás maoirseachta atá inniúil de bhun Airteagal 17(3) Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta ar an eolas faoin méid sin agus faoi aon iarraidh an t-údarás inniúil maoirseachta a athrú.
8. Nuair atá amhras ann maidir le sannadh na hinniúlachta, déanfar an fhaisnéis ar a bhfuil an sannadh sin bunaithe a roinnt le Líonra Eorpach na nÚdarás Maoirseachta, rud a d'fhéadfadh iarrachtaí a chomhordú chun teacht ar réiteach.

Airteagal 22

Dliteanas sibhialta

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cuideachtaí faoi dhliteanas i leith damáistí más rud é:
 - (a) gur mhainnigh siad na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 a chomhlíonadh agus;
 - (b) mar thoradh ar an mainneachtain sin, gur tharla drochthionchar ba cheart a shainaithint, a chosc, a íoslaghdú, a thabhairt chun deiridh nó a mhéid a mhaolú leis na bearta iomchuí a leagtar síos in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 agus a raibh damáiste mar thoradh air.
2. D'ainneoin mhír 1, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearna cuideachta na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointe (b) agus Airteagal 7(4), nó Airteagal 8(3), pointe (c), agus Airteagal 8(5), nach mbeidh sí faoi dhliteanas as damáistí arb é is cúis leo drochthionchar a thagann chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí comhpháirtí indíriú a bhfuil caidreamh gnó seanbhunaithe aige leis, mura rud é go raibh sé míréasúnach, in imthosca an cháis, a bheith ag súil gur leor an ghníomhaíocht a rinneadh iarbhír, lena n-áirítear maidir le comhlíonadh, chun drochthionchar a chosc, a mhaolú nó a laghdú.
 Agus measúnú á dhéanamh an ann do dhliteanas agus ar mhéid an dliteanais faoin mír seo, tabharfar aird chuí ar iarrachtaí na cuideachta, a mhéid a bhaineann siad go díreach leis an damáiste atá i gceist, aon ghníomhaíocht feabhais a éilíonn údarás maoirseachta orthu a chomhlíonadh, aon infheistíochtaí a rinneadh agus aon tacaíocht spriocdhírthe arna soláthar de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 8, chomh maith le haon chomhoibriú le heintitis eile chun aghaidh a thabhairt ar dhrochthionchair ar a slabhraí luacha.
3. Beidh dliteanas sibhialta cuideachta i leith damáistí a eascraíonn faoin bhforáil seo gan dochar do dhliteanas sibhialta a fochuideachtaí nó aon chomhpháirtí gnó díreach nó indíreach sa slabhra luacha.
4. Beidh na rialacha maidir le dliteanas sibhialta faoin Treoir seo gan dochar do rialacha an Aontais nó do rialacha náisiúnta maidir le dliteanas sibhialta a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine nó le drochthionchair ar an gcomhshaol lena bhforáiltear do dhliteanas i gcásanna nach gcumhdaítear le dliteanas níos déine ná an Treoir seo nó nach bhforáiltear dóibh maidir le dliteanas níos déine.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm shainordaitheach sáraitheach ag an dliteanas dá bhforáiltear i bhforálacha an dlí náisiúnta lena dtrasúitear an tAirteagal seo i gcásanna nach é dlí Ballstáit an dlí is infheidhme maidir le héilimh chuige sin.

Airteagal 23

Sáruithe a thuairisciú agus cosaint daoine a dhéanann tuairisciú

Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2019/1937 maidir le gach sárú ar an Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin.

Airteagal 24

Tacaíocht phoiblí

Áiritheoidh na Ballstáit go ndeimhneoidh cuideachtaí a dhéanann iarratas ar thacaíocht phoiblí nár forchuireadh aon smachtbhannaí orthu as mainneachtain oibleagáidí na Treorach seo a chomhlíonadh.

Airteagal 25

Dualgas cúraim na stiúrthóirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus a ndualgas chun gníomhú ar mhaithe le leas na cuideachta á chomhlíonadh acu, go gcuirfidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) san áireamh iarmhairtí a gcinntí maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, cearta an duine, an t-athrú aeráide agus iarmhairtí ar an gcomhshaol, lena n-áirítear sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm freisin ag a ndlíthe, a rialacháin agus a bhforálacha riaracháin lena bhforáiltear do shárú ar dhualgais stiúrthóirí maidir le forálacha an Airteagail seo.

Airteagal 26

Dícheall cuí a chur ar bun agus a mhaoirsiú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh stiúrthóirí cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) freagrach as na gníomhaíochtaí díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur ar bun agus as maoirseacht a dhéanamh orthu, agus go háirithe an beartas díchill chuí dá dtagraítear in Airteagal 5, agus aird chuí á tabhairt ar ionchur ábhartha ó gheallsealbhoirí agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tabharfaidh na stiúrthóirí tuarascáil ina leith sin don bhord stiúrthóirí.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh stiúrthóirí bearta chun an straitéis chorparáideach a oiriúnú chun na drochthionchair iarbhir agus fhéideartha arna sainaithint de bhun Airteagal 6 agus aon bhearta arna ndéanamh de bhun Airteagal 7 go hAirteagal 9 a chur san áireamh.

Airteagal 27

Leasú ar Threoir (AE) 2019/1937

I bPointe E.2 de Chuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) Uimh. 2019/1937, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(vi) [Treoir... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937⁺]

Airteagal 28

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 11 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlahtar de bhun Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’’

Airteagal 29

Athbhreithniú

Faoin [*OP: cuir isteach an dáta = 7 bliana tar éis teacht i bhfeidhm na Treorach*] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir agus dáta na Treorach atá i ndoiciméad... agus cuir isteach tagairt IO na Treorach sin san fhonóta.

cur chun feidhme na Treorach seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar éifeachtacht na Treorach seo maidir lena cuspóirí a bhaint amach agus déanfar measúnú ar na saincheisteanna seo a leanas:

- (a) an gá na tairseacha maidir le líon na bhfostaithe agus glanláimhdeachas a leagtar síos in Airteagal 2(1) a ísliú;
- (b) an gá liosta na n-earnálacha in Airteagal 2(1), pointe (b) a athrú, lena n-áirítear chun é a ailíniú le treoir ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;
- (c) an gá an Iarscríbhinn a mhodhnú, lena n-áirítear i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta
- (d) ar cheart Airteagal 4 go hAirteagal 14 a leathnú amach chun drochthionchair aeráide a chumhdach.

Airteagal 30

Trasuí

1. Glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit, faoin... [*IO le cur isteach: 2 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm mar a leanas:

- (a) ón... [*IO chun an méid seo a leanas a chur isteach: 2 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), agus Airteagal 2(2), pointe (a);
- (b) ón... [*IO chun an méid seo a leanas a chur isteach: 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] a mhéid a bhaineann le cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), agus Airteagal 2(2), pointe (b).

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 31

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 32

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*